L.O. 1292

# STAIDÉAR TÉAMÚIL AR AN nGRÁ COLLAÍ I SAOTHAIR NA SCRÍBHNEOIRÍ COMHAIMSEARTHA

PÁDRAIG BREATHNACH

PÁDRAIG STANDÚN

PÁDRAIG Ó CÍOBHÁIN

le

CAITLÍN UÍ ANLUAIN, O.S.,B.OID.,A.T.G.,

Miontráchtas curtha faoi bhráid Roinn na Nua-Ghaeilge,
Coláiste Phádraig, Máigh Nuad, mar chomhlíonadh
ar chuid de choinníollacha na Céime M.A., Iúil,
1994

## ADMHÁLACHA

Táim faoi mhórchomaoin ag na daoine seo a leanas a chabhraigh go fial liom agus an taighde seo á dhéanamh agam.

Mo bhuíochas don Ollamh, An Dochtúir Ruairí Ó hUiginn a thug cead dom tabhairt faoin saothar seo.

Gabhaim buíochas ó chroí leis An Dochtúir Tadhg Ó Dúshláine a stiúraigh an obair ó thús deireadh agus a dháil idir chomhairle is am go fial, flaithiúil orm.

Gabhaim buíochas chomh maith leis an triúr údar, Pádraig Breathnach, Pádraig Standún agus Pádraig Ó Cíobháin a d'fhreagair ceisteanna dom go toilteanach agus le fonn.

CLÁR


Admhálacha ............................ i

Clár .................................. ii

Achoimre .............................. iii

Noda .................................. v

CAIBIDLÍ

1. Stair an ghrá i Litríocht na Gaeilge . 1

2. Saothair Phádraig Bhreathnaigh ...... 19

3. Saothair Phádraig Standún ........... 63

4. Saothair Phádraig Uí Chíobháin ...... 91

5. Toradh ar Cheistiúchán ar na hÚdair .. 120

Conclúidí Ginearálta ón Anailís ar
Shaothair na n-Údar Roghnaithe ......... 141

Tagairtí .............................. 145

Leabharliosta ......................... 147

# ACHOIMRE

Séard atá fúm a dhéanamh sa mhiontráchtas seo ná ábhar an ghrá chollaí a ríomh is a iniúchadh trí staidéar téamúil ar shaothair na n-údar comhaimseartha seo;

Pádraig Breathnach,

Pádraig Standún,

Pádraig Ó Cíobháin.

Agus é de phríomh aidhm agam anailís chuimsitheach a dhéanamh, leanaim gach snáth de théama an ghrá trí na saothair uilig ó thús deireadh. I gcaibidil oscailte an tráchtais, tá cur síos agam ar stair an ghrá i litríocht na Gaeilge ón 8ú haois amach. Caibidil í seo a léiríonn nach coincheap úrnua é an grá sa litríocht. Tá fianaise láidir ann a chruthaíonn go raibh spiorad, fantaisíocht, tíriúlacht agus greann Raibiléiseach sa litríocht ón tús. Taobh istigh de chaibidil 2, 3 agus 4 tá beachtú déanta agam ar an téama agus plé ar ionramháil an ábhair leis an triúr údar roghnaithe. Séard atá i gcaibidil 5 ná toradh ar cheistiúchán a chuireas ar na húdair. Fuaireas eolas leathan spéisiúil uathu, a chabhraigh go mór liom a theacht

i dtuiscint ar mheon agus dearcadh na scríbhneoirí i leith a gcuid saothair. Sa chonclúid ghinearálta nochtaim an tuiscint a tháinig chugam ón scagadh a rinne mé ar an ábhar. Tharraing mé conclúidí ar leith i dtaobh ionramháil ábhar, buanna, lochtanna, cúrsaí stíle agus foclóra agus rinne measúnacht ar chonas mar a éiríonn leis na húdair.

## NODA

| | |
|---|---|
| BA | Bean Aonair agus Scéalta Eile |
| BP | Buicéad Poitín agus Scéalta Eile |
| LA | An Lánúin agus Scéalta Eile |
| DLD | Na Déithe Luachmhara Deiridh |
| LF | Lilí agus Fraoch |
| ANT | Ar na Tamhnacha |
| IOS | Íosla agus Scéalta Eile |
| SLB | Súil le Breith |
| AD | A.D. 2016 |
| C | Cíocras |
| AIN | An t-Ainmhí |
| CM | Cion Mná |
| ANTRA | Na hAntraipeologicals |
| LG | Le Gealaigh |
| GFC | An Grá Faoi Cheilt |
| GLL | An Gealas i Lár na Léithe |

# CAIBIDIL 1

## STAIR AN GHRÁ I LITRÍOCHT NA GAEILGE

Is feiniméan é an grá a bhí ann ó thús aimsire agus a bheidh ann go brách. Is beag rud nach n-athraíonn ó aois go haois, ach, maidir leis an ngrá, is é an t-eispéireas céanna i gcónaí é, cé gur eispéireas ilghnéitheach é.

Ní choincheap úrnua é téama an ghrá i litríocht na Gaeilge. Faightear tagairtí don téama seo chomh fada siar leis an 8ú haois sna sean-scéalta agus sna mór-shágaí. Bíonn saoirse le tabhairt faoi deara i litríocht na Moch Ghaeilge i dtaobh cúrsaí gnéis a lua.[1] Is dealraitheach nach raibh aon áit don phiúratánachas i litríocht na Moch Ghaeilge.

Tagann an sága 'Aisling Oenghusa' anuas chugainn ón 8ú haois. Téama an-choitianta sna sean-scéalta Ceilteacha is ea an duine a fheiceann ainnir álainn i mbrionglóid, a thiteann i ngrá léi agus a théann á cuardach ar fud an domhain nó go bhfaigheann sé í.[2] Bhí Oenghus Mac an Dághdha ag meathlú le dhá bhliain de bharr grá neamhmheasartha a thabhairt

do chailín álainn. Caer Iubharmheith, iníon Eathail Anbhuail as Sí Uamhain i gCríoch Connacht, ab ainm don chailín. Tháinig sí chuige i mbrionglóid, ach d'imigh sí gan focal agus fágadh Oenghus faoi ghalar an ghrá, é cráite buartha. Ní sos ná faoiseamh dá laghad a fuair Oenghus gur casadh ar a chéile arís iad, faoi dheireadh, agus í i bhfoirm eala.

Sa 13ú haois a cumadh scéal Eisirt agus é bunaithe ar mhór-shága an 8ú haois faoi Fhearghus Mac Léide, Rí Uladh. Banríon drúisiúil ba ea Bébhó, banchéile Iubhdán, Rí na Leipreachán. Bhí Bébhó ina bantiarna ar Thuatha Luachra agus Luprachán. Theastaigh comhriachtain ó Fhearghus Mac Léide le Bébhó. Sa leagan Mheán-Ghaeilge den scéal, tarlaíonn eachtra gnéis eatarthu agus tugtar léiriú an-soiléir ar chúrsaí collaí eatarthu.

Is léir go raibh eolas maith ag Éigse na nGael sa 15ú haois ar an tSraith Artúrach. Is amhlaidh a bhíodar ullamh riamh is i gcónaí chun ábhar a thaitin leo a ghlacadh ón iasacht agus ábhar dúchasach a chur mar chomaoin air. Tá gnáth-chreatlach na hArtúraíochta, mar a thug na Normannaigh leo go dtí an tír seo, le feiscint is le haithint ar an scéal rómánsúil, Eachtra Mhelora agus Orlando.[3] Ní fios cé a chum nó cathain a cumadh é. Cuireadh

cúl Artúrach le buntéama an scéil. Is ionann snáithe an scéil seo agus d'aon eachtra amháin den iomad eachtraí as ar cuireadh le chéile 'Orlando Furioso', leis an bhfile Eadáileach, Ariosto. Is féidir tréithe a leanúint siar trí scéalta an Bhuird Chruinn go foinsí Ceilteacha. Sa leagan Gaeilge, bhí iníon álainn aontumha, darbh ainm Melora ag Cing Artúr. Bhí mac darbh ainm Orlando, ag Gustabhus, Rí na Teasaile. Tháinig sé go Dúnadh an Halla Dheirg. D'ordaigh Artúr áit is ionad dó ag an mBord Cruinn. Is ag Orlando a bhí bua gach cluiche agus bhí a cháilíocht ag méadú in aghaidh an lae. Thit Melora i ngrá leis agus rinneadar comhcheangal grá le chéile. Ach, d'imigh Orlando go Foraois na nIongnadh. Fágadh in uaimh chaol chumhang dhorcha é gan chumhacht urlabhra, de bharr dhraíocht Mherlin. Bhí Melora ag iarraidh furtacht agus fuaslagadh a fháil dá seirc agus dá síorghrádh dh'fhearaibh an bheatha, Mac Rí na Teasaile. In ainm an ghrá, chuaigh sí i riocht ridire ar thóir na trí rud a scaoilfeadh ó ghéibheann é.

Scéal Fraincíse i véarsaíocht, a cumadh um dheireadh an 12ú haois ba ea an Roman de Guilliam de Palerne. Sa chéad leath den 16ú haois bhí leagan próis den scéal i mBéarla i gcló. Aistríodh go nua-Ghaeilge

é faoin teideal Eachtra Uilliam. Cuireadh cruth fíor-Ghaelach ar an scéal. Mac Rí na Gréige ba ea Uilliam. Bhí iníon álainn aontumha ag Rí na Róimhe. Melior an t-ainm a bhí uirthi. Thit siad i ngrá le chéile. Crádh Melior le galar an ghrá. An grá marfach a bhuail í. Ní sos nó faoiseamh a fuair ceachtar acu, go dtí gur chomhlíon siad a gcuid grá dá chéile. D'fhulaing siad gach cruatan in ainm an ghrá. Bhíodh sé de nós ag leannáin teitheadh óna lucht géarleanúna agus imeacht trí fhoraoisí agus coillte agus áiteacha iargúlta. A leithéid a tharla i gcás Uilliam agus a ghrá álainn Melior. Tar éis gach a thit amach, agus le cabhair an mhactíre shéimh, tháinig rath ar an ngrá, faoi dheireadh. Pósadh Uilliam agus Melior agus saolaíodh beith mhac dóibh.

I lámhscríbhinn a thagann anuas chugainn ó 1769, tá scéal darbh ainm ' The Romance of Mis and Dubh Ruis '.[1] Ba Bhandia í Mis, ar dtús, a bhain leis an Ré Mhiotaseolaíoch. Thug sí a hainm do Shliabh Mis i gCiarraí. Iníon í le Rí daonna, Dáire Mór Dhóidgheal sa scéal seo agus éiríonn sí ina geilt-ghlan, de bharr bhás a hathar. Teitheann sí go Sliabh Mis, i mbarántacht Chlainne Muiris, taobh le Trá Lí, áit a bhfásann clúmh agus fionnadh

uirthi agus sceimhlíonn sí 'chuile dhuine thart uirthi. Is é Dubh Ruis, cruitire ceolbhinn Fheidhlim Mhic Criofain, Rí Mumhan, a mheallann ar ais go dea-shláinte í, ar dtús lena chuid ceoil agus ansin trí chomhriachtain a bheith eatarthu. Tuigeadh do Dhubh Ruis go raibh leigheas iontach sa ghrá. Chuir Mis an-dúil ar fad sa ghníomh collaí. Tar éis dóibh cúpla mí a bheith caite acu ag luí le chéile, d'imigh an gealtachas agus bhí Mis i mbarr a sláinte arís. D'imigh Mis abhaile le Dubh Ruis ansin, pósadh iad, thug sí ceathrar clainne dó agus mhair siad go sona sasta le fada an lá, go dtí gur maraíodh Dubh Ruis. Is dealraitheach gur luibh leighis a bhí sa ghrá collaí i gcás na bangeilte, Mis.

> "Óir do tuigeadh dó dá bhfaghadh luí léi agus feis léi go mba mhaith an módh nó an meán docum a thabhairt chum a céille nó chum a réasúin nádúrtha é".

An scéal is iomráití a tháinig anuas chugainn ó Shraith na Féinne ná Toraigheacht Dhiarmada agus Ghráinne. 'Sé mórthéama na Toraigheachta ná tragóid an chailín óig atá geallta le seanfhear, agus an choinbhleacht idir phaisiún agus dualghas. Sa chás seo is é an bás an praghas a éilíonn an grá. Scéal

comhthreomhar leis is ea scéal Dheirdre. Is é foinse liteartha na Toraíochta ná scéal ón 10ú haois 'Aithed Gráinne ingine Corbmaic la Diarmait ua nDuibni'.
Ba mhóitíf thragóideach i litríocht na Sean-Ghaeilge an grá neamhdhlisteanach. I scéal Dheirdre agus Naoise feictear eilimintí den chaismirt thragóideach. I scéal Liadain agus Cuirthir, feictear an streachailt idir ghrá agus choinsias. I scéal Dhiarmada agus Gráinne tá eilimint sa bhreis den tragóid ann, sé sin go bhfuil cion ar leith ag Diarmuid ar an bhfear céile, Finn, cé go n-imríonn seisean feall air. Scéal laoch a thógann beanchéile a chara agus a rí é scéal Dhiarmada agus Ghráinne. Bíonn Diarmuid gearrtha amach ó cheangailt daonna, dá bharr. Leantar iad, cosúil le hainmhithe fiáine. Cónaíonn siad sa bhforaois, ach ni chuireann cruatan nó easpa isteach orthu, le neart grá eatarthu. Tá ball seirce ag Diarmuid agus géilleann 'chuile bhean dó, dá bharr. Chomh luath is a fheiceann Gráinne an ball seirce titeann sí i ngrá leis. Cuireann sí Diarmuid faoi gheasa imeacht léi agus í a mhealladh ón a fear céile, Finn. Tá sí faoi dhraíocht ag an mball seirce agus Diarmuid faoi gheasa aici. Ní mór dóibh araon géilleadh dá gcinniúint. Tagann siad faoi thionchar osnádúrtha. Níl aon dul as. Ba mhóitíf

Cheilteach í an gheis. Cuireann Gráinne gach cathú ar Dhiarmuid i gcúrsaí gnéis agus deir sí gur meatachán ceart é. Géilleann sé di faoi dheireadh.

" As ann sin do-roinne Diarmaid déad-sholuis
Ó Duibhne bean do Ghráinne, ar ttús ".[5]

I ndeireadh na dála, faigheann Diarmuid bás de bharr chealg Fhinn.

Is dealraitheach gur tháinig scéal Tristan agus Iosoilde anuas ó shean scéal Gaelach, Aithed. Cruthaíonn na heilimintí Ceilteacha sna leaganacha is luaithe de scéal Tristan gur bunús Ceilteach a bhí leis. [6] Bhí neart as an ngnáth ag na Fianna agus ba iad eachtraí móra a bhain leo. Is incomparáide leo Tristan agus a chuid eachtraí. Tá na cáilíochtaí uile aige a ligfeadh isteach sa bhFian é. Chum scríbhneoir ón bhFrainc scéal Tristan agus Iosoilde ón Aithed Ceilteach Diarmuid agus Gráinne. Ba ghné de litríocht na Fraince an grá neamhdhleathach, chomh maith. An cineál grá a thug vasáilleach do bhean a mháistir a bhíodh i gceist. Is téama é a thagann isteach go minic in amhráin na Troubadours. I gcás adhaltranais, cuireadh mná chun báis. Is sa bhforaois a loinnigh síos na leannáin, Tristan agus Iosoilde agus iad ag teitheadh. Faigheann siad bia agus dídean sa bhfásach ón dúlra doicheallach.

Le blianta táid gearrtha amach ón domhan mór. I saol na foraoise feicimid an bhaint atá acu le leannaín na sean scéalta Ceilteacha. I scéal Tristan is é an díneach grá a chuireann air éalú. Níl aon locht orthu faoin deoch dhraíochta a ól. Is é an fear céile a thugann a bheansa don stróinséar agus is é a leannán a fhaigheann ar ais í níos déanaí sa mhór-shága tragóideach seo.

Is é Leabhar Dhéan an Leasa Mhóir an lámh-scríbhinn is sine dá bhfuil dán grá le fáil inti. Ach, téann traidisiún na ndánta grá agus cleachtadh na healaíne seo níos faide siar ná an 16ú haois. Ba iad na Normannaigh a sheol isteach chugainn ón Eoraip ábhar agus foirmeacha na ndánta grá.[7] Ba idir na blianta 1400 agus 1650 a cumadh roinnt mhaith de na hamhráin is mó le rá. I bProvans na Fraince is ea a chéadphréamhaigh an litríocht nua grá, an amour courtois. Ón 13ú haois ní raibh aon teorainn le nua-ghluaiseacht liteartha an ghrá. Ar ndóigh, mhuscail an chuid is éadroime den amhránaíocht ghrá suim na Normannach.

Sa 14ú haois, is túisce a chloisimid trácht ar dhán grá cúirtéiseach a bheith á cheapadh sa Ghaeilge. Is é Gearóid Iarla a chum filíocht de chineál an amour courtois sa Ghaeilge don chéad

uair. Dar le Seán Ó Tuama, is é " Mairg adeir olc ris na Mnáibh " le Gearóid Iarla, an dán is sine is eol dúinn. Ní dán grá i ndairíre, ach dán cosanta na mban ar lucht a gcáinte, é.

" Mairg adeir olc ris na mnáibh,
bheith dá n-éagnach ní dháil chruinn;
a bhfuaradar do ghuth riamh
dom aithne ní hiad do thuill.

Binn a mbriathra, gasta a nglór,
Aicme rerab mór mo bháidh;
a gcáineadh is mairg nár loc;
mairg adeir olc ris na mnáibh."

File a mhair sa chéad leath den 17ú haois ba ea Cearbhall Ó Dálaigh. Cuireadh dán cáiliúil leis, " A Mhacalla Dheas ", i gcló sa bhliain 1831. Aithris ar dhánta mhacalla na hIodáile a bhí ann. Téama an ghrá, den chuid is mó, a phléití sa 'mhacalla'.

" A mhac-alla dheas,
duit ós feas a lán,
créad, a ghlórach ghrinn,
do-bheir sinn dár gcrádh --- Grádh. "

Sa bhliain 1893 a d'fhoilsigh Dúghlas de hÍde 'Abhráin Grádh Chúige Connacht', leabhar go raibh tionchar do-chreidte aige ar athbheochan liteartha

na hÉireann. I measc na ndánta cáiliúla ann bhí 'Úna Bhán', 'Múirnín na Gruaige Báine' agus 'Bean an Fhir Ruaidh'. Is follasach nach raibh aon easpa léiriú ar théama an ghrá sa litríocht Ghaelach ón 8ú haois amach.

Bhí scríbhneoirí na hAthbheochana ag déileáil le téama an ghrá ó thús, ach ba léiriú rómánsúil, fiú leanbaí a rinneadh air. Cé go bhfuil litríocht na hAthbheochana saibhir ó thaobh téamaí de, ach ó thaobh téama an ghrá agus téama na collaíochta is daibhir í an litríocht. Níor láimhseáileadh an téama seo go hoscailte ó thús an chéid amach go dtí na seachtóidí. Níor cheadaíodh tagairtí oscailte do chúrsaí gnéis. Ar dtús, d'fhan na húdair glan ar shlad an phaisiúin chollaí. An tuairim a bhí i réim ná gur baois bheag rómánsúil a bhí ann mar ghrá. Bhí maoithneachas ar fud na saothar uilig. Bhí maoithneachas chomh maith sna saothair Gaeltachta. Léiríodh pictiúr idéalach den Ghaeltacht agus dá muintir. Mothú aoibhneach, neamhurchóideach, soineanta a bhí sa ghrá.

Sa bhliain 1932 a scríobh Barra Ó Caochlaigh úrscéal a bhuaigh duais na Roinne Oideachais. Úrscéal eachtraíochta a bhí ann agus sampla de Ghaeilge nádúrtha na cathrach. Bhí iarracht den réadachas

ag baint leis. Ach tá comhtharluithe do-chreidte ag rith tríd. I dtús an scéil castar an cailín beag bríomhar, Gobnait, ar phríomhcharachtar an scéil, ar an trá. Níos déanaí, nuair a fhilleann sé ó Londain, is i dtigh Ghobnait a lonnaíonn sé síos, ar lóistín. Titeann sé i ngrá le Gobnait ach ní thugtar aon léiriú soiléir ar a gcuid mothúchán dá chéile, tríd an scéil. Luaitear an grá, ach ní dhéantar aon fhorbairt dá laghad ar an téama seo ó thús deireadh an leabhair.

Sa bhliain 1945 scríobh Nóra Ní Shéaghdha 'Peats na Baintreabhaighe'. Is sampla thar cionn an t-úrscéal seo den saghas áirithe úrscéal a bhí á scríobh go raidhsiúil ó thús na fichidí go lár na gcaogaidí. B'shin tréimhse ina raibh an t-úrscéal éadrom rómánsúil in airde láin.[8] Tá maoithneachas le tabhairt faoi deara ar gach leathnach leamh den leabhar seo. Is dearcadh idéalaíoch, áiféiseach, bréige a léirítear ann. Ní tharlaíonn aon eachtra ann, gur fiú a lua. Ní dhéantar caidreamh sásúil idir dhaoine. Ní fhaightear ach spléachadh ar intinn Pheaits, nó Cáit Aindí nó Nuala. Ní thagann forbairt ar na carachtair ann ó thús deireadh. Ó thaobh cúrsaí grá de, is dearcadh bog rómánsúil a bhíonn i gceist. Is dócha gur tháinig rath ar an ngrá

rómánsúil ann i ndeireadh na dála. Ach níl spiorad ná meanma i bPeats ná i gCáit Aindí, ach oiread. Is do-chreidte, áiféiseach an tslí ina gcastar Peats agus Nuala ar a chéile ar dtús agus iarann sí air í a phósadh. Níl plota inchreidte ann, i ndairíre níl plota ann gur fiú trácht air.

Glactar leis go coitianta gur ceannródaí ba ea Pádraic Ó Conaire i scríbhneoireacht chruth-aitheach na Gaeilge agus i gcúrsaí theoiric na litríochta i dtaca le litríocht nua aoiseach i nGaeilge. Is léir go raibh sé faoi thionchar litríocht na hEorpa. Bhí cuid mhaith de litríocht na Rúisíse agus na Fraince léite aige agus tháinig sé faoi anáil na mór-údar, Dostoyevski, Tolstoi, Turgenev, Gorki, Maupassant agus Balzac. Cé go raibh lucht na hAthbheochana ag teagasc réabhlóide i gcúrsaí cultúir, bhí dearcadh cúng, piúratánach, coimeádach ag a mbunáite ar an saol i gcoitinne, agus go háirithe ar chúrsaí creidimh, móráltachta, sóisialta agus nósmhaireachta. Bhí sé d'aidhm ag Ó Conaire an dearcadh seo a bhí ag cuid mhaith dá lucht comhaimseartha a shárú. Thuig sé go maith gurb é an duine féin "tobar gach feasa agus ithir gach iontais". Chreid sé go láidir i bhfírinne na healaíne. Mar a dúirt sé ina aiste cháiliúil

'Seanlitríocht na nGael agus Nualitríocht na hEorpa', " Lorgaigí an fhírinne agus nuair a bhíos sí faighte agaibh, ná cuireadh aon ní faitíos oraibh a nochtadh. Ná staonaigí. Ná stríocaigí."

Scríobh Pádraic Ó Conaire cnuasach gearrscéalta dar teideal 'An Chéad Chloch' sa bhliain 1914. Scéal cumasach ann is ea 'Teatrarc na Gaililí', scéal ina bhfuil an drúis agus ainmhian na colainne ina mhórthéama tríd. Bhí Hearod faoi gheasa ag an ngrá neamhdhleathach a thug sé do Shalome. Ní raibh sé in ann é féin a shaoradh ón ngrá sin cé gur thuig sé go mhillfeadh an grá é sa deireadh. An tsaint is an dúil sa bhean do-fhaighte ba chúis leis an mbuaireamh ar fad.I gcnuasach Uí Chonaire dar teideal 'Seacht mBua an Éirí Amach', tá scéal amháin a dhéileálann leis an ngrá. Sa scéal seo, 'M'Fhile Caol Dubh' feictear fear mealltach, file, a chuireann na mná uilig faoi gheasa. Bhí clú agus cáil ar an mBúrcach Dubh i gcúrsaí ban. Cladhaire amach is amach ba ea é. Bean phósta, gan chlann páiste agus í tuirseach dá fear céile, ba ea Eibhlín. Thit Eibhlín i ngrá leis an bhfile, ach mearghrá a bhí i gceist. Laoch ba ea é, dar léi, agus í meallta ar fad leis. Is dearcadh maoithneach rómánsúil atá ag an mbean seo agus cé go luann sí dúil is

paisiún , is léir nach ndéantar beart de réir briathar. Is scéal neamhréalaíoch amach is amach é ina dtuigeann fear céile Eibhlíne go bhfuil a bhean meallta go hiomlán le fear eile ach ní thagann easaontas dá laghad eatarthu, dá bharr, gné den scéal atá do-chreidte. I ndeireadh na dála fágtar í gan a file agus nimh ina croí dó. Is dealraitheach go raibh Ó Conaire ag scríobh faoi anáil rómánsachais an 19ú haois.

Tá saothar Uí Chadhain iltéamach ach fanann sé glan amach ar shlad an phaisiúin chollaí freisin. Cé go dtugann naoi gcinn de na scéalta sa bhailiúchán 'An Braon Broghach' léargas dúinn ar intinn na mban, is fíor annamh a dheantar tagairt oscailte do chúrsaí collaí iontu. Pléitear an grá, ach is í an mháthair ghrámhar a bhíonn i gceist aige go minic. Tá an Cadhnach tógtha suas le fad-fhulaingt na mban agus an t-anró is an cruatan is an síor stracadh leis an saol. Ní dhéanann sé ionramháil ar dhearcadh na mban i gcúrsaí gnéis, ná ar a gcuid mothúchán i dtaobh na collaíochta.

Tháinig aibiúlacht áirithe i saothair na Gaeilge tar éis an dara cogaidh domhanda. Agus Pádraig Ua Maoileáin ag scríobh ins na seascaidí léirigh sé an grá faoi chuma na gaiscíochta i

gcás an fhir agus faoi chuma na torthúlachta i gcás na mná. Cuirtear an-bhéim ar an torthúlacht ina shaothar ' Bríde Bhán '. Léirítear an fear ann mar laoch pobail. Tá béim ar mheafar agus ar dheiscríobh a chuireann torthúlacht in iúl. Úsáidtear an t-ainm an ' Stail Aduaidh ', ainm a chuireann torthúlacht in iúl. Is é sin an t-aon fhear amháin gur fiú luí leis, dar le Bríd. Tá na fir eile sa cheantar lán de ghaiscíocht cainte, ach, i gcás na Staile, déanann sé beart de réir briathar. Tá structúr na sochaí á cheistiú ag an údar agus comhbhá ann le cás na mban.

Ó ré na hAthbheochana anuas go dtí na seachtóidí ní féidir a áiteamh gur téama tábhachtach ag aon scríbhneoir próis an grá gnéasach. Rinne Pádraic Ó Conaire iarracht an grá collaí a árdú mar théama i gcúpla gearrscéal dá chuid, ach ba lag iarracht a bhí i gceist sa mhéid nár thagair sé go hoscailte don ghníomh gnéis iontu. Bhí rómánsachas an 19ú haois ann fós ach díbríodh é sin le teacht na réabhlóide gnéasaí ar an bhfód sna seascaidí. Tháinig aibiúlacht úr i saothrú na Gaeilge, go mór mhór i gcás an ghrá mar ábhar scéalaíochta. Agus na seachtóidí i réim feictear go raibh an litríocht ag druidim i dtreo na réaltachta sóisialta. Is dealraitheach gur thuig

na scríbhneoirí go raibh sé thar am dúshlán na sean aimsire a thabhairt agus an maoithneachas a mhalartú le réalachas an tsaoil. Tugadh deis dóibh freisin inniúlacht na Gaeilge a chruthú trína gcuid saothair, agus a thaispeáint gur féidir saol iomlán a chaitheamh trí mheán na Gaeilge sna bailte móra, sna cathracha agus go ginearálta taobh amuigh den Ghaeltacht. Bhí dúshlán freisin i nuaíocht an ábhair agus deis réimse for-leathan na mothúchán a ríomh agus a iniúchadh i slí nach ndearnadh riamh ó thús na hAthbheochana.

An oscailteacht aigne atá ann inniu, i gcúrsaí litríochta, is oscailteacht í atá ceadaithe de dheasca réabhlóid ghnéasach a thitim amach. Séard is brí le réabhlóid ná próiséas a thosaíonn mall go leor ach ansin, ag pointe áirithe, bristear an nasc leis an am atá caite agus tagann cruth úrnua ar chúrsaí dá réir. Dar le Rinzema,[9] " The Sexual Revolution is not an isolated happening. It is a very special form of a very sweeping development. Life is changing fast at all levels of our society, and sexual morality is only one of many territories that are affected by the process. "

Le tríocha bliain anuas ta mór-athruithe tagtha ar shaol sóisialta na hÉireann. Tá an saol ag athrú go tapaidh ar gach leibhéal den tsochaí. Is léir

gur tharla réabhlóid ghnéasúil sna seascaidí. Baineann tréithe áirithe leis an réabhlóid sin. Labhraítear go hoscailte faoi chúrsaí gnéis anois. Déantar dearmad ar an tabú a bhain leis an ábhar,tráth. Ní shéantar an dúil sa ghnéas a thuilleadh. Tugtar spreagadh do chách, idir heitrighnéasaigh agus homaighnéasaigh, daoine pósta agus daoine neamh-phósta, taithí shásúil a lorg is a aimsiú. Ní ghlactar leis an mhóráltacht thraidisiúnta a thuilleadh. Aithnítear gur ceart agus gur ceadmhach do 'chuile dhuine é féin a chomhlíonadh de réir a chlaonta is a nádúr féin. Ar ndóigh, bhí tionchar nach beag ag an réabhlóid ar iompar daoine agus ar a ndearcadh. Cothaíodh saoirse ón ngeis. Fáiltíodh roimh athruithe i gcaighdeáin mhóráltachta. Osclaíodh aigne an duine le bheith fulangach i dtaobh fadhbanna, m.sh., stádas an homaighnéasaigh. Tosaíodh ar chaint i bhfad níos oscailte ar chúrsaí collaí. Glacadh le plé ionraic ar ábhar fíor-dhaonna, an chollaíocht. Is féidir a rá go bhfuil an réabhlóid ghnéasach ina cúlra agus ina cúis leis an oscailteacht aigne atá léirithe sa scríbhneoireacht nua aoiseach.

Ba rí-léir chomh maith, go raibh scríbhneoirí i dteagmháil níos dlúithe le litríocht na linne i dtíortha eile. Léirigh Diarmaid Ó Súilleabháin anáil nua na Fraince agus an úrscéil idirnáisiúnta

ar a shaothar. [10] Tá rian an nua aoiseachais le haithint ar 'Caoin Tú Féin'. Úrscéal é ina chleachtaíonn sé ciútaí nua inste agus macallaí na cuimhne le léiriú conas mar ar milleadh pósadh na lánúine sa scéal. Bhí na hochtóidí níos torthúla ná riamh maidir le líon agus le héagsúlacht na n-úrscéalta a cuireadh ar fáil. Ní raibh smut den leisce ar Ó Súilleabháin nó ar Bhreandán Ó hEithir, mar shampla, an grá collaí a scrúdú go mion taobh istigh dá gcuid saothar.

Is é príomh aidhm agam sa mhiontráchtas seo an grá collaí a ríomh is a iniúchadh. Chuige sin rinne mé beachtú ar na téamaí a bhaineann leis an gcollaíocht i saothair na n-údar seo a leanas : Pádraic Breathnach, Pádraig Standún agus Pádraig Ó Cíobháin. Roghnaigh mé an triúr seo mar is eol dom go bhfuil lear mór scéalta acu uilig ina bhfuil tábhacht ar leith ag baint le téama an ghrá iontu. Tuigtear dom go bhfuil na húdair seo in ann an nasc leis an am atá caite a choinneáil agus go bhfuil ar a gcumas spiorad, fantaisíocht agus greann Raibiléiseach na litríochta luaithe a choimeád beo.

# CAIBIDIL 2

## SAOTHAIR PHÁDRAIG BHREATHNAIGH

| | |
|---|---|
| Bean Aonair agus Scéalta Eile | 1974 |
| Buicéad Poitín agus Scéalta Eile | 1978 |
| An Lánúin agus Scéalta Eile | 1979 |
| Na Déithe Luachmhara Deiridh | 1980 |
| Lilí agus Fraoch | 1983 |
| Ar na Tamhnacha | 1987 |
| Íosla agus Scéalta Eile | 1992 |

BEAN AONAIR AGUS SCÉALTA EILE

Fíonn an t-údar snátha éagsúla de théama an ghrá isteach sa leabhar seo. Ina measc atá:

1. An bhean a fhágtar seasc
2. An grá gan chúiteamh
3. An leannán dofhála
4. An fhantaisíocht i gcúrsaí grá

Sa teideal scéal 'Bean Aonair', is duine í Siobhán a fheiceann an saol mar áit bhrónach. Níl taithí aici ar an áthas. Ní chreideann sí san áthas. Tá fear ag teastáil go géar uaithi. Airíonn sí bearna mhór ina saol agus í cráite lena banúlacht féin agus , ar ndóigh, leis an mbantracht i gcoitinne. Tá Siobhán an-bhuartha go mbeidh sí tréigthe, fágtha arís, mar a tharla cheana. Ní fiú dada gan ghrá.Is leath-dhuine í gan chomhluadar fir. Bíonn sí éadmhar faoi mhná óga a phósann. Níl ach fíor bheagán eolais aici ar Pheadar agus cé go bhfuil sí ag súil le rath a theacht ar an gcaidreamh, tá sí toilteanach glacadh le pé cinniúint atá i ndán di. Tá sí ró-umhal, gan móran muiníne aici aisti féin. Cé go bhfuil a neamhspleáchas aici, lena teach féin, lena carr, srl., b'fhearr léi a bheith spleách ar fhear. Tá an grá máthartha inti chomh maith

agus an dúil sa ghiniúint. Ach tá a domhan lán de léan agus de bhriseadh croí. Airíonn sí nach bean chomhlíonta í, gan chlann páistí. Is coincheap den ghrá í sin a shamhlaítear le mná, sé sin, an spleáchas ar fhear agus gan a bheith comhlíonta gan chúram clainne. Tá codarsnacht ghlan idir an carachtar seo, Siobhán, agus na mná i ngearrscéalta Uí Chadhain. Bíonn an Cadhnach tógtha suas leis an mháthair gur mó léi a clann agus a leas ná a leas féin. Grá na seilbhe a bhíonn i gceist aige agus an phian ghéar a thagann nuair a chaithfidh an mháthair a clann a scaoileadh uaithi. Fadfhulaingt, cruatan, anró, ganntanas agus easpa a bhíonn i gceist agus an tsíorsclábhaíocht is an síor sracadh leis an saol. Bíonn coimhthíos ag baint leis an gcleamhnas aige. Uaireanta bíonn ceannasaíocht i gceist agus an bhean ina ceann ar an teaghlach. Seasann cás Shiobháin anseo do fhad fhulaingt na mban i gcúrsaí grá. Is bean í atá ar thóir an ghrá ach tá sí scanraithe go bhfágfar ina haonarán seasc uaigneach í.

I gcás an chailín Deirdre, a phóstar sa scéal 'Bainis', ní mó ná sásta atá sí a bheith i dtuilleamaí ar fhear amháin as san amach. Bean óg aerach í a phós feirmeoir ón a ceantar féin,

fear darbh ainm Tomás. Fiú ar lá a bpósta, d'airigh sí folúntas ina beatha. Ní hé fear a brionglóidí é Tomás, ach tá Deirdre ag súil le páiste agus ní mór di glacadh le réalachas an tsaoil. Ní thugtar aon leid dúinn go dtiocfaidh rath ar an ngrá seo ach oiread.

Bíonn compánach nó céile de dhíth ar dhaoine. Easpa grá a ghoilleann ar dhaoine. Sa scéal 'An Tráthnóna Seo' castar fear óg orainn atá buartha toisc a leannán, Máire, a bheith i bhfad uaidh. Is cumha agus brón atá air, dá bharr. An grá gan chúiteamh atá á chrá.

Mhothaigh an deoraí, Séamus, gurbh é an grá an ghné ba thábhachtaí den saol agus, ar ndóigh, an t-aon rud a bhí uaidh go géar agus é ag filleadh ar a dhúchas. Bhí a chuid de shaibhreas agus d'airgead bailithe ag Séamus thall i Sasana tar éis dó a bheith spríonlaithe leis , ach thabharfadh sé an uile phingin uaidh ar aon ní amháin, an grá a aimsiú ina shaol.

Sa scéal 'Seanathair' tá mac ag smaoineamh siar ar shaol a athar ach níl sé in ann an gníomh gnéis a shamhailt faoi. Deacracht é sin a bhíonn ag daoine, cúrsaí collaí a shamhailt i leith a dtuismitheoirí féin.

Carachtair aon-ghnéitheacha iad na mná i saol Sheáinín Sheáin. Nuair a shamhlaítear comhluadar ban dó ní smaoiníonn sé ach amháin ar na gnéithe fisiciúla agus an grá collaí a roinneann sé leo. Cheap sé go mbeadh 'chuile chailín sásta cur suas leis, ach thóg sé cailín óg teaspach a bhí ag rince leis, le teaspáint dó gur chreid sí nach raibh ann ach cábóg amach is amach ón bportach. Chuir sí d'iachall air an saol a fheiceáil faoi léargas nua.

Sna scéalta 'Bean Lóistín' agus 'Gealt Gnéis' is í an fhantaisíocht ghlan atá i gceist. Tá dreach soineanta, neamhurchóideach ar an ngrá atá iontu araon. Bíonn an bhean lóistín, atá ina cailleach cheart, ag súil le gníomh gnéis leis an lóistéir óg. Níl réalachas ag baint leis an scéal. Sa scéal 'Gealt Gnéis' castar fear óg orainn atá an-tógtha lena chuid smaointe agus brionglóidí ar na mná. Bíonn sé ag titim i ngrá , de shíor. Ach, ar ndóigh, níl aon dochar ann.

Conclúid : Is le tuiscint agus le híogaireacht a láimhseáileann an Breathnach téama na seascachta i gcás Shiobháin sa scéal 'Bean Aonair'. Ní grá rathúil a léirítear sa bhailiúchán seo. Is daoine iad na príomhcharachtair a airíonn easpa dhoimhin grá ina saoil agus a athraíonn ina n-aonaráin chráite,

dá bharr. Bíonn an easpa grá ina chúis faoin gcoimhthíos a mhothaítear.

---

BUICÉAD POITÍN AGUS SCÉALTA EILE

Tá an-éagsúlacht sa láimhseáil a dhéantar ar théama an ghrá sa bhailiúchán seo. I measc na ngnéithe den téama a scrúdaítear atá:

1. Mór imní faoin seascacht
2. Neamhurchóid, éiginnteacht agus scanradh i gcúrsaí collaí.
3. Eagla roimh ghalar a chuirfeadh isteach ar an bhfearúlacht.
4. An cathú i gcúrsaí grá. An tarraingt ghnéasach a tharlaíonn de sheans agus daoine súgach.
5. An grá rathúil, comhlíonta, a loitear le cinniúint an tsaoil.

Léiríonn an t-údar an tuiscint agus an comhbhá atá aige le cás na mban sa scéal 'I gCoinne Coinne'. Bhí coinne ag Nóra Ní Chasaide le fear i gCathair Luimní, ach bhí sí corraithe buartha go mbeadh "an tseascacht úafásach d'fhágfadh a broinn gan chorraí" i ndán di. Ba scéin léi féin an chríonnacht. Ar an mbealach, bhí sí ag brionglóidí ar a fear óg, Proteus. Nuair a chonaic sí cúpla óg snaidhmthe

ina chéile, d'airigh sí a críonnacht á crá níos mó. Bhí easpa féin-mhuinín ag goilliúint uirthi, chomh maith, í amhrasach go mbeadh a leithéid d'fhear óg slachtmhar ag cur spéise inti agus í ní ba shine ná é agus í gan a bheith ró-ghalánta, ach an oiread. Ag druidim ar Ostán Chrúis bhí a croí ag preabadh agus í neirbhíseach agus ar bís. D'fhan sí uair a chloig ar Phroteus ach theip air teacht. Ní raibh fiú eolas a shloinne aici. Bhí sí toilteanach glacadh leis, luath nó mall, ach é a theacht. Bean aonair ar thóir an ghrá í Nóra anseo, bean a thuig nach mbeadh mórán deiseanna aici an grá a aimsiú agus í scanraithe, dá bharr.

Sa scéal 'Oíche i bPigalle' castar fear óg soineanta orainn a thug cuairt ar Pháras agus a bhlaisigh atmaisféar agus suarachas an tsaoil i gcearnóg Phigalle. Fear an-dúilí sa ghnéas é, ach tá sé scanraithe roimh anuaisleacht na cathrach agus brocamas an tsaoil agus, ar ndóigh, gairm an striapachais. Leaid óg é atá go mór faoi adhastar ag a chuid tógála féin agus cúrsaí reiligiúin. Creideann go mbeidh sé damnaithe go brách má bhlaiseann sé an méid atá ar thairiscint anseo. Éiginnteacht agus náire ba mhó a chuir isteach air agus a choinnigh siar ó na tithe striapachais é, cé go raibh sé

ar bís agus an-spreagtha ag na cailíní óga a thug cuireadh go hoscailte dó ag 'chuile chúinne. D'airigh sé é féin a bheith idir dhá chomhairle. Bhí diamhracht agus tarraingt ag baint leis na striapacha, ach chaill sé a mhisneach ag an nóiméad deireanach.
Bhí sé an-bhuartha go n-aithneofaí é agus é ar thóir craicinn. Bhí na cailíní óga an-mhealIacach go deo. Bean, gléasta i gculaith leathair, a spreag é don pheaca marfach, beagnach. Ach, nuair a thréigh a dhúil é, bhí áthas air a bheith fós ina mhaighdean. Dúil, náire agus imní a chuir isteach air ag an am céanna. Spreag na hirisí gáirsiúla, gnéasúla arís chun gnímh é ag deireadh na hoíche nuair a bheartaigh sé sochrú síos sa lóistín don oíche.
Tá amhras, neamhchinnteacht agus aonarachas sa scéal seo, chomh maith.

Sa scéal 'Páis', tá fear pósta, Cathal, an-bhuartha go deo go bhfuil galar nimhneach na hailse sna magairlí aige, galar a chuirfeadh deireadh lena fhearúlacht. Airíonn sé faitíos agus scanradh roimh chailliúint na fearúlachta. I ndoirceacht na hoíche samhlaítear dó go bhfágfar ina choillteán é agus é an-chorraithe nach mbeidh sé in ann a bhean a shásamh a thuilleadh nó clann páistí a ghiniúint.
Tá pian ag cur isteach air ach ní insíonn

sé an scéal dá bhean. Ní dhéanfaidh sé amhlaidh go dtí go mbeidh fíor-ghá leis. B'fhearr leis an bás féin ná an coilleadh. Grá folláin rathúil atá eatarthu anseo, ach tugtar le fios gur féidir athrú tapaidh a theacht ar chúrsaí má chailltear an tsláinte. Saibhreas atá sa ghrá agus sa tsláinte, chomh maith.

Is é buntéama don scéal 'Mórdháil' ná an géilleadh don chathú i gcúrsaí gnéis is féidir a theacht in atmaisféar neamh-chúramach an óil. Agus Máire, Bean an Ollaimh Uí Bhroin i láthair ag seimineár tábhachtach de chuid na hOllscoile, tharraing sí aird an Ollaimh Dugdale uirthi. Stán sé uirthi, tháinig sé chuici, é á faire go santach. Thosaigh ag tagairt go hoscailte dá scéimh is dá banúlacht. Níor nocht Máire go raibh sí pósta. Ar dtús, d'airigh sí gur spéis dó í, ach ní fada go bhfaca sí gur cluanaire ceart a bhí ann. Bhíodar ag labhairt go hoscailte ar chúrsaí gnéis ar feadh tamaillín agus é ar bís aici agus paisean na drúise ag borradh inti, chomh maith. Nuair a laghdaigh an phóit bhí déistin orthu araon faoin gcaint fhánach ar an ngnéas. D'airigh sé go raibh sé ina amadán ceart agus ba fhuath léi an t-ostán is an drabhlás agus baois an duine.

Sa scéal 'Mórthaisme' cuireann an chinniúint deireadh leis an ngrá álainn rathúil. Lánúin óg

iad Mairtín agus Regina a bhí ag réiteach go h-an mhaith lena chéile agus iad breá sásta leis an saol. Bhí grá agus tuiscint dhoimhin eatarthu. De bharr mór-thaisme fágadh Regina marbh agus iad ag taisteal trí Chonamara de shiúl na gcos. Is fo-théama sa scéal cás an bhaitsiléara a casadh orthu sa phub, fear a chuir an-spéis i Regina, é faoi gheasa aici. Is léir go raibh céile uaidh go práinneach agus gur airigh sé a aois ina chonstaic mhór.

Conclúid: I dtrí scéal sa bhailiúchán seo tá an scanradh ceangailte leis an ngrá. Tá scanradh ann nach mbeidh grá i ndán do dhuine, scanradh roimh ghalar a loitfidh an grá, scanradh roimh an éiginnteacht i gcúrsaí collaí. Aonarachas agus coimhthíos a airíonn duine nuair nach n-éiríonn leis an grá a aimsiú ina shaol. Fiú nuair a bhíonn caidreamh cuíosach sásúil idir dhaoine, éiríonn siad neamhchúramach ar ócáidí agus téann siad sa seans maidir le cúrsaí gnéis, fiú nuair a bhíonn contúirt ann go millfidh siad pé grá atá ina saoil. Chomh fada is a théann fadhb na seascachta, léiríonn an t-údar níos mó comhbhá i gcás na mban ná mar a léiríonn sé i gcás na bhfear. Cé go dtuigeann sé go mbíonn an tseascacht ag goilliúint ar na fir freisin is i slí ghreannmhar mhagúil a dhéileálann sé le cás an bhaitsiléara mheánaosta.

Ní bhíonn in aon ní ach seal agus is go fíor sciоptha gur féidir leis an tóin titim amach as an saol orainne, mar is léir ón gcruachás i saoil Chathail agus Dhoireann agus arís i saoil Mhairtín agus Regina.

Airím go bhfuil níos mó comhbhá ag an údar do chás na mban. Dá bhrí sin, tugtar léargas níos iomláine ar réimse mothúchán na mban. Is ionramháil ghreannmhar, spóirtiúil a dhéanann sé ar ábhar an fhir a fhágtar seasc , ach ní théann sé go doimhin isteach i ngréasán smaointe an fhir.

---

## AN LÁNÚIN AGUS SCÉALTA EILE

Sa bhailiúchán seo 'An Lánúin', léirítear chomh hilghnéitheach is atá téama an ghrá collaí i scríbhneoireacht an Bhreathnaigh. Scrúdaítear na gnéithe seo den chollaíocht taobh istigh de ocht scéalta sa leabhar.

1. An grá mar 'ghaisce'
2. Seascacht, frustrachas agus samhailt
3. Uaigneas agus easpa grá
4. Lánúin ag troid, daoine féinspéiseacha
5. An Homaighnéasacht
6. An grá gan chúiteamh
7. Grá éadoimhin agus mearghrá

Sa chéad scéal 'Caraíocht', tá léiriú ar an ngrá mar 'ghaisce' i gcás Éamainn Mhic an tSagairt, fear go raibh ochtar clainne aige taobh istigh d'ocht mbliana agus é ag maíomh as a ghaisce san. Mar a deir sé, "Bhéarfadh sí uaimse mura mbeinn a dhéanamh ach luí ina haice". Ar ndóigh, is cuid den bhéaloideas seo a bhaineann le torthúlacht. Is léir gur gaiscíoch é os comhair na bhfear. Dála 'An Stail Aduaidh' ag Pádraig Ua Maoileáin, samhlaítear an gnéas anseo mar ghníomh gaisce i gcás na bhfear.

Aimride agus frustrachas an bhaitsiléara ag sul in aois agus an tsamhailt i gcúrsaí collaí is buntéama don scéal 'Spallaíocht'. Feirmeoir meán-aosta é Páidín a chuireann an-dúil i gcailín óg darbh ainm Earrama. Tá sé an-tógtha suas léi, é an-spreagtha lena banúlacht. Tá achoimre ar an bhfealsúnacht agus ar an ndearcadh a bhí ag Páidín i dtaobh na mban le fáil san abairt seo ,"Má bhíodar sách acmhainneach chun síolraithe, d'eile a bhí ó fhear ceart?" Ní fhaca sé sa bhean ach a cumas giniúna. Ní raibh feidhm nó fiúntas eile aici, dar leis. Os rud é gur duine é Páidín a mhair an-ghar don nádúr, chuir sé Earrama i gcomparáid le láir, lig a shamhlaíocht le sruth agus thosaigh "á bualadh go te bruite" Shamhail sé go nginfeadh sé mac breá inti. Rinne

sé comparáid leis an marcaíocht a rinne tarbh Mhicilín ar a bhó bhán. Ach, ansin, tháinig amhras air go mbeadh seans dá laghad aige le cailín óg cosúil léi. Bhí breall ar Earrama ag ceapadh gur duine soineanta é Páidín. Níor chreid sí go mbeadh sé in ann do bhean. Ní raibh sé d'aidhm aici aon cheangailt ghnéasúil a dhéanamh leis, ach thuig sí gur duine flaithiúil é a thabharfadh an-time di le linn laetha saoire an tsamhraidh. Is ag spallaíocht is ag spochadh as a chéile a bhíodar agus í á ghriogadh nach raibh sé pósta agus é ina 'sheanduine'.

Seisce is buntéama don scéal 'Móire Mheirtneach', chomh maith. Bean sheasc í agus í ag dréim le fear a ghinfeadh páiste inti, fiú de bharr éigin. D'airigh sí í féin feoite, tirim agus í ag éagaoineadh a seascacht agus an beagán fiúntais ina baill gnéis sise. Duine an-chorraithe í ina saol aonair uaigneach.

Sa scéal 'Díospóireacht', is é an easpa tuisceana idir lánúin is buntéama leis agus is bunchúis chomh maith leis an tragóid a thagann isteach ina saoil. Gnáth lánúin iad Glinnce agus Antaine nach mbíonn ag réiteach go ró-mhaith lena chéile agus nach ndéanann mórán d'iarracht a gcuid fadhbhanna a réiteach. Daoine féinspéiseacha iad. Agus Glinnce imithe ar cuairt ar a muintir, samhlaítear don fhear céile go raibh

sí básaithe ar na bóithre nó gur tharla taisme eicínt di. Thosaigh sé ag samhailt dó féin go raibh a shaoirse aige agus é ag tabhairt cuairt ar na tithe gnéis thall i Londain. I ndairíre, bhain timpiste di ar a slí abhaile, cailleadh an leanbh a bhí á iompar aici agus leonadh cnámh a droma. Chuir réalachas an tsaoil deireadh obann leis an bhfantaisíocht.

Is taobh istigh den scéal 'O Inniu go Brách', a dhéanann an t-údar ionramháil ar an homaighnéasacht mar théama don chéad uair. Cé gurb é buntéama an scéil é, ní dhéantar plé ar an ábhar, ach cuirtear os ár gcomhair mar fhíric é. Cairde scoile ba ea Feardorcha agus Nioclás. Múinteoir scoile ba ea Feardorcha, ach, bhí air éirí as an mhúinteoireacht de bharr easpa smachta a choimeád ar a ranganna. Chaith Nioclás tréimhse san Astráil agus d'fhill. Bhí Feardorcha ag samhailt ar chur faoi in éineacht le Nioclás agus a bhlianta deireanacha a chaitheamh in éineacht leis. Bhí gach seans ann go raibh dúil ghnéasúil aige sa bhfear eile. Tugtar leid ó chomharsa, ag deireadh an scéil, gur homaighnéasach é Nioclás.

Sa scéal íogair 'Arraingeacha', léirítear tragóid an ghrá gan chúiteamh agus cruachás an chailín a fhágtar ina haonar le déileáil le réalachas

crua an tsaoil. Cailín óg í Sail a bhí an-tógtha lena fear óg, Mícheál, agus caidreamh iomlán gnéasúil eatarthu. Is mórálach, bródúil a bhí sí as, cé nach raibh meas dá laghad ag a clann sise air. B'fhearr leo go bpósfadh sí seanbhaitsiléir, ach ní ghéillfeadh Sail dá dtoil agus a saol a chaitheamh le seanfhear spíonta caite. Ach, d'imigh a fear óg dathúil ón gceantar, de thoirt, gan fiú slán a fhágaint aici. Fágadh Sail ag iompar agus cuidiú dá laghad ní bhfuair sí ón a mhuintir seisean. De bharr ualach an bhróin a d'airigh sí, chuir Sail lámh ina bás féin.

Sa teideal scéal 'An Lánúin', léirítear cé chomh héadoimhin is atá an grá i gcás na lánúine, Gearóid agus Davina. Éadoimhneacht agus féinspéiseachas is mó a airítear a bheith i saol na mná uaillmhianaí seo. Ba thuairisceoir le nuachtán í agus an-dúil aici sa taisteal. D'fhan an t-ailtire óg, Gearóid, go foidhneach chun í a phósadh, ach ní chúiteamh dá laghad a bhfuair sé uaithi, ach an féinspéiseachas. Ní raibh mothúcháin an ghrá ró-láidir inti agus cé go raibh oidhre ó Ghearóid, ní raibh páistí uaithi. Ní rath dá laghad a tháinig ar an ngrá i saol Ghearóid agus fiú ag deireadh an scéil, nuair a d'éirigh sé tinn agus ba léir go raibh

an bás i ndán dó, bhí Davina fuarchúiseach go leor faoi.

I 'Místaid' is í an drúis agus an mearghrá a phléitear agus an toradh a thagann astu araon. Céimí ollscoile ba ea Síofra, a bhí an-tógtha le léachtóir sa Choláiste Oideachais, duine go raibh aithne aici air ar chúrsa agus í ina hóige. Casadh ar a chéile arís iad sa Ghaeltacht. Bhí Síofra ríméadach, súgach faoi. Cé go raibh fhios aici gur fear pósta é agus fhios aigesan go raibh sí geallta le pósadh, tharla eachtra práinneach gnéis eatarthu. Bhí mairg air, ar an toirt, agus d'airigh Síofra uaigneas uafásach. D'airigh sí a mí-dhílseacht dá fear féin, Donnchadh, i bhfad níos measa ná aon ghné eile den scéal. Bhí Síofra ag súil le breith, dá bharr, ach níor labhair sí le Conchúr riamh faoin ngníomh. Shocraigh sí ar an nginmhilleadh agus déanadh obráid uirthi thall i Londain. Fágadh dobrónach, atuirseach í ina dhiaidh agus aithrí uirthi nár choinnigh sí a páiste grá.

Conclúid : Is go tréan láidir a chuireann an t-údar dearcadh na bhfear i gcúrsaí grá inár láthair sa bhailiúchán seo. Sna scéalta 'Caraíocht', 'Spallaíocht' agus 'Díospóireacht' is mó atá sé tógtha suas le braistint agus le dearcadh na bhfear ar an gcollaíocht.

Samhlaítear an grá mar ghaisce acu, nó cuirtear an grá collaí i gcomparáid le gníomh gnéis a shamhlaítear leis na hainmhithe, nó bíonn fear céile ag samhailt dó féin go dtabharfaidh sé cuairt ar na tithe striapachais i Londain agus an gnéas a bhlaiseadh ansin. Sa scéal 'An Lánúin', tá Gearóid mórálach as a chailín os comhair a chairde féin, é bródúil as a háilleacht agus as a cuid oibre mar thuairisceoir. Ach níl mórán doimhneachta sa ghrá seo, go háirithe i gcás Davina.

Is léir ó abairt dheireanach an scéil 'Ó Inniu go Brách' go bhfuil gach eolas ag an gcomharsa ar stádas an fhir úd, Nioclás, agus is léir nach bhfuil mórán measa air, dá bharr. Taobh istigh de ráiteas beag amháin tugann an t-údar le fios nach nglacann an tsochaí fós leis an ngrá 'neamh-choinbhinsiúnach'. Is le híogaireacht a láimhseáileann an t-údar fadhb an ghrá gan chúiteamh, sna scéalta 'Arraingeacha' agus 'Místaid'. Cothaítear comhbhá ionainn go láidir in 'Arraingeacha' don chailín mí-ádhúil. Cé gur thuig an t-athair is an aintín gur leibide cheart é, Mícheál, níl aon fhaoiseamh le fáil sa mhéid sin don chailín bocht. Tá an-trua againn di agus an chiniúint a tharraing sí uirthi féin de bharr feall a d'imir an buachaill mí-dhílis

uirthi. I 'Místaid', léirítear cé chomh héasca agus is féidir le toradh a theacht ó aon ghníomh amháin gnéis; an drúis is a toradh atá faoi chaibidil anseo. Is ar an mbean a thit an t-anró ar fad agus bhí uirthi cinneadh a dhéanamh faoin a páiste sa bhroinn, cinneadh nár shásaigh í i ndeireadh na dála. Tragóid a bhí ann a leanfadh í de shíor.
Is go fíor-éifeachtach a láimhseáileann an t-údar na mothúcháin éagsúla a airíonn na príomhcharachtair sna scéalta thuas.

---

## NA DÉITHE LUACHMHARA DEIRIDH

Sa bhailiúchán ' Na Déithe Luachmhara Deiridh' déantar tagairt don ghrá collaí taobh istigh de ocht scéalta. I measc na ngnéithe a láimhseáiltear tá :

1. An Striapachas
2. Feidhm na samhlaíochta i gcúrsaí gnéis
3. An tseascacht, an bhean a fhágtar ar an trá fholamh
4. Cúrsaí clainne, cúrsaí frithghiniúna
5. An t-aonarán ag súil le mianta a chroí
6. An chluain á chur ar dhaoine

Scéal allagóireach é 'Bean Aduain', ina sheasann eachtraí an scéil don chathú i gcúrsaí collaí. Casadh bean rí-álainn, fíor-mheallacach ar fhear a bhí ag cuardach eolas na slí. Bhí sé an-tógtha lena banúlacht agus é spreagtha go gnéasúil ón spléachadh a bhfuair sé ar a cíocha is ar a ceathrúna agus í gléasta go scáinteach ag an doras, os a chomhair amach. Bean í a bhí tógtha suas go huile is go hiomlán lena háilleacht féin is lena cuid éadaí. Agus í ag tabhairt cuireadh dó fanúint thar oíche, d'airigh an fear é féin a bheith faoin a bois agus í ag tógáil ceannais air. Ach thréigh an spéis ghnéasúil a bhí aige inti ar dtús, cé go raibh sí iontach tarraingteach. In ainneoin sin is uile, chaith siad an oíche in aontíos agus dhearbhaigh sé go raibh an bhean aduain seo an-ghrámhar agus nach raibh a sárú ar dhroim an domhain. Tugtar leid dúinn gur striapach í nuair a thairg sé íoc as a cuid seirbhísí, ach, ní ghlacfadh sí le haon íocaíocht uaidh. D'fhág sé í go huaigneach, faoi mhairg, agus shocraigh ina aigne go bhfillfeadh sé uirthi uair eicínt.

Scéal Raibiléiseach é 'Tráithníní' ina ligeann léachtóir a shamhlaíocht le sruth i gcúrsaí gnéis, le linn babhta feitheoireachta. Bealach éalaithe

a bhí ag teastáil ó Ghearóid, an folúntas a líonadh le machnamh nó taibhreamh. Ag samhlú cúrsaí gnéis ba ghnách leis. Bhí sé ag breathnú ar na cailíní, féachaint cén cailín a spreagfadh é i slí ghnéasúil. Thosaigh sé ag smaoineamh ar na seirbhísí gur féidir le mná a chur ar fáil do lucht príosún. Is amhlaidh a bhí sé fíor-gháirsiúil ina sruth smaointe ar na príosúnaigh, ag samhailt do bhean amháin a bheith ina foinse sásaimh do scata fear. Séard atá sa scéal seo ná gréasán smaointe fánacha a tháinig chuige leis an am a mheilt go taitneamhach.

Tá gach seans go raibh caidreamh mí-dhlisteanach á chothú ag an Domhnallach, duine mór le rá, le bean Chíaráin, sa scéal 'Aithneachtáil'. Duine soineanta é Cíarán, nach gcreidfeadh go gcuirfeadh An Domhnallach spéis ghnéasúil i mBríd. Is léiriú é ar chomh héasca is atá sé cluain a chur ar dhuine neamhurchóideach.

Is staidéar ar an tseascacht é cás Bhurma sa scéal 'Duibhe'. Ba bhean shingil í Burma agus dhéantaí spochadh aisti toisc í a bheith singil. Fostaithe sa chathair a bhí sí, ach bhí a tuismitheoirí fágtha ina n-aonair thiar agus í ciaptha futhu. Tar éis bás a hathar, d'fhill sí ar a háit dhúchais agus thug an-aire don bhfeirm, gan dúil aici a thuilleadh in aon ní seachas an tslábhaíocht de shíor.

Cás na mná a fágadh ar an trá fholamh is buntéama an scéil 'Is Áirid'. Chonaic sí fear dathúil in ostán, é cumasach, storrúil. Chuir sí an-dúil ann agus shamhlaigh sí í féin gan ancaire, gan stiúir, ina haonarán i gcomparáid leis san a bhí socair, daingean, staidéartha, le cuspóir, muinín agus dóchas ina shaol.

An t-uaigneas a ghoilleann ar an duine aonair atá ag iarraidh céile a aimsiú is téama don scéal 'M'Ógbhean Ghléghorm'. Castar fear uaigneach orainn atá ag iarraidh teagmháil a chothú le bean álainn meallacach a casadh air ar an tsráid. Lean sé go siopa bróg í, áit a d'admhaigh sé go raibh sé i ngrá léi. As a mheabhair a bhí sé, dar léi, ach thug sí a hainm is a seoladh dó. Cé gur ghlaoigh sé go fíor mhinic uirthi, ní bhfuair freagra riamh. Lean sé ar aghaidh sa saol, ag súil de shíor go dtiocfadh sí faoin a dhéin.

Ba iad cúrsaí clainne agus cúrsaí frithghiniúna a bhí ag cur crá croí ar Dhiarmuid sa scéal 'Im Imní'. Bhí sé pósta ar Fhíonla agus ceathrar gasúr acu. Bhíodh sé ag smaoineamh siar ar an bpósadh agus na laethanta geala a bhíodh acu, ach é in ísle brí anois i gcónaí leis na fadhbanna uilig.

Saol an striapaigh agus na contúirtí a ghabhann

leis an ngairm sin atá faoi chaibidil sa scéal'Danoib'. Iníon léinn tarraingteach í Danóib agus í ag siúl na sráideanna ina striapach. Casadh múinteoir uirthi, fear a d'aithin sí ón a laethanta scoile. Chuir sé dúil inti agus thug cuireadh chun óil is chun béile di. Luíodar le chéile, ach nuair a nocht sí gur aithin sí é tháinig tocht uafáis is feirge air agus bhrúigh sé isteach san uisce doimhin í. Ní raibh seans ag an bhfear faire í a shábháil.

Conclúid : Níl fianaise dá laghad ann go bhfuil rath ar an ngrá sna scéalta thuas. Na mná a chastar orainn, ní daoine comhlíonta sásta iad. Níl na fir comhlíonta, ach oiread. Níl na mná ádhúil i gcúrsaí grá. Casann siad ar an striapachas, fágtar ar an trá fholamh iad, fiú má bhíonn siad socraithe le clann, bíonn siad fíor-imníoch faoi chúrsaí frith-ghiniúna. Is daoine aduaine aonaracha iad na mná ag an mBreathnach. Is léir nach mbíonn na fir iontach compórdach le mná aduaine. An é gur thráigh an dúil ghnéasach de bharr aduaine na mná sa scéal 'Bean Aduain'? Tá cuma na fantaisíochta ar an scéal seo. Sa scéal 'Danóib', ina bhfuil cailín álainn meallacach, atá toilteanach airgead a shaothrú ar a corp, ní thugtar aon mhionsonraí dúinn ar an eachtra gnéis a tharla leis an múinteoir. Tragóid náireach í seo

a léiríonn an toradh mí-ádhúil gur féidir a theacht i saol na striapaí. Cothaíonn an t-údar comhbhá leis an mbean áirid atá chomh huaigneach aonarach go gcuireann sí an iomad de spéis i stróinséar fir in ostán. Tuigeann sí go bhfuil sí fágtha ar an trá fholamh. Bhí sí cinnte go mbeadh 'nuacht speisialta' aici dá cairde faoin bhfear dathúil seo. Ach ní raibh i gceist ach brionglóid agus cur i gcéill.

Go minic bíonn fadfhulaingt i gceist. Thug Burma suas pé seans a bhí aici céile a aimsiú. Ba dhualghas clainne a tharraing ar ais ar dhúiche a muintire í. Faoi dheireadh, ní raibh aici sa saol ach trua na ndaoine agus í féin ina haonarán cráite.

Is dealraitheach gur féidir leis na fir sna scéalta seo feidhm a bhaint as an tsamhlaíocht i gcúrsaí craicinn, dála an léachtóir, Gearóid. Léirigh seisean chomh neamh-mhothálach is a bhí sé agus é ag smaoineamh go mbeadh bean amháin sásta luí le scata fear, ach amháin í a bheith ullamh, go fisiciúil, 'inseolta' dóibh. Foinse gnéis í an bhean. Go ginearálta, níl fir an Bhreathnaigh ró- íogair. Cuid acu, bíonn siad ullamh an chéad seans a thógáil agus dallamullóg a chur ar chéile

nó leannán.

Is ar éigin a éiríonn leis an údar aon chomhbhá dhoimhin a chothú leis na carachtair sa bhailiúchán seo. Is caracatúir seachas carachtair atá i gcuid de na scéalta, m.sh., Gearóid, an léachtóir. Raibiléiseachas, seachas réalachas atá sna scéalta, ar uairibh.

---

LILÍ AGUS FRAOCH

Pléitear gnéithe éagsúla den ghrá collaí taobh istigh de cúig scéal sa leabhar seo . Ina measc atá :

1. Fantaisíocht agus samhlaíocht ar an ngnéas
2. Míshásamh leis an saol pósta
3. Easpa ómóis don chéile
4. Homaighnéasachas
5. Easpa agus éigean i saol mná nua-phósta
6. Mearghrá agus scanradh faoin ngrá

Sa scéal 'Bíogadh' is í an tsamhlaíocht is an fhantaisíocht a thugann faoiseamh don fhear óg ar lóistín, i bhfad ón a chéile féin. Cloiseann sé bean ag coisíocht amuigh ar an tsráid agus samhlaíonn sé dó gur spéirbhean í, " cailín triopallach agus boladh cumhra uaithi ". Is í fuaim na bróige ar an gcosán a spreag é. Thosaigh

sé á samhailt i gcaidreamh gnéis agus eisean ar bís fuithi. Thosaigh sé á samhailt istigh ina seomra leapan. Banríon í ó bhun go barr agus súile draíochta beoghorm aici. A buataisí leathair snasta a spreag é. Is áibhéil Raibiléiseach atá sa scéal seo, fantaisíocht fhir óig a ligeann a smaointe fánacha le sruth i ndoimhneacht na hoíche.

Is aoir ar intinn na bhfear atá sa scéal 'S.M.' agus mí-shásamh leis an saol pósta is bun-téama leis. Castar athair orainn ag iarraidh smacht a choinneáil ar a chlann páistí ar Aifreann agus brúchtaíl feirge ag teacht air, dá bharr. Ba mhian leis go dtabharfadh an mháthair ar Aifreann iad, ina haonar, agus ligint dó suaimhneas a fháil, maidin Domhnaigh. Achairín suaimhnis a bhí uaidh, agus sin an méid, dar leis. Is léir ón scéal nach bhfuil sé toilteanach a dhualgaisí clainne a roinnt go cothrom lena bhean. Tosaíonn sé ag smaoineamh ar a amaidí is a bhí a bhean. Bean leamh, gan bhrí, straoilleach agus scuabaide mná í, ina thuairim seisean. Léiríonn sé a mhí-shásamh iomlán leis an saol pósta agus easpa dhoimhin ómóis dá bhean nuair a thugann sé "conablach seanbhó gan sú" uirthi. Ní mó ná sásta atá sé an chuid eile dá shaol a chaitheamh ceangailte léi agus tugtar le fios dúinn

go bhfuil sé ag smaoineamh ar mhná óga meallacacha nuair a chaoineann sé go bhfuil " an domhan ina dhoirteadh le bonsóga bonsacha".

Brúidiúlacht na bhfear is téama don scéal 'An Fear Meisce'. Agus Mairtín ólta, súgach, tugann sé "bitse bhradach" agus "striapach shalach" ar a bhean, Sualainn, agus é ag díspeagadh a mhná os comhair na gcompánach. Níl meas mada aige uirthi agus é ag tabhairt "cailleach de bhitse" agus "báirseach cheannasach" uirthi. Nuair a shroicheann sé an teach bíonn Sualainn ag feitheamh air agus cuirtear ina leith ar an bpointe go bhfuil sé ar meisce arís. Tagann an bhrúidiúlacht chun cinn ansan, buaileann Mairtín sna éadan í agus titeann sí. "Druncaera salach" agus "tincéir" a thugann sí air agus cuireann sí an homaighnéasachas ina leith, chomh maith. Níl sé in ann déileáil leis an bhfadhb san agus déanann cinneadh imeacht. Imíonn le fearg agus mairg air. Cuirtear an bhrúidiúlacht agus an foréigean inár láthair go cumasach sa scéal seo.

Scéal truamhéalach é 'Míthoisc', ina thagann brúidiúlacht na bhfear chun cinn arís, nuair a chuirtear éigean ar bhean óg nua-phósta. Bhí gliondar croí ar Mhuireann a bheith ag caitheamh chéadoíche

mhí na meala sna Roisíní agus súil aici go nginfí a páiste ann agus é sin a bheith ina gaisce aici do Liam. Ach, níor éirigh leo caidreamh sásúil gnéasúil a dhéanamh. Agus lá na rástaí ar siúl, bhí Muireann an-tógtha leis na fir ag caitheamh an mheáchain, staileanna fir iad, dar léi. Bhí sí an-spreagtha acu, ag samhailt iad a bheith ar bís chuici, chomh maith. Faoiseamh a bhí uathu, dar léi. I dteach an óil, chuir sí an-dúil sna fir áitiúla arís agus í ag súil go bhfeicfí agus go dtahbarfaí faoi deara í. An easpa muiníne as a fear céile a spreag í le dúil a chur sna daoine eile. Ach, ar an mbealach abhaile, d'fhuadaigh beirt fhear í agus cuireadh éigean uirthi ag an mbeirt agus fágadh ar thaobh an bhóthair í. Truamhéil atá sa scéal seo ar dhá leibhéal. Tá truamhéil na mná óige a rinneadh éigean uirthi, chomh maith le truamhéil na lánúine nach mbaineann amach caidreamh sásúil le chéile. Airíonn Muireann easpa mhór ina saol, easpa atá ina bunchúis don bharraíocht spéise a chuireann sí i stróinséirí fir.

Téama na drúise atá faoi chaibidil sa scéal 'Drithleanna', scéal ina bhfuil léachtóir meán aosta an-mheallta ag iníon léinn óg. Í an-tarraingteach, meallacach, difriúil, dar leis, ach tagann eagla

air roimh a chuid mothúchán féin agus níl sé compórdach ina comhluadar. Drúis atá i gceist. Intinn an fhir a léiríonn an t-údar anseo.

Conclúid : Léiríonn an t-údar intinn an duine anseo trí scéalta Raibiléiseacha agus aortha, scéalta ina thagann an fhantaisíocht chun cinn mar fhoirm éalúchais agus scéalta ina ndéantar ionramháil éifeachtach ar ghnáth fhadhbanna an tsaoil. Cuirtear pictiúr os ár gcomhair den fhear leanbaí nach bhfuil stuama nó aibí go leor dualgaisí clainne a thógáil air féin agus a chomhlíonadh go toilteanach. Is fir den tsaghas sin na príomhcharachtair sna scéalta 'S.M.' agus 'An Fear Meisce'. Is go fíor-mhinic a fheictear na mná coimeádtha faoi chois. Rinne an fear meisce foréigean i gcoinne a mhná agus cé gur bualadh í, ní hí an mháthair seo a shiúlann amach is a thréigeann a páistí. I gcás na mná nua-phósta a d'fhulaing éigean sa scéal 'Míthoisc', fágtar an bhean seo le déileáil lena fadhb ghoilliúnach féin, cé nach féidir aon smut den chiontacht a chur ina leith faoin a thit amach. I ndairíre, ní airítear comhbhá an Bhreathnaigh leis na mná sa bhailiúchán seo.

## AR NA TAMHNACHA

Sa bhailiúchán seo ríomhann an t-údar gnéithe éagsúla den ghrá collaí :

1. An fhantaisíocht i gcúrsaí grá
2. An bás ag bagairt ar an ngrá rathúil
3. Uaigneas de bharr grá gan chúiteamh

Mar a fuair sagart faoiseamh ó uaigneas agus leimhe a shaoil aonraic tríd an bhfantaisíocht i gcúrsaí collaí, is téama don scéal 'Avec Marcel'. Samhailt an tsagairt atá i gceist agus uaigneas agus aonaracht a shaoil ag cur isteach air. I ndomhan na samhlaíochta amháin a mhair an cailín álainn tarraingteach sofaisticiúil a tháinig ar cuairt chuig tigh an tsagairt oíche amháin i ndúluachair na bliana. Cailín ag lorg dídine ón doineann a bhí inti agus í feistithe i gculaith dhubh leathair agus buataisí dearga uirthi. Comhrá is caint a bhí uaithi, ach cuma na drúise uirthi. Bean chollaí í, fiú is í ag caitheamh toitín, is go collaí a rinne sí é, dar leis. Dhúisigh sí smaointe gnéasúla ann. Leanadar ar aghaidh ag comhrá is iad teolaí, compórdach le chéile. Bhí an mharcaíocht is an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire aige agus gan a bheith aici ach a spéis sna fir. D'ardaigh sí ceist 'an peaca é a bheith dílis do do nádúr?' Rinne sí an-chur síos ar chúrsaí craicinn san Ind.

Rinneadar damhsa le chéile. D'ól siad go rabhadar araon súgach. Ansin thug sé leaba don oíche di thuas staighre agus d'fhan seisean ina shuí gur chuir sé síol ina buataisí sise agus go bhfuair faoiseamh sa chaoi sin. An mhaidin dar gcionn, fuair sé amach nach raibh rian di sa teach. Is léir nach raibh bean ann sa chéad áit. A dhúil sa drúis a chuir ag samhailt dó cailín álainn ina chomhluadar. Bhí a fhealsúnacht féin aige gur ceart cead pósta a bhronnadh ar shagairt. Tugann an scéal seo 'Avec Marcel' dráma Chríostóra Uí Fhloinn chun cuimhne - 'Cóta Bán Chríost'. Ach ó thaobh láimhseála is codarsnacht ghlan atá eatarthu. Bean a tháinig chuig tigh an tsagairt ag lorg dídine a bhí anseo, chomh maith. Ach bean thorrach í a chuir dallamullóg cheart ar an sagart. Chuir an pobal coimeádach an ruaig orthu beirt is theitheadar go Sasana cé nach raibh aon chúis le cur i leith an tsagairt. Tugtar páiste ar an saol ach tragóid mhór a thiteann amach i ndeireadh an scéil nuair a ghásálann an cailín í féin agus an páiste.

Sa scéal 'Dólás' tá grá daingean i gceist a thagann faoi bhagairt ón mbás. Tá feirmeoir anseo an-bhuartha de bharr tinneas a bheith ag goilliúint ar a bhean, Cáit. Chaitheadar a saoil

ag obair ar an bportach, ag sclábhaíocht de shíor. Ach tháinig 'an buachaill' uirthi, an ailse , agus í ag fulaingt gan fhaoiseamh leis. Bhí ualach bróin ar an bhfear céile nach n-ardódh riamh. Scéal breá é 'Dólás' atá scríofa le híogaireacht, ina gcuirtear síos ar ghrá daingean an fhir céile dá bhean thinn. Ba chineálta tuisceanach an fear é a thug togha na haire di agus a thaispeáin grá buan neamhathraithe. Scéal é ina bhfuil rath ar an ngrá, ach tragóid é sa chaoi nach bhfuil i ndán don bhean ach an tinneas agus an meath.

Sa scéal 'I Sligeacháin' tá éalú ón díomá a thagann i ndiaidh grá gan chúiteamh i gceist mar théama. Is aonarán uaigneach é an fear óg atá ag taisteal i measc na sléibhte. Is léir nár éirigh leis mian a chroí a fháil lena chailín, Blandina, agus dhiúltaigh sí dhul go hAlbain leis. D'imigh sé féin dá huireasa.

Conclúid : A spéis is a dhúil sa drúis a spreag an sagart a shamhlaíocht a ligean le sruth agus a chuir ar a chumas caint is comhrá drúisiúil a bheith aige leis an mbean chollaí úd a chaith oíche stoirmiúil ina chuideachta. Is léir ón scéal gur foinse chumhachtach í an tsamhlaíocht i gcúrsaí collaí. Ba é an pictiúr glé glinn den bhean shofaisticiúil

agus an comhrá a shamhail sé eatarthu a spreag é chun gnímh agus a chuir air síol a scaoileadh. Ach ansin, is dealraitheach go raibh sé buartha faoi pheaca na drúise agus gur airigh sé dualghas a bheith air aithrí na faoistine a dhéanamh faoi. Is léir go seasann an bhean úd don chathú ina shaol. Mar an gcéanna le fáithscéal teagascúil de chuid Uí Chonaire ina dhéanann an saor ionad an ealaíontóra chruthaithigh agus déanann an bhean ionad an chathaithe. Chuir a banúlacht is a háilleacht an cathú ina threo mar shantaigh sé cuid dá háilleacht i gcomhair a shaothair. Chuir sí an chluain ar an saor agus ghéill sé di. Níor bhain sé amach an fhoirfeacht a bhí uaidh de bharr a thit amach agus ba léir dó nach raibh curtha ar fáil aige, ach bréag.

Is annamh a thagann rath ar an ngrá i scéalta an Bhreathnaigh, ach sa scéal 'Dólás' is fíor-ghrá álainn buan atá i gcroíthe na lánúine ach is tragóid é os rud é go bhfuil ailse ag bagairt ar shaol na mná. Is le cion a thugann an fear cráite aire di in am an ghátair.

Níl leigheas ar ghalar an ghrá gan chúiteamh i saol an fhir óig a théann ar thaisteal i sléibhte na hAlban.

## ÍOSLA AGUS SCÉALTA EILE

Sa bhailiúchán is deireanaí gearrscéalta de chuid Phádraig Breathnach, déantar iniúchadh ar ghnéithe áirithe den ghrá collaí i gcúig scéal. Scrúdaítear na snátha seo a leanas :

1. An tsaint agus bean ar thóir saibhris agus oidhre
2. An drúis is an fhantaisíocht
3. Striapachas agus mímhacántacht
4. Brúidiúlacht an fhir
5. An bhean mheánaosta, neamhchomhlíonta

Is buntéama don scéal 'An Chuach' ná uaillmhian na mná atá ar thóir saibhris, maoine agus oidhre. Tá fonn pósta ar an mbean óg uaillmhianach, Bríd, agus fonn uirthi , chomh maith, deis a fháil a post suarach féin a thabhairt suas. Airíonn sí go bhfuil sí ag imeacht in aois. Tá fear aici, ach is meatachán ceart é, dar léi. Pé scéal é, níor mhaith léi é a ligean trína méara, nó go bhfágfaí ar an trá fholamh í. Ansin, casadh Peatsaí uirthi, "seanghéasar" ag díol laonna ag an margadh. Duine neamhshuimiúil, leamh é, gan a bheith in ann comhrá spéisiúil a dhéanamh léi. Thosaigh Bríd ag bailiú eolais faoi agus chuir an-dúil ina chuid maoine. Faoi dheireadh, thug sé Bríd ar cuairt ar a áitreabh. Seanteach a bhí ann agus fiántas

ar 'chuile thaobh. Bhí aisling ag Bríd, an seanteach a scriosadh agus ceann nua a thógáil. Níor shantaigh sí Peatsaí. Shantaigh sí a mhaoin ,a shealús. Shantaigh sí oidhre, chomh maith. I ndairíre, chuir an fear seo déistin agus gráin uirthi. Ní raibh fonn uirthi luí leis agus ní bheadh go deo. Bheartaigh sí nach mbeadh ach an t-aon bhabhta amháin gnéis eatarthu agus í ag súil nach mbeadh ach an t-aon aidhm amháin leis san, an ghiniúint. Ach thógfadh sí tiarnas agus forlámhas air. Is go maith a oireann an teideal 'An Chuach ' don scéal seo.

An tóir ar leannán do-fhála is téama don scéal 'Zazzi'. Castar fear orainn atá an-tógtha le bean a chonaic sé i siopa tráth, agus a shuim is a dhúil inti ag méadú i gcónaí. Thaitin sí leis. Thaitin a cuid éadaí, a cruth, a cuma, a boladh leis. Bhí sé an-fhiosrach fuithi, an-tógtha lena folt, a snua, a súile, a béal collaí. Agus é ag ceapadh gurb í bean a chinniúna í, chonaic arís í agus lean í. D'aimsigh sé a háit chónaithe agus fuair amach gur máistreás scoile í. Ina leaba aonair, shamhlaigh sé a bheith á pógadh is á múirniú agus ag breith barróige uirthi agus gníomh gnéis ag tarlú eatarthu. I ndomhan teolaí na fantaisíochta bhain sé an-phléisiúr is taitneamh collaí as a

chuid smaointe drúisiúla faoin mbean neamhaitheanta seo. Mar sin a fuair sé sásamh agus faoiseamh ón tnúth.

Tá an scéal 'An Fear Macánta' tógtha suas le mímhacántacht an fhir. Tá searbhas le braistint in ainm an scéil mar níl sé i gceist ag an bhfear seo, Gearóid, fanúint macánta, ionraic lena bhean chéile. Tá Gearóid tógtha suas le bean a fhógraíonn seirbhísí gnéis, Tanya. Ba mhinic a bhuail sé craiceann léi, ina shamhlaíocht. Ag breathnú ar iris, ina bhfuil uimhreacha fóin, bíonn sé ag iarraidh misneach a fháil glaoch a chur ar bhean den tsaghas seo. Ina aigne, ba mhaith leis cuairt a thabhairt orthu uilig. Fear mímhacánta é Gearóid agus é bréagchráifeach lena bhean, é fíor-ghrámhar léi, ach ag an am céanna tá sé ag coinneáil a 'ghus', á chaomhnú don bhean eile. Cé go bhfuil sé ag réiteach go maith lena bhean, tá an caidreamh neamhdhlisteanach uaidh freisin. Rinne sé teagmháil fóin le hÉilís, cailín go raibh céad punt go leith uaithi ar a seirbhísí don uair a chloig. Gheall sí nach mbeadh aon díomá air. Ina shamhlaíocht, chruthaigh sé dea- phortráid den striapach seo. Ní fios conas ar éirigh cúrsaí eatarthu, ach tugtar le fios gur ghéill sé don chathú.

Is scéal é 'An Máistir' ina thagann an taobh brúidiúil den bhfear agus a mheon maslach i leith na mban chun cinn. Istigh i dtigh tábhairne a bhí an sean-mháistir scoile. Tháinig clann isteach agus thosaigh sé ag cur spéise iontu, cé gur beag an tsuim a bhí aige i gcomhluadar. Ag éalú ón gcomhluadar a chaith sé a shaol. D'iarr an bhean air éirí as an gcaitheamh. Bhí olc mór air agus mhuscail fonn éignithe ann. Gan chúis, d'éirigh sé an-gháirsiúil faoin mbean neamhaitheanta seo. Bhí gáirsiúlacht, graostacht is brúidiúlacht ag baint leis, tréithe a léirigh sé go soiléir.

Na laincisí a chuireann an saol ar bhean tí mhí-shona, mheán-aicmeach is téama don scéal 'An Bhean Óg Guagach'. Is bean tí uaigneach mheánaosta, mheán-aicmeach í Bríd, a shantaíonn teagmháil le daoine eile. Tá sí mí-shásta lena saol féin, leis an teach mór, an linn snámha, srl. Agus na gasúir curtha go scoileanna cónaithe aici, ní raibh a fhios aici céard ba cheart di a dhéanamh agus na laethanta fada os a comhair amach. Agus an t-uaigneas ag goilliúint uirthi, thug sí cuireadh d'fhear an phoist cupán tae a ól léi. Tháinig litir ón gcoigríoch, ó sheanchara i gCuáit, Matilda. Ag léamh na nuachta a sholáthraigh Matilda, d'éirigh

Bríd éadmhar, cé go mbíodh trua aici di, tráth. D'airigh Bríd í féin scartha amach ón gcomharsanacht, gan bhaint dá laghad aici féin , ná ag Breandán, a fear céile, leis an gcosmhuintir ann. Níor chleachtaigh sí obair riamh agus fágtar anois í i ndúiche cheilte, i bhfad ó chomhluadar. Tá sí ag géar tnúthán le gasúirín eile anois leis an bhfolús ina saol a chomhlíonadh. Is mí-shuaimhneach an bhean í agus is léir nach bhfuil caidreamh sásúil aici lena fear, mar ní féidir léi ceist an linbh eile a árdú leis, cé gur ceist phráinneach í di féin.

Conclúid : Sa scéal 'An Chuach', ní féidir a rá go raibh an grá ina phríomhriachtanas i saol Bhríde. Bhí sí lán toilteanach an dallamullóg a imirt ar an bhfear, ach a toil féin a fháil.Drúis is mearghrá a bhíonn i gceist i saol an fhir óig atá ar thóir mná neamhaitheanta sa scéal 'Zazzi'. Ag braith ar an tsamhlaíocht a bhí sé nuair nach raibh an grá féin le fáil. Bréagchráifeacht an fhir agus a mhímhacántacht, nuair a shantaíonn sé bean eile, striapach, atá faoi chaibidil sa scéal 'Fear Macánta'. Sean-mháistir scoile nár éirigh go ró-mhaith leis ina shaol atá ina phríomh-charachtar sa scéal 'An Máistir'. Feictear an

dearcadh diúltach i leith na mban anseo, an fonn forlámhas a fháil ar an mbean. Bean uaigneach nach bhfuil teagmháil sásúil aici lena fear céile í an bhean óg ghuagach sa scéal den teideal céanna. Easpa caidrimh agus easpa cumarsáide atá ag goilliúint uirthi.

---

## CONCLÚIDÍ GINEARÁLTA

Is féidir a áiteamh go dearfa, go bhfuil an grá collaí ina mhórthéama tríd síos i saothair an Bhreathnaigh. Scrúdaítear an téama seo i gcéatadán ard dá chuid gearrscéalta, 35% díobh. Ardaítear snátha áirithe den téama arís is arís eile. Ní minic a scríobhann sé faoin ngrá rathúil agus nuair a bhíonn rath i gceist, iompaítear an scéal i dtreo diúltach agus cuirtear bac eicínt ar na daoine a bhíonn ádhúil i gcúrsaí grá. Mar shampla, i gcás an scéil 'Mórthaisme', loitear an grá álainn rómánsúil le cinniúint an tsaoil nuair a fhágtar an bhean óg marbh de bharr fogha ón reithe fíochmhar ar thaobh cnoic. Mar an gcéanna leis an scéal 'Dólás', tagann an ailse mar bhagairt ar an ngrá álainn buan idir an lánúin sin.

Ní bhíonn ach frustrachas agus seascacht i

ndán do na mná mí-ádhúla a fhágtar ar an trá fholamh. Uaigneas, easpa agus aonarachas is mó a bhraitear faoi na carachtair a fhágtar gan chéile a aimsiú. Bíonn eagla is scanradh roimh an tseascacht i gceist, chomh maith.

I gcás an duine pósta, is fíor-mhinic a thagann mí-shásamh is mí-shuaimhneas i ndiaidh pósadh Sa scéal 'Bainis', ba mhí-shásta a bhí Deirdre, fiú ar lá a pósadh. Sa scéal 'An Lánúin', ní thagann forbairt ar an ngrá eatarthu, ach grá éadoimhin a bhíonn ann ó thús deireadh. Níos minice ná a chéile, bíonn na daoine pósta cráite le fadhbanna clainne agus le fadhbanna frithghiniúna. Bíonn siad ag breathnú siar ar na laethanta luatha, am ina raibh a mbrionglóidí féin acu faoin todhchaí.

Nuair nach aimsítear an grá,i gcás na bhfear bíonn na carachtair ag braith ar an bhfantaisíocht mar fhoinse faoisimh. Foirm éalú í a bhaineann na fir feidhm aisti, ag éalú ó réalachas an tsaoil. Ní thugann an t-údar an bealach éalaithe seo dá chuid ban. Ní shamhlaítear aon chinniúint dóibh ach an t-uaigneas agus an t-aonarachas.

Níl aon dabht ach gur meon agus dearcadh diúltach a léiríonn carachtair an Bhreathnaigh i leith an ghrá. Níl sé tógtha suas leis an ngrá rómánsúil.

Níl sé ag ceiliúradh an ghrá. Ní spéis dó toradh ádhúil ar an ngrá. Eisceacht é má thagann aon rath ar an ngrá. Daoine aonaracha uaigneacha is mó a bhíonn faoi scrúdú aige. Uaireanta, is daoine iad a mhaireann ar imeall an tsochaí, daoine ina mbraitear coimhthíos agus deorantacht. Éalaíonn siad i saol na fantaisíochta ó réalachas an tsaoil seo nuair nach féidir leo déileáil leis an saol lom réadach.

---

STÍL PHÁDRAIG BHREATHNAIGH

" Inniu táthar ag iomrascáil leis an intinn i mbun saothair. Tá an plé inmheánach, intinniúil á thomhas". Seo ráiteas ó Mhaitiú Ó Murchú ina léirmheas dar teideal 'Saothar Daonnúil', ar an gcéad chnuasach gearrscéalta, B A. Is go héifeachtach a dhéanann an t-údar seo iomrascáil le hintinn an duine taobh istigh dá chuid gearrscéalta. Tá sé tógtha suas go huile is go hiomlán leis an léargas inmheánach. Is intinn an duine is spéis leis, intinn agus mothúcháin agus conas mar a théann eachtraí agus imeachtaí an tsaoil i bhfeidhm ar na mothúcháin. Uaireanta fágtar an léitheoir agus ceist ar aigne aige. Ardaíonn sé fadhbanna ach ní thugann sé réiteach. De réir Ó Murchú sa léirmheas thuas luaite, is é an gnéas

an comhábhar is riachtanaí i ngearrscéalta an lae inniu, agus, ar ndóigh, níl saothar an Bhreathnaigh daibhir sa ghné sin. Tá sé le moladh as na hiarrachtaí a dhéanann sé ar intinn na mban a bhreacadh sna cúrsaí sin. Ní thagaim le tuairim Uí Mhurchú nuair a thugann sé 'brillín' ar an mbean íogair Siobhán a bhí beagnach i ndeireadh na féide ag súil le céile a aimsiú. Tá an t-údar báúil léi agus tuisceanach faoin a cás, cás na mná a fhágtar seasc agus éadóchasach faoin todhchaí agus scanraithe roimh an chinniúint atá i ndán di. Déanann sé ionramháil éifeachtach fiúntach ar fhadhbanna an aonaráin.

Míshuaimhneas agus uaigneas céasta an aonaráin a fheiceann Gearóid Denver i gcarachtair an bhailiúcháin B P. Easpa caidrimh ar leibhéal bisiúil is cás leis an duine scoite, an coimhthíoch, an t-éan cuideáin. Blúirí is eachtraí as saol éadóchasach coimhthíoch a chuirtear inár láthair, dar leis. Gan dabht, is daoine aonaracha is mó a bhíonn faoi scrúdú aige. Go minic, is daoine iad a mhaireann ar imeall an tsochaí, daoine ina mbraitear coimhthíos agus deorantacht as an ngnáth. Is minic a bhíonn cuma éalúchais ar a saoil. Éalaíonn siad isteach i saol na fantaisíochta ó réalachas an tsaoil seo, réalachas nach féidir leo déileáil leis, ar uairibh.

An t-uaigneas, an éiginnteacht, an tóir shíoraí i ndiaidh an ghrá is cúis le míshocracht agus míshonas a mbaineann lena saoil. Deir Gearóid Denver go mbíonn treoir agus luachanna a shaibhreodh an bheatha in easnamh orthu arae ní chuartaíonn siad ach nithe a bhaineas le gradam saolta. Ach ní fíor sin. Is é an saol agus an chinniúint a théann i bhfeidhm ar dhaoine agus a loiteann pé deiseanna a chuideodh lena bhforbairt pearsanta.

Is taitneamhach, dar liom, an chaoi a bhaineann Pádraig Breathnach feidhm as an gcanúnachas agus ní thagaim le tuairimí Rhoda Uí Chonchúir a chuireann ina leith go dtéann sé thar fóir le saothrú an chanúnachais. Easpa tuisceana i dtaobh na mban a chuireann sí ina leith chomh maith agus an fheidhm a bhaineann sé chomh minic sin as an téarma 'éigean' nó'banéigean'. Ach, is deacair a chreidiúint go bhfuil fíor-thuiscint taobh thiar den mhéid a dúirt sé faoin tseanbhean, Móire, sa scéal 'Móire Mheirtneach'. Chuir sé ina leith go raibh sí ag súil, fiú le héigean, ó fhear uasal, sa chaoi go mbeadh páiste ginte inti.

Is trí shúile fíor-dhaonna a bhreathnaíonn an t-údar ar a chuid carachtar agus is orthu féin a iompaíonn na carachtair san agus iad ag lorg

réiteach ar a gcuid fadhbanna.

Agus comhrá á chruthú aige, is go gonta a scríobhann sé agus is minic easpa focal agus easpa caidrimh idir na carachtair. Tig leis monológ chumasach fhada a scríobh nuair a bhíonn gá leis, m. sh., sa scéal ' An Chailleach ', scéal ina bhfuil seanbhean shearbh ag cur síos ar bhean óg agus ag áiteamh gur féidir léi a cumhachtaí osnádúrtha féin a chur i bhfeidhm ar dhaoine.

Tá foclóir iontach leathan i seilbh an Bhreathnaigh. Scríobhann sé i gcanúint Chonamara. Tá líon mór dá chuid scéalta suite i ndúiche Mháigh Chuilinn agus is léir go bhfuil sé an-chompórdach sa dúiche sin lena logainmneacha agus le háilleacht an cheantair. Sa scéal 'Sa Mhám' is iontach an méid eolais a bhronnann sé ar an léitheoir maidir le háitainmneacha agus dúlra. Is le roiseanna móra cainte agus le hilghnéitheacht in úsáid na n-aidiachtaí a dhéanann sé cur síos ar an dúlra agus ar an dúiche. Ní chailleann sé deis ariamh cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar an tírdhreach, ar phlandaí agus ar éanlaith.

Ar uairibh, tarraingíonn an t-údar frásaí gáirsiúla isteach sa scríbhneoireacht, seift a chuireann leis an Raibiléiseachas. Baintear geit as an léitheoir leis an tseift seo in áit nach

mbíonn coinne ar bith leis. Is mar sin an áibhéil ar fad sna scéalta aige. Cleachtaíonn sé an ghontacht. Ní thugtar mion-sonraí dúinn nuair nach gá.

Cruthaíonn a chuid scéalta go bhfuil samhlaíocht bhríomhar ag an údar seo. Ní bhíonn leimhe i gceist riamh. Is cruthaitheoir focal é agus scríbhneoir an-bhisiúil, a théann go croí lár scéil go nádúrtha agus le scil.

---

# CAIBIDIL 3

## SAOTHAIR PHÁDRAIG STANDÚN

| | |
|---|---|
| Súil le Breith | 1983 |
| A.D. 2016 | 1988 |
| Cíocras | 1991 |
| An tAinmhí | 1992 |
| Cion Mná | 1993 |
| Na hAntraipeologicals | 1993 |

## SÚIL LE BREITH

Úrscéal comhaimseartha é 'Súil le Breith' a foilsíodh sa bhliain 1983. Leabhar iltéamach é a dhéileálann le mórfhadhbanna na ndaoine i bparóiste iargúlta, thiar, darbh ainm Paróiste Chill Chrónáin, paróiste atá scaipthe idir mhór thír agus oileán.

Cuireann an t-údar mór-fhadhbanna an phobail bhig os ár gcomhair agus déanann sé ionramháil éifeachtach ar réimse leathan ábhar. Ina measc atá aontumhacht éigeantach na sagart, agus nasctha le haontumhacht an tsagairt tá téama na collaíochta agus conas a théann fadhb an tsagairt i bhfeidhm ar shaol an chailín óig, Marion. Ríomhtar fadhbanna cultúrtha agus sóisialta na bpobal Gaeltachta agus ionad an tsagairt i bhfuascailt na bhfadhbanna san. Bíonn fadhbanna sóisialta, fadhbanna fostaíochta agus fadhb an aonarachais ag brú ar mhuintir an cheantair seo.

Pictiúr glan glé de shaol an oileáin a léiríonn an t-údar, agus an pobal oileánach mar chúlra aige. Is pobal imeallach iad atá i ndeireadh na feide. Is iad an ghlúin dheireanach, iad mar chic deireanach na háite sin. Feictear pobal ag meath agus áit á mbánú le himirce. Níl daoine ag pósadh agus níl éinne ag iompar clainne.

Is go héifeachtach agus le híogaireacht a dhéanann an Standúnach ionramháil ar théama an ghrá. Le tuiscint agus comhbhá a chuirtear fadhb na beirte os ár gcomhair, cé go ligeann sé don sagart fáil réidh le Marion i slí an-éasca dó, faoi dheireadh, nuair a imíonn sí uaidh go ciúin, i dtreo is nach dtarraingeodh sí náire ar an sagart. Tá an grá collaí ina mhórthéama sa scéal agus é bainteach go díreach le fadhb na haontumhachta agus crúachás pearsanta an tsagairt. Cuid lárnach den scéal é an caidreamh gnéasúil idir an sagart agus Marion Ward, bean óg atá fostaithe mar bhean tí aige ina theach iargúlta. Ní fada go dtosaíonn siad ag cónaí mar lánúin agus an toradh a eascraíonn as sin ná go dteipeann ar na coiscíní agus go mbíonn Marion ag súil le breith. Bhain Marion agus Tom feidhm as an gcumhacht chruthaitheach taobh istigh de chaidreamh neamhdhleathach agus as sin a thagann a gcruachás pearsanta. Léiríonn an t-údar ilghnéitheacht an ghrá a mhalartaíonn siad le chéile, idir ghrá collaí, grá rómánsúil, grá a bhíonn foighneach ar uairibh agus cantalach ar uairibh freisin. Is éasca nádúrtha an caidreamh atá eatarthu agus is go hoscailte a labhraíonn siad amach, eatarthu féin, ar a saol príobháideach agus an taitneamh a bhaineann siad as an ngníomh collaí.

Os rud é gur iar-andúileach drugaí í Marion, agus bean a d'fhulaing cailliúint an ghinmhillte, chomh maith, fuair sí faoiseamh intinne ar dtús sa pharóiste thiar, ach ba bheag an faoiseamh a bhí i ndán di nuair a fuair sí amach go raibh sí ag iompar ghin an tsagairt.

Bíonn Tom Connor mí-chompórdach i measc na ndaoine, nuair a smaoiníonn sé ar a chás féin, é ag ceapadh go bhfuil sé ag cur cluain ar na daoine. Tá sé an-íogair i dtaobh a stádais sa phobal agus airíonn sé náirithe os a gcomhair. Cé gur 'Dia beag' an phobail é Tom, is léir gur duine suarach é, i ndairíre, agus gur gníomh suarach a dhéanann sé faoi dheireadh agus ligean do Mharion cúram iomlán an linbh a thógáil uirthi féin. Cuireann sé ceist náireach ar Mharion agus í cráite, buartha, "An liomsa an ghin?" Ní raibh sé d'aidhm aici riamh cur isteach ar ghairm na sagartóireachta. B'fhearr léi imeacht i ngan fhios. Níl stádas uaithi, níl aitheantas uaithi. Bean í a d'fhulaing go mór ina saol. Glacann Tom le himeacht Mharion. Ní mórán d'iarracht a dhéanann sé í a choimeád. Faoi dheireadh, sochraíonn sí ar imeacht fad is atá an sagart ar oilithreacht. Téann sí go ciúin, gan fhuadar dá laghad, i dtreo is go mbeidh sé spáráilte os comhair

na ndaoine.

Léiríonn an t-údar a thuiscint ar an gcoinníoll daonna. Tá sé an-chumasach ina thráchtaireacht ar an tsochaí agus na laincisí a chuirtear ar dhaoine taobh istigh den tsochaí. Is go maith a láimhseáileann sé réimse mothúchán an tsagairt agus a léiríonn sé cé chomh huaibhreach, mórálach as féin is atá sé agus é go mór i mbéal na ndaoine.

Éiríonn Marion neamhchinnte faoin ngrá nuair a thuigeann sí go bhfuil sí ag iompar clainne. 'Dia beag an Iarthair' é Tom. Ní chreideann Marion ach i nDia an díoltais. Níl mórán ama tógtha suas ag Tom ag smaoineamh ar Mharion agus an t-athrú saoil atá i ndán di. Tá greim níos láidre ag a Eaglais air ná mar atá ag máthair a linbh air. Ligeann sí dó fanúint lena Eaglais sheasc.

Tá fó-phlotaí sa scéal a léiríonn dearcadh na bhfear i leith na mban. Fear óg inphósta é Paddy McEvilly a bhí ag iarraidh a dheis a thapú le hiriseoir óg a tháinig go dtí an t-oileán. Ní fhaca sé inti ach deis a dhúil sa ghnéas a chomhlíonadh, sprioc nár éirigh leis a bhaint amach. Thit sé i ngrá le cailín óg teasaí de bhunadh an oileáin, cailín go raibh an-saint aici i gcúrsaí craicinn. Ach, an chéad uair a tharlaíonn comhriachtain eatarthu

bíonn Paddy náirithe nach ndearna sé 'gaisce mór' de. Ba mhian leis laochas a chur ina leith féin agus samhlaítear dó ceangailt idir an ghaiscíocht agus cúrsaí gnéis. Meon agus dearcadh den tsaghas céanna atá ag Jack Paddy. Agus é ag caint ar a bhean chéile, atá ag súil le páiste, ba mhaith leis a chur in iúl gur 'gaisce mór' a rinne sé. Tá sé fíor-bhródúil as an ngaisce agus é ag maíomh go bhfuil Máire 'leagtha suas ' aige. Ach nuair a chailltear an naíonán óg nua, titeann Máire faoi ualach mór an bhróin agus bíonn Jack an-chorraithe freisin faoin mbás gan choinne.

Meon coiteann i measc na bhfear é go bhfuil gaiscíocht bainteach leis an gcollaíocht. Cuid den bhéaloideas é go mbíonn sé de dhualgas ar fhear é féin a chruthú mar fhear agus páiste a ghiniúint.

Conclúid : Cruthaíonn an Standúnach ina chéad úrscéal go bhfuil ar a chumas an grá a ionramháil go héifeachtach mar ábhar, ach léiríonn sé an bhean ina foinse gnéis amháin, gan í a bheith ina comhpháirtí iomlán i gcúrsaí grá. Ní rath a tháinig ar an ngrá neamhdhleathach a chleachtaigh Tom agus Marion. Ar mhaithe Tom a d'imigh Marion ach ní léir nó ní thugtar fiú leid go mbeidh aon toradh fiúntach ar an scarúint sin, ach oiread. Ní léir go bhfuil suaimhneas croí i

ndán do cheachtar acu. Léiriú éifeachtach é, chomh maith, ar bhoige agus stuaim na mban i gcomparáid le gairbhe, gáirsiúlacht agus fiú leanbaíocht na bhfear.

---

A.D. 2016

Séard atá san úrscéal neamhchoitianta teagascúil seo ná aoir ar chungaigeantacht agus cinsireacht na hEaglaise Rómhánaigh sa lá atá inniu ann. Is buntéama don scéal é aistear an tseanfhir ag iarraidh na fírinne a aimsiú ina shaol, ag iarraidh teacht ar thuiscint ar an gcreideamh roimh dheireadh s shaoil. Tá sé d'aidhm ag Pádraig ceann scríbe a bhaint amach agus a bheith i láthair do Chomóradh Mór na Náisiúntóirí. Agus é trí scór go leith, beagnach, tá sé ag bualadh bóthair ó iarthar na hÉireann ar a oilithreacht dheireanach go Baile Átha Cliath. Duine é nár éirigh leis a cheann scríbe a bhaint amach i gcúrsaí a shaoil féin riamh agus dá bhrí sin, tá tábhacht áirid ag baint leis an aistear seo. Is féidir a rá gur aistear siombalach é a sheasann don teip i saol an fhir. Tá an bás ina chompánach seasta aige ar an mbóthar, os rud é go bhfuil galar nimhneach, ailse, ag goilliúint air. Úsáideann an t-údar meafar

neamhchoitianta le cur síos ar an bpian a bhaineann leis. Deir sé go bhfuil Pádraig ag iompar ghin an diabhail, agus a bholg ataithe leis, meafar a ritheann tríd an leabhar iomlán. Le dhá scór bliain, tá droim láimhe tugtha ag Pádraig don chreideamh agus é i ndabht go mór faoi neamh agus ifreann. Is aistear ar bhóithrín na smaointe is mó a bhíonn ar siúl aige ar a oilithreacht dheireanach.

In Éirinn na bliana 2016, tá na Náisiúntóirí i réim agus in uachtar, Rialtas agus Eaglais in aon leaba amháin. An Eaglais a mhúnlaíonn aigne na ndaoine óga. Ní óltar deoch. Ní thógtar drugaí. Bíonn féin smacht i gceist. Tír, teanga is teagasc Críostaí an mana a bhíonn ag an aos óg. Tá na daoine óga an-choimeádach, gan spiorad fágtha iontu agus iad go huile is go hiomlán faoi gheasa ag an Eaglais thiarnúil. Tá an tsaoirse ó thaobh collaíochta imithe agus an Eaglais ag cothú díograise agus dílseachta, ag brú móideanna geanmnaíochta ar dhaoine agus iad ag dul faoi láimh Easpaig. Ní chreideann Pádraig i lámh láidir na hEaglaise sna cúrsaí sin. B'fhearr leis an ghraostacht ná an Chríostaíocht Phiúratánach a chleachtaíonn an t-aos óg.

Is dealraitheach go bhfuil an grá, nó tóir an ghrá ina mhórthéama san úrscéal, ar dhá leibhéal,

an grá daonna agus grá Dé. Ba ábhar sagairt ,Pádraig, tráth, ach do thréigh sé gairm na sagartóireachta in ainm an ghrá daonna. Bhí sé ar intinn aige ealaíontóir óg, a phósadh, ach d'eithigh sí roimhe. Chaith sé a shaol as san amach, i ngrá léi, ag brionglóidí fuithi. Chuir sé a shaol amú ar mhaithe le bean nach raibh aige riamh. Ní raibh an grá fisiciúil ina shaol aige, ach oiread. Mheas Pádraig gurb é an grá an t-aon ní amháin go mbíonn duine sásta a shaol a chur amú i ngeall air. Bhí a fhealsúnacht féin aige i dtaobh an ghrá. Idéal a bhí ann dó. Comhlíontar an grá ar leibhéal fisiciúil dó leis an eachtra a tharlaíonn le Muiréad, ach ní dhéanann an méid sin aon difríocht dá shaol, ag an bpointe sin.

Fuair Pádraig cur amach ar an homaighnéasachas, chomh maith, ach bhí a fhios aige, go luath, nach raibh aon luí aige len a leithéid. Is truamhéileach an carachtar é Pádraig, a airíonn nach bhfuil ceann scríbe bainte amach aige ina shaol, ina oilithreacht ar thóir grá ban nó ina thóir ar ghrá Dé. In am an ghátair, níl sagart nó deasghnátha na hEaglaise uaidh agus é ar tí an saol seo a fhágaint. Duine imeallach, uaigneach é nach ngéilleann do bhréagchráifeacht na linne.

Castar lánúin ar Phádraig ar an mbóthar, lánúin a sheasann do thionchar na hEaglaise ar mhianta na ndaoine óga. Beirt iad atá an-mhór le chéile, ach tá greim chomh docht san ag teagasc na hEaglaise orthu, nach ngéillfidh siad do mhianta nádúrtha na colainne agus a ngrá dá chéile a chomhlíonadh le gníomh collaí. Ach nuair a tharla gníomh gnéis idir Mhuiréad agus an seanfhear, bhí prionsabail agus móideanna caite san aer aici, in aon babhta amháin cathaithe.

Conclúid : Ligeann an Standúnach an tsamhlaíocht le sruth sa saothar seo ag cruthú sochaí na 21ú aoise. Is go cliste a chruthaíonn sé an nua-aoiseachas agus mion sonraí faoi theilgeoirí, aer-bhusanna srl., a chaitheamh isteach. Tá idir ghreann agus ghráirsiúlacht sa scéal, a chuidíonn leis an scáth éadóchasach a dhibirt anois is arís agus a choimeádann spéis an léitheora. Scéalta beaga barúla a bhíonn ag Pádraig chun an bóthar a ghiorriú. Cé go gcuireann Seosamh graostacht ina leith, tá níos mó den mhagadh agus den ghreann sna scéalta ná rud ar bith eile. Tá guth an údair ró-shoiléir tríd, ag seanmóirí, ag díspeagadh, ag tuairimíocht ar an bpolaitíocht agus ar dhlithe cúnga na hEaglaise. Is éasca a thuiscint nach bhfuil mórán dáimh ag an údar le

hEaglais atá chomh cúng, caolaigeanta is atá an Eaglais Chaitliceach sa 21ú haois, scáthán é ar Eaglais an lae inniu.

---

CÍOCRAS

Is buntéama don úrscéal gearr seo ná an troid in aghaidh rialacha dochta na hEaglaise in aontumhacht éigeantach na sagart. Tá an sagart anseo stractha idir ghrá do bhean agus dlí na hEaglaise a chuireann cosc ar a cléir pósadh. Is in ainm a bheith ag iarraidh cead pósta a fháil do na sagairt a théann sé ar stailc.

Sagart lách, tuisceanach, a thug togha na haire do mhná óga i gcruachás be ea Peait Bairéad agus a ainm i mbéal an phobail mar dhuine fíor-charthanach. Duine é a bhí idéalach riamh faoin ngrá. Níor chreid sé ar dtús, go raibh contúirt dá laghad ann, go dtitfeadh sé i ngrá le Treasa. Ach, bhí teannas an ghrá ag méadú eatarthu in aghaidh an lae agus ní fada go rabhadar ag cónaí mar ghnáth-lánúin. Bhí Peait idir dhá chomhairle faoi imeacht agus pósadh nó cloí lena ghairm. Bhí an frith-ghnéasachas ginte go smior ann, dála na cléire i gcoitinne. i ndeireadh, ní raibh sé toilteanach bóthar cúng

na haontumhachta a thréigean ar mhaithe le mná. Comhbhá a bhfuair an sagart ó líon mór na ndaoine agus tuiscint, chomh maith. Léirigh na daoine a meas ar an ngrá, fiú ar an ngrá mímhórálta agus iad toilteanach seasamh taobh thiar den sagart. Ní airítear an meas céanna a bheith acu ar Threasa ámh. Is amhlaidh a chuir siad locht ar an mbean i dtaobh a tharla. Bean neamhspleách í Treasa, nach raibh sásta leanúint ar aghaidh sa saol leis an sagart, ceal aitheantais. Socracht agus buanacht a bhí fíor-thábhachtach di féin agus dá hiníon. Theastaigh uaithi Peait a phósadh, páistí a thógáil, gnáth-shaol a bheith acu i dteannta a chéile. Cé go raibh caidreamh, meas agus grá láidir i gceist, bhí fadhbanna do-sháraithe i gceist, chomh maith, a d'fhág nach raibh an dara rogha acu ach scarúint ó chéile. Shocraigh Peait ar 'Bastille' na haontumha a ionsaí le stailc ocrais agus é an-chráite gur féidir le grá Dé a theacht idir fhear agus bean. Dia agus a mháthair Eaglais a scar iad, ar ndóigh.

Conclúid : Úrscéal é seo ina bhfuil aontumhacht éigeantach ina mhórthéama tríd síos. An streachailt idir ghrá daonna agus dlí sheasc na hEaglaise atá ina bhunsmaoineamh taobh thiar den scéal. Bhain Peait a aidhm amach i slí agus aird na tíre dírithe

ar fhadhb mhór na haontumhachta. Na mná a fhulaingíonn is mó de bharr na haontumhachta, dar le Treasa.

Níl in eachtraí an scéil tanaí seo ach deiseanna don údar a dhearcadh féin a nochtadh. Tá sé le haithint is le clos go ró-mhinic ann. Aidhm teagascúil atá aige anseo freisin. Tá a theachtaireacht níos tábhachtaí dó ná forbairt carachtar. Ní thugtar pictiúr cuimsitheach dúinn den sagart mar dhuine. Tá forbairt níos iomláine déanta aige ar charachtar Threasa agus cúlra a scéil. Léiríonn an Standúnach a mháistreacht ar an gcomhrá anseo trí na comhráite éasca nádúrtha a tharlaíonn sa phub agus idir na mná a fhreastalaíonn ar an sagart.

---

AN tAINMHÍ

Scéal béaloidis, go bunúsach, é 'An tAinmhí'. Tá an greann is an Raibiléiseachas ceangailte go cliste ag an údar le hiompar agus geaitsí an ainmhí. Neach séimh cineálta é An tAinmhí ach tá an bhrúidiúlacht is an bhéistiúlacht lonnaithe ann, chomh maith. Bíonn eachtraí uilig an scéil fite fuaite le himeachtaí an ainmhí. Is é an t-ainmhí an nasc idir na carachtair ann. Cuid lárnach de shaol an oileáin é, cuid den

seanchas a bhaineann leis an áit. I bpobal beag coimeádach, áit go bhfuil an-chreidiúint sna piseoga agus sa saol osnádúrtha, feileann sé dóibh púca nó síog nó ainmhí de shaghas eicínt a chruthú, a chothaíonn an tsamhlaíocht, a choinníonn spiorad sna daoine agus a úsáidtear mar bhagairt ar pháistí dána, ar uairibh. Cuid lárnach de tharraingt an ainmhí ná an éiginnteacht a bhaineann leis. B'fhéidir gur rud sa chloigeann é nach bhfuil substaint dá laghad ag baint leis.

Is iomaí carachtar a chastar orainn sa scéal seo, cé nach bhfuil mórán forbartha déanta ar roinnt mhaith dóibh. Chomh fada is a théann téama an ghrá, tá níos mó den easpa le braith ar na carachtair ná comhlíonadh nó sásamh ina saoil. Gnáth lánúin pósta iad Tomás agus Sorcha atá an-tógtha le cúrsaí oibre agus cúrsaí clainne. Táid cruógach, ag iarraidh maireachtáil ar an ngannchuid. Tá frustrachas i saol Shorcha de bharr easpa grá collaí, ach is léir gur féidir léi Tomás a spreagadh chun gnímh is a mhealladh, ar uairibh. Tá easpa mhór ar shaol Mhaggie chomh maith, agus í gafa lena máthair go deo. Airíonn sí uaithi an grá agus í éadmhar faoi shaol pósta a deirféar, Sorcha. Bean thruamhéileach

í Maggie a chailleann blianta luachmhara a hóige ag tabhairt aire don mháthair chantalach neamhbhuíoch.

Leannáin óga iad Edward Jeaic agus Treasa Shéamaisín. Tharla eachtra gnéis eatarthu faoin aer, eachtra inar ghlac an t-ainmhí ról an leannáin i ngan fhios do Threasa, nuair a bhí Edward imithe ar feadh tamaillín bhig. Tagann cumas grinn an údair chun cinn in insint na heachtra sin agus sa chomhrá a leanann é. Bhí Treasa scanraithe go mbeadh sí ag súil le breith, ach níor thuig Edward cén fáth a bheadh cúrsaí amhlaidh. D'éirigh easaontas eatarthu, dá bharr, ach réitigh siad a gcuid fadhbanna agus tá geall sa scéal go dtiocfaidh rath ar an ngrá dóibh.

Is ar charachtar an ainmhí féin a dhéantar an fhorbairt is iomláine sa saothar seo. Ó na heachtraí ina nglacann sé ról agus ó ráitis dhaoine eile faoi cruthaítear pictiúr cuimsitheach d'aonarán uaigneach, céasta, atá ina ' Rí ' ar an oíche. Duine é a theip go holc ina aistear ar thóir an ghrá daonna, duine nach raibh in ann glacadh lena chinniúint nuair a d'eitigh Kate, máthair Mhaggie é a phósadh, cé go raibh socrú déanta acu chuige. Theip air lámh a chur ina bhás féin, ina dhiaidh. An teip is mó atá ina shaol, agus é scartha amach

ón tsochaí. An t-uaigneas a thiomáineann ar ais i dtreo na ndaoine arís é. Tugann sé lámh chúnta dá dhearthair, i ngan fhios. Níl aon dabht ach go raibh an grá de dhíth air. Easpa agus contrárthachtaí a bhí ina shaol, é 'marbh' i gcuimhne na ndaoine agus é 'beo' fós. Ní féidir leis teacht ar ais ar an saol agus ní féidir leis fanúint marbh, ach oiread. An gá le caidreamh daonna a tharraingíonn ar ais é agus féachann sé amach le deiseanna a fháil dul i mbun gnímh collaí. Gliúmálaí é an t-ainmhí , chomh maith, a fhanann taobh amuigh de fhuinneoga ag iarraidh spléachadh a fháil ar dhaoine i bpríobháideachas an tseomra leapan. Ba mhinic a chaith sé oíche ag féachaint isteach ar Mhaggie, sa chaoi seo. Is léir gur spéis dó an bhéistiúlacht freisin, mar, nuair a fuair sé deis dul i mbun gnéis le Treasa dúirt gur "fearr í i bhfad ná caora Shamhna". Thapaigh sé pé deis a tháinig ina threo i gcúrsaí collaí. Bhí spraoi aige tráth le grúpa ban i gcampa samhraidh, mná a thug sásamh colainne tharr barr dó. Bhíodh sé ar bís fiú ag machnamh siar orthusan. Maggie bhocht chráite a thug dídean dó ar deireadh thiar agus bhain sé sásamh colainne uaithi, chomh maith. Tugtar le tuiscint go bhfuil Maggie torrach agus an

t-ainmhí ina athair ar an ngin.

Conclúid : Grá gan rath, frustrachas, brúidiúlacht agus béistiúlacht a ríomhtar anseo. An greann an bua is mó a léiríonn an Standúnach sa saothar seo. Is iad na heachtraí beaga greanmhara agus na comhráite barrúla a chothaíonn spéis an léitheora, tríd is tríd. Níl aon doimhneacht ag baint le forbairt na gcarachtar. Ní mórán d'athrú a thagann ina saoil ó thús deireadh an scéil.

---

## CION MNÁ

Úrscéal comhaimseartha, iltéamach é 'Cion Mná', ina bhfuil an caidreamh idir Therese, Príomhfheidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta agus Bridie, an mháthair aonair, ina phríomhthéama. Is taobh istigh de fhráma an tsaothair seo a dhéanann an Standúnach ionramháil ar ábhar an leispiachais don chéad uair. Ardaíonn sé líon mór téamaí tríd, ina measc siúd, an leispiachas, an grá collaí, foréigean agus brúidiúlacht na bhfear, éigniú, fadhbanna an Údaráis agus an pholaitíocht cham.

Is léir go mbaineann an t-údar feidhm as ardán an úrscéil le téamaí móra a phlé. Ní hé an charachtracht an chloch is mó ar a phaidrín, ach

ceisteanna móra an lae, abair, i gcúrsaí collaí nó i gcúrsaí polaitíochta. Tá cuma ar an scéal go dtosaíonn an t-údar le hidé, m.sh., go dteastaíonn uaidh ceist an leispiachais a phlé agus go gcruthaíonn sé an scéal timpeall ar sin.

Bean ghairmiúil, éifeachtach, uaillmhianach í Therese a fhostaíonn an mháthair óg, Bridie, atá tréigthe ag a fear céile. Agus iad ag maireachtáil in aontíos fásann cairdeas agus caidreamh eatarthu beirt, cairdeas a iompaíonn ina chaidreamh gnéasúil le himeacht aimsire. Agus iad ag nochtadh rún a mbeatha dá chéile, faigheann siad amach gur spéis dóibh araon an leispiachas agus go bhfuil an claonadh san iontu araon. Luíonn siad le chéile, cé nach mórán de chur síos a dhéahann an t-údar ar chúrsaí eatarthu. Tagann an fear céile dathúil ,John, abhaile ó phríosún i Sasana agua é d'aidhm aige seilbh a fháil ar a bhean agus ar a mhac arís. Fear brúidiúil é go bhfuil an foréigean ginte go smior ann, fear a rinne éigniú ar Bhridie an chéad uair a casadh ar a chéile iad. Cuireann Therese an locht ar a hathair féin go raibh sí amhlaidh agus luí aici le leispiachas mar bhí an t-athair ag plé léi i slí ghnéasúil le linn a hóige. Ag na fir a bhí an chumhacht ar fad, dar léi. D'éirigh sí fuar

reoite de bharr iompar an athar. Is le híogaireacht a dhéanann an Standúnach ionramháil ar réimse mothúchán na mná seo agus cruthaíonn sé arís a inniúlacht ag dul i ngleic le fadhbanna na sochaí. Léiríonn sé an t-éad gur féidir a theacht idir chairde isteach sa phictiúr, i gcás an leispiachais. Cé go raibh cairdeas agus tuiscint idir Bhridie agus Therese, nuair a fuair Bridie cuireadh amach ó fhear, tháinig an t-éad nimhneach chun cinn. Tháinig an t-éad chun cinn chomh maith, nuair a d'fhill John agus rinne iarracht caidreamh a dhéanamh le Bridie, as an nua. D'admhaigh Therese go raibh sí i ngrá le Bridie agus í i  gcoimhlint le John, dá grá. D'airigh sí nach raibh aon chaidreamh sásúil aici riamh mar a bhí aici le Bridie.

Bhí dabhtanna ag Bridie, í amhrasach go leor faoin gcaidreamh gnéasúil le Therese agus scanradh uirthi i dtaobh a linbh óig, Caomhán, agus é tógtha suas ag beirt bhan. Cé gur admhaigh Bridie go raibh trioblóidí aici leis na fir, níor chreid sí gur leispiach a bhí inti féin. D'airigh sí nach raibh na cúrsaí sin ceart nó nádúrtha di. Sort pleidhcíocht a bhí i gceist, dar léi.

Tháinig an t-éad is an fuath chun cinn arís agus eolas faighte ag John gur leispiach í Therese,

agus a bhean chéile seisean meallta aici. Agus é ar ais ar an ól arís, thug sé cuairt ar an teach nuair a bhí Bridie ina haonar agus rinne éigniú uirthi. Fritheadh a chorp an mhaidin dár gcionn.

Conclúid : Ní triantán clasaiceach an ghrá atá anseo ach triantán í ina bhfásann agus a mhéadaíonn an teannas de réir mar atá an triúr ag cur a gcuid mothúchán in iúl. Taobh le taobh leis an ngrá agus an cion atá éad agus fuath. Bronnann Therese grá go fial ar an ngasúr óg agus ar a mháthair freisin. Níl John in ann caidreamh gnéasúil le bean eile a chur i leith a mhná féin, mar is maith is eol dó dúil fholláin a bheith ag Bridie i gcúrsaí craicinn. Ach ní féidir leis srian a choimeád ar a chuid mothúchán, faigheann an foréigean an lámh in uachtar agus briseann amach tríd sa ghníomh foréigneach deireanach a dhéanann sé ina shaol.

---

NA hANTRAIPEOLOGICALS

Is iomaí téama a théann tríd an úrscéal seo agus is mórthéama ann an chollaíocht agus na torthaí a eascraíonn as, nuair nach gcoimeádtar srian ar mhothúcháin is ar chlaonta. Aoir ar chúngaigeantacht mhuintir na hÉireann i gcúrsaí gnéis é.

Seachas an grá, ríomhtar téamaí éagsúla eile sa saothar seo. Ina measc atá, an t-uaigneas in áit bhánaithe, cúrsaí creidimh, greim eacnamaíoch agus polaitiúil na ngaimbíni ar na daoine, an choimhlint idir shóisialachas agus caipitleachas, an féinmharú, fadhb an óil, an pholaitíocht cham.

Chomh fada is a théann téama na collaíochta, déantar plé éifeachtach ar ghnéithe éagsúla de : Daoine óga nach bhfaigheann seans ar an ngrá in áit iargúlta atá bánaithe de bharr imirce; an frustrachas i saol an bhaitsiléara; an t-éigniú agus a thionchar ar shaol chailín fíor-óig; an bhean doshásta i gcúrsaí craicinn; an ciapadh gnéasúil; peaca na drúise i saol an tsagairt; mí-iompar gnéasúil curtha i leith an mhúinteora.

Seasann Tomás agus Micí Bheartla do óige an cheantair. Tá a fhios acu araon nach bhfuil mórán seans acu ar an ngrá. Is maith a thuigeann siad fadhb an fhrustrachais, ach tá misneach ag Tomás. Is dúshlán dó an cailín nua, an iriseoir Siobhán, a thagann don Ghleann. Níl nádúr ar bith ag baint le saol an duine óig sa Ghleann, dar leis. In aois a trí bliana déag cuireadh éigniú ar Mháirín Aibhistín agus saolaíodh naíonán di, mac a tógadh ag máthair altrama. Chaill sí a cuid cainte, nó choimeád sí

a cuid cainte faoi cheilt de bharr an éignithe. Cothaíonn an Standúnach comhbhá doimhin di ina léiriú ar an gcaidreamh idir mháthair agus mhac agus cruthaíonn pictiúr réalaíoch den scanradh i saol an chailín thruamhéalaí. Ní raibh a fhios aici féin, arbh é an Meiriceánach, Hank, nó an máistir scoile, Tim, a rinne an feall uirthi.

Bhí a fhadhbanna féin i saol an tsagairt, Daithí Ó Dubhda, agus é ag streachailt le fadhb an óil. Ghéill sé don deoch agus dá mhianta drúisiúla freisin. Bhí sé buartha, cráite faoi pheaca na drúise, ach chreid sé nach raibh an peaca aonair chomh holc le peaca a tharraingeodh duine eicínt eile isteach sa scéal.

Nuair a thosaigh Risteard, ceannaire ar an saor-raidió, ag cur suime ar leith i Siobhán agus á ciapadh i slí ghnéasúil, bhagair sí an dlí air, rud a chuir críoch éifeachtach leis an gciapadh. Bhí cúrsaí grá ar intinn ag Siobhán agus thit sí i ngrá le Tomás. Níor chreid Tomás , ar dtús, go mbeadh seans dá laghad aige leis an iriseoir óg oilte, ach d'fhás caidreamh agus tuiscint eatarthu de réir a chéile agus shocraigh siad ar phósadh. Tháinig rath ar an ngrá rómánsúil eatarthu, gné amháin den scéal a thug dóchas agus misneach don

Ghleann.

Bhí dúil do-cheansaithe ag Éibhlín Ní Chonsaidín sa ghnéas. Pléisiúr is sásamh a bhí uaithi. Sort 'lúthchleasaíocht' a bhí i gcúrsaí collaí aici. Bhí sí pósta ar Tim, máistir scoile sa Ghleann, ach ba é Hank, an Meiriceánach a dhúisigh mar bhean í agus a thaispeáin di gach a bhí ar eolas aici i gcúrsaí craicinn. A hathair a bhíodh ag plé léi ina hóige. Ní raibh Éibhlín i ngrá le Hank, ach bhí greim eicínt aige uirthi. Bhí an-scil ag Hank, an-chumas ann chun í a chur ag crith le paisean. Bhí Hank ar nós druga aici, ach grá Tim a bhí uaithi. Ní mórán den ghrá bhí fágtha ag Tim di, níos mó den fhuath a bhí ina chroí seisean. Chomh luath is a fuair Éibhlín amach go raibh seans an galar seif a bheith ar Hank, thréigh a spéis ann, ar an toirt.

Conclúid : Léiriú atá anseo den saghas bhean a chuireann an iomad de bhéim ar an taobh collaí dá saol. Braithim go bhfuil sé d'aidhm ag an údar geit a bhaint as an léitheoir agus an méid sin agus an éagsúlacht sin de fhadhbanna gnéasúla a nochtadh taobh istigh de úrscéal amháin. Saothar aoiriúil é ina sheasann fadhbanna na ndaoine i gceantar beag coimeádach do chaolaigeantacht an Éireannaigh i gcúrsaí collaí.

## CONCLÚIDÍ GINEARÁLTA

Scríbhneoir cruthaitheach é Pádraig Standún a ardaíonn mór-fhadhbanna na linne agus a théann i ngleic leis na fadhbanna sin i saol na gcarachtar a chruthaíonn sé. Tá blas na collaíochta le haireachtáil ar a shaothair uilig. Ritheann an chollaíocht mar mhórthéama tríd síos. Is go héifeachtach a dhéanann sé ionramháil ar an ábhar tríd. Ardaíonn sé fadhbanna. Ní thugann sé réiteach, ní thugann sé breithiúnas, ach oiread. An grá gan chúiteamh, an grá toirmeasctha, is mó a bhíonn i gceist aige. Bíonn aontumhacht éigeantach na hEaglaise Caitilicí ina mhórthéama aige. Taobh istigh den chreatlach sin scrúdaíonn sé an grá neamhdhleathach agus a toradh a eascraíonn as.

Tá scéal Tom agus Marion i SLB. agus scéal Peait agus Treasa i C. comhthreomhar.Ní thréigeann na sagairt sin an mháthair Eaglais, ar mhaithe le grá. Ní bhíonn de rogha ag na mná ach imeacht agus iarracht a dhéanamh tosú arís sa saol, as an nua. Is léir go gcreideann an t-údar in idéalachas an ghrá, ach cuireann réalachas an tsaoil deireadh leis an idéalachas. Is go cróga a ardaíonn an Standúnach fadhb na haontumhachta. Mar a dúirt Cormac Ó Cianáin ina léirmheas ar SLB "Níl an focal deiridh nó leathdheiridh

canta ag Pádraig Standún ar an gceist seo, ach tá níos mó misnigh is scile léirithe aige ina shaothar, ná mar a léiríodh le caoga bliain ag cliarlathas i ndiaidh cliarlathais."

Ina critic ar SLB ardaíonn Caoilfhionn Nic Pháidín ceist thábhachtach faoin Standúnach - "An bhfuil rian na bolscaireachta ró-láidir agus ró-fheiceálach ann?" Agus arís, " Cé acu is tábhachtaí don údar, carachtar Tom Connor a léiriú, nó Tom Connor a chruthú chun tuairimí áirithe a chur in iúl?" Admhaíonn an t-údar go mbíonn aidhm theagascúil lena chuid scríbhneoireachta. Mar a dúirt Gearóid Denver ina léirmheas ar A.D. "Is bunúsaí cúram an teagaisc ná cúrsaí aeistéitice agus cruthaitheachta i saothair Standúin".

Tráchtaire sóisialta é atá an-tógtha le fadhbanna sóisialta na linne. Is minic é ag seanmóireacht. Baineann sé feidhm as a chuid carachtar chun téama a fhorbairt agus aird a tharraingt ar fhadhbanna. Bíonn níos mó den tábhacht ag baint le téamaí ná le carachtair. Bíonn an charachtracht saghas tanaí dá bharr agus is laige mhór ar a shaothar é.

Cíorann sé fadhbanna an duine aonair. Is minic is ar thréithe diúltacha an duine a leagann

sé béim, m.sh., an foréigean, brúidiúlacht, béistiúlacht, éigniú, féinspéiseachas. Is maith a thuigeann sé aonarachas agus frustrachas an duine, go mór mhór i gceantar iargúlta.

Níl aon drogall ar an údar seo cur síos a dhéanamh ar bheagnach 'chuile ghné den chollaíocht. Tarraingíonn sé aird an léitheora ar an homaighnéasachas in AD. Tá an leispiachas ina mhórthéama i CM. Léiríonn sé tuiscint ar nádúr an duine. Ní mór a áiteamh go mbaineann sé feidhm as samhlaíocht an-bheomhar agus é ag cur síos ar chúrsaí collaí, go mór mhór i gcuid de na heachtraí a lúann sé in AIN. Is cliste an tseift í aige an t-ainmhí a úsáid mar 'cheamara', a dhéanann tráchtaireacht ar shaol sóisialta an oileáin in AIN.

Níl Brian Ó Riagáin sásta go gcuirtear an locht i leith na bhfear faoi fhadhb an leispiachais i CM. Deir sé go " Samhlaítear an leispiachas mar chineál aimhréire nach mbeadh ann dá mbeadh caidreamh folláin acu le fear."

Ní aon fhéachaint siar mhaoithneach a bhíonn ar siúl ag an Standúnach, ach é ag déileáil le cúrsaí na linne i slí réadúil. Glacann sé le réalachas an tsaoil chomhaimseartha. Mar a dúirt Victoria White in 'Irish Times an tSathairn , Bealtaine

7, '94, " Standún's cultural importance to the Irish language, as a man unafraid to get out and sell books which are unashamedly contemporary in their themes, cannot be overstated."
Níl aon amhras ach gur leis an lá inniu a bhaineann na téamaí a roghnaíonn sé.

-----------------------------------------------

## STÍL PHÁDRAIG STANDÚN

Stíl éadrom, nádúrtha, dhíreach, shimplí a chleachtaíonn an t-údar seo. Léitheoireacht thaitneamhach, éadrom a chuirtear os comhair an léitheora. Cruthaíonn sé comhráite an-nádúrtha, inchreidte. Léiríonn sé an-mháistreacht ar an gcomhrá agus ar an ngreann Raibiléiseach, chomh maith. Scríobhann sé don ghnáth-phobal agus ríomhann sé téamaí agus fadhbanna atá go mór i mbéal an phobail, chun iad a chur ag smaoineamh. Ní thugann sé réiteach, ach tugann ábhar machnaimh don phobal. An laige is mó atá air ó thaobh cruthaitheachta de ná an aidhm shoiléir theagascúil a bhíonn aige, sa chaoi go mbíonn an iomad de ghuth an scríbhneora le braistint ar a shaothar.

Tarraingíonn sé isteach na focail Bhéarla choitianta a úsáidtear go forleathan ar fud na Gaeltachta, m.sh., 'le trust'. Cur síos lom go

leor a chleachtaíonn sé. Is annamh a bhíonn liriciúlacht i gceist. Níl sé tógtha le háilleacht na tíre, nó le cúrsaí a bhaineann leis an dúlra. Déanann sé ionramháil ar líon mór carachtar, ach is ar éigean a dhéanann sé forbairt shásúil orthu. Is féidir a rá gur cruthaitheoir focal agus teagascóir é ag an am céanna.

---

# CAIBIDIL 4

## SAOTHAIR PHÁDRAIG UÍ CHÍOBHÁIN

| | |
|---|---|
| Le Gealaigh | 1991 |
| An Grá Faoi Cheilt | 1992 |
| An Gealas i Lár na Léithe | 1992 |

## LE GEALAIGH

Sa bhailiúchán ollmhór seo ina bhfuil dá cheann is fiche de ghearrscéalta, ardaítear téama an ghrá taobh istigh de 82% de na scéalta, figiúr a chruthaíonn go bhfuil mórthábhacht ag baint leis an téama seo ag Pádraig Ó Cíobháin. I measc na ngnéithe éagsúla den ghrá a ríomhtar in 18 scéal ann tá:

1. Airc chun an ghrá i saol na ndaoine a fhágtar ar an trá fholamh
2. Dúiseacht na collaíochta in aosánach óg
3. Frustrachas gnéasúil
4. Éalú i saol na fantaisíochta
5. Daoine óga ar thóir craicinn, an raimleáil ar thóir leathair
6. Tionchar na timpeallachta ar an meon i gcúrsaí gnéis agus neamhshuim tuismitheoirí i bhfás agus forbairt a gcuid gasúr
7. Tábhacht na collaíochta i saol chailín óig
8. An géilleadh don chathú gnéasúil
9. An gníomh gnéis mar fhaoiseamh ó réadachas an tsaoil
10. Cúrsaí ban agus dúil sna fir

AIRC

An téama a phléitear sa chéad scéal'Airc' ná an dóchas agus an airc chun na beatha a bhíonn ann de shíor, in ainneoin cruatan agus anró agus in ainneoin imeacht na hóige agus na seansanna ar an ngrá. Bíonn an airc chun na beatha go fíor-láidir sa duine, fiú sa tsean-bhaitsiléar atá tógtha le cursaí feirme agus nach bhfuair seans ariamh teacht i dtuiscint ar chomhluadar ban. Máthair cheannasach thiarnúil nach scaoilfeadh a greim riamh orthu agus saoirse chun pósadh a thabhairt dóibh, a ba chúis le cruachás Sheáin agus Éibhlíne. D'airigh Seán go raibh a shaol féin ar chomhchéim leis an stail a coilleadh ina óige, an caidiún mór buí. Agus Éibhlín ag freastal ar thórramh na máthar is ag caoineadh a banúlachta féin atá sí, go bhfuil a saol ag sleamhnú thart gan mórán de sheans fágtha aici pairtnéir a aimsiú. Díbríodh gruamacht an scéil ag a dheireadh nuair a bhraith Seán nach raibh sé ró-dhéanach dó fós do thabhairt faoi bhean a fháil. Ní ghéillfeadh sé do réadachas an tsaoil, bhí a bhrionglóid féin aige faoi. Is ar nóta dóchais a chríochnaíonn an scéal. Téama sean-chaite go leor a phléitear anseo ach is le tuiscint a dhéanann Ó Cíobháin ionramháil

air agus fágtar an léitheoir le smut den dóchas don bhfear meán aosta in áit nach bhfuil fiú daoine óga ag pósadh agus áit nach bhfuil fhios cathain a thiocfaidh bunóc eile ar an saol.

AOSÁNACH

Dúiseacht na collaíochta in aosánach óg agus na dabhtanna a ghabhann leis is buntéama don scéal 'Aosánach'. Tugtar léiriú ar óige agus neamhurchóid an bhuachalla atá ag teacht in inmhe, ag teacht isteach ar shaol an ghrá. Leagtar béim ar thionchar a chomhaoiseanna agus an gá a bhíonn le 'laoch' i saol an bhuachalla , laoch óna dtógfadh sé comhairle is treoir. "A leithéid de laoch a bhíonn ag teastáil ó 'chuile bhuachaill agus é ag fágaint saol an linbh." An tsráidbhaile an áit inar bhailigh na haosánaigh le chéile le dul ag na pictiúirí agus iad fós leath ina bpáistí, leath ina ndéagóirí. Leanbaíocht agus fás gnéasúil a bhí i gceist. Na seascóidí a bhí ann agus réabhlóid na ndéagóirí ar siúl. Bhí an t-aosánach ag smaoineamh ar an ngrá, ar gheanmnaíocht an ghrá, gan a bheith spreagtha fós i slí chollaí leis an spéirbhean sa scannán, é ag guí go neamhurchóideach ar Dhia cailín álainn a chur chuige chun a chuid grá a dháileadh uirthi.

Níor thuig sé an cheangailt idir an grá agus an chollaíocht fós. Thosaigh sé ag 'titim i ngrá' leis an gcailín dathúil, gealgháireach sa suíochán taobh leis. D'airigh sé í a bheith coimhthíoch, sofaisticiúil agus é féin ina chabhóg cheart thuaithe ach bhí geallúint i ndeireadh an scéil, go ndéanfaí déagóir den aosánach i míonna an tsamhraidh. Is go hoilte ealaíonta a chuireann an t-údar gréasán smaointe an déagóra os ár gcomhair.

AN CHÉAD OÍCHE

Frustrachas an fhir óig i gcúrsaí collaí is téama don scéal 'An Chéad Oíche'. Fear é a bhí ag iarraidh a dheis a thapú le cailín a casadh air don chéad uair an oíche sin. Meon agus dearcadh difriúil a bhí aici. Socracht, cineáltas agus rómánsaíocht a bhí uaithi. Níor spéis dósan ach an caidreamh sealadach gnéasúil. Ag iarraidh bunchloch an chaidrimh grá a chur, bhíodar neamhchinnte ar dtús. Tháinig fonn uirthi na fir dá raibh aici cheana a cháineadh os a chomhair amach, fad is a bhí cúrsaí eile ar intinn aige. Is éifeachtach an tslí ina léiríonn an t-údar na difríochtaí bunúsacha i meon agus dearcadh a airíonn an baineannach agus an fireannach i gcúrsaí grá. Ach bhí dóchas ann don todhchaí mar rinneadar

cinneadh casadh ar a chéile arís.

COMHLÍONADH

Séard atá i gceist sa scéal 'Comhlíonadh' ná frustrachas na mná tí meán aicme. Lig sí a rún do bheirt gharda a tháinig chun fiosrúchán a dhéanamh faoin a hiníon a bhí ar iarraidh. Faoiseamh intinne a bhí uaithi ón ualach a d'iompair sí le blianta fada. Bean í nach bhfuair seans ariamh an grá a bhlaiseadh i gceart agus a theip uirthi caidreamh sásúil gnéasúil a bhaint amach lena fear féinspéiseach féin, Risteard. Nuair a fuair sí amach gur thug Risteard mac dá deirfiúr, ba é an fonn díoltais a chuir ag cuardach leannáin í. B'iontach an faoiseamh collaí a fuair sí i ngrá Guisseppe, cé gur thuigeadar beirt nach grá buan é. Comhlíonadh a bhí uaithi agus comhlíonadh sealadach a fuair sí le Guisseppe. Bean neamhscáfar í Bernadette a bhí in ann a admháil gur chaith sí a saol pósta i gcaidreamh collaí uafásach, neamh-thairbheach agus gur thóg sí leannán le díoltas a imirt ar a fear féin. Cothaíonn an t-údar comhbhá don bhean seo agus meas uirthi,chomh maith, tríd an cur síos íogair a dhéantar ar a cás agus a cúis. Tugtar pictiúr soiléir den bhfrustrachas

ina saol míshona, míshásúil agus den suaimhneas a thagann uirthi i gcomhlíonadh an ghrá.

## CUPA CAIFÉ EILE

Mar an gcéanna leis an scéal 'Comhlíonadh' is frustrachas na mná tí is buntéama don scéal 'Cupa Caifé Eile'. Ar chúiseanna difriúla, airíonn an bhean seo go bhfuil an grá is an paisean á cheilt uirthi i gcónaí. Bean mheánaosta í atá pósta ar fhear sprionlaithe. Agus í gan chlann páistí, ní caidreamh sásúil a bhí aici riamh lena fear céile. Ar an Eaglais a chuir sí an locht go raibh a saol pósta rialaithe ag cód moráltachta na hEaglaise, cód a rinne éileamh uirthi a fear a shásamh agus clann a bhronnadh air. Cháin sí teagasc na mban rialta go raibh an grá toirmeasctha orthu. Ba mhaith léi na laincisí a chaitheamh anuas agus fuascailt a fháil ó dhaoirse saol na mná tí. An t-aon bhealach amháin a bhí aici le déileáil leis an bhfrustrachas ná a bheith ag maireachtaint i saol na samhlaíochta. Bhí sí chomh tógtha le saol na fantaisíochta, faoi dheireadh, gur chuir sí lámh ina bás féin, ach ní d'aon ghnó.

DABHT

Is téama don scéal seo 'Dabht' ná an tóir ar chraiceann. Fear óg amuigh ag seilg ba ea eisean. Bean gan aon bhrath ar laincisí agus achrannaí na mothúchán coinbhinsiúnta grá ba ea í. Casadh ar a chéile iad agus caidreamh ar bhonn corportha a bhí uathu. Bhí an-bhaint ghnéasúil eatarthu i rith na hoíche, ach le geal an lae, tháinig cruth eile ar an scéal agus í amhrasach go mbeadh sí in ann an fear a shásamh i gcónaí. Caidreamh ar bhonn pearsanta a bhí uaithi, ach gnéas amháin a bhí uaidh san. Fórsa dearfa, deimhneach ba ea an gníomh gnéis i saol an fhir. I gcás na mná, fágadh trí chéile agus amhrasach í, dá bharr. Tá béim leagtha ag an údar anseo, amhail 'An Chéad Oíche', ar an gcodarsnacht i ndearcadh ar an ngníomh gnéis a bhíonn ag fir is mná. An gnéas, an chollaíocht a 'nigh' an fear óg agus d'airigh sé glan, geanmnaí, dá bharr. Fuair sé slánú sa ghníomh gnéis. Mar an gcéanna le fáithscéal Uí Chonaire, 'Ná Lig Sinn i gCathú' agus an ealaíontóir a shantaigh an áilleacht fhoirfe a chruthú ina shaothair, tar éis gur ghéill sé don chathú a cuireadh air, shlánaigh sé é féin tríd an scrios a rinne sé ar an saothar bréagach. Bhí fear déanta an tsaothair níos fearr ann féin de bharr a dhéanta, ná mar a bhí roimhe.

LE GEALAIGH

Tábhacht na collaíochta i saol mná óige is buntéama do 'Le Gealaigh'. Aoir atá sa scéal chomh maith, ar an saol cúng Caitliceach agus 'dlithe beaga áiféiseacha frithchollaí' . Bean óg teasaí atá i gceist atá pósta le hUli, fear gnóthaí ón Afraic. Ní mó ná sásta atá sí ina chaidreamh leis. Braitheann sí dúil a bheith aige sna striapacha agus é ag taisteal. Airíonn sí go bhfuil an saol fireann beag beann ar na mná. Níl ins na mná ach foinsí sásamh colainne do na fir. Amhail a máthair roimpi, ní bhfaigheann sí sásamh ina caidreamh leis na fir agus cé go bhfuil sí ag iarraidh éalú ón saghas saol a bhíonn le fulaingt ag a máthair, tá gach seans ann go mbeidh cúrsaí amhlaidh i gcás na hiníne. Díreach cosúil le Pádraig Breathnach agus Pádraig Standún i gcuid ionadaíochta dá saothar, tugann an t-údar seo léiriú ar mhná ina bhfoinsí sásamh colainne amháin agus an saol fireann beag beann orthu.

GUTHANNA

Tionchar na timpeallachta ar an meon i gcúrsaí gnéis agus neamhshuim tuismitheoirí i bhfás agus i bhforbairt a gcuid gasúr is téama don scéal 'Guthanna'. Is é príomhcharachtar an scéil seo ná buachaill

óg, cúig bliana déag d'aois, atá istigh in institiúid. Aoir atá ann freisin ar na siciatraithe agus na socheolaithe a bhíonn ag déileáil leis, cé nach bhfuil aon easpa meabhrach i gceist. De bharr iompar a thuismitheoirí agus de bharr na timpeallachta bréin as ar fhás sé aníos, cuireann cúrsaí gnéis déistean air. Cúpláil, drugaí agus deoch, an méid a chonaic sé riamh. Braitheann sé gur ceart an gnéas a úsáid mar thearmann ón saol corraithe. Ní raibh faic ón a thuismitheoirí neamhchoinbhinsiúnta ach craiceann agus dóthain dí. Scéal le haitmeasféar Freudian é seo agus an buachaill ag iarraidh dul ar ais sa bhroinn ina chéad iarracht ghnéasúil. Cheap sé go mbeadh Penelope mar 'mháthair' aige. B'shin a chéad bhlaiseadh den ghnéas agus dhúnmharaigh sé an cailín míámharach. Scéal truamhéileach é seo faoi bhuachaill a iompaíonn amach ina ghealt ghlan de bharr thionchar a bhaile is a thimpeallachta, agus a d'airigh go mbeadh leigheas dó sa chollaíocht. Tráchtaireacht chumasach atá anseo ar fhadhbanna na sochaí sa lá atá inniu ann. Léiríonn an t-údar a thuiscint ar an gclann nua-aoiseach agus an saghas cúlra amhrasach a bhíonn ag líon mór páistí i saol na freacnairce.

IMEACHT GAN TEACHT'

Tábhacht na collaíochta i saol chailín óig a phléitear anseo. Bhí an dúil chollaí préamhaithe go doimhin inti, ach ní mórán measa a bhí aici ar a céad iarracht chollaí le fear óg a bhí ar meisce.

ÍOBAIRT

An géilleadh don chathú i gcúrsaí gnéis agus an íobairt a éilíonn an grá is buntéama don scéal, 'Íobairt'. Sagart agus bean rialta a ghéilleann don chathú colainne sa chás seo. Airíonn an tAthair Colm cúngacht na sagartóireachta agus é ag súil go fochonsiasach go bhfuil rud eicínt eile i ndán dó seachas aimride a shaoil sa chléir. Agus é ina shéiplíneach ar ospidéal, casadh an tSiúir Clár air. Tugtar le tuiscint dúinn gur oibrigh sé amach ina chaidreamh gnéasúil eatarthu agus an íobairt a rinne siad ná a móideanna aontumhachta a thréigean ar son an ghrá.

LITIR SALL

Séard atá sa scéal seo 'Litir Sall' ná saol an mhic diamhaoin nach bhfuil uaidh ach craic mhaith leathair. Leis an airgead a sheol a athair chuige thug sé cuairt ar dhúiche shoilse dearga, ag caitheamh

airgid a athar ar na striapaigh. A fhealsúnacht féin a bhí ag Tadhg i dtaobh an ghrá. Thuig sé nach bhféadfadh sé socrú síos go deo le haon bhean amháin agus cur suas le rialacha dochta an tsaoil phósta ar mhaithe le blaiseadh fuar fánach dá grá Is féidir a áiteamh gur fealsúnacht í seo a léiríonn leanbaíocht na bhfear agus an drogall a bhíonn ar fhir áirid dualgaisí an phósta a thógáil orthu féin go stuama.

MUCLAÍOCHT

Is scigaithris 'frith chlainne' atá sa scéal seo ina léiríonn an t-údar an toradh a thagann ar neamhshuim tuismitheoirí ina gcuid páistí. Tá macallaí ón scéal 'Guthanna' le braith ar an scéal seo sa chaoi gur aoir ar an tsochaí atá i gceist agus ar an saol neamhchoinbhinsiúnta a fhulaingíonn páistí nuair nach mbíonn tuismitheoirí in ann nó toilteanach déileáil le fadhbanna. Sa chás seo, níor spéis do na tuismitheoirí aon ní ach an t-ólachán. Fuair Basil eolas ar an ngníomh collaí agus é fíor óg. Ba dhuine garbh é an t- t-athair a bhain feidhm chollaí as a phost mar bhonsaeir, é ag lascadh daoine go dtí go raibh sé ar bís, dá bharr. Agus na tuismitheoirí marbh

chuaigh Basil, an dílleachta óg agus príomhcharachtar an scéil, le maireachtaint i dteach 'hippy' i bPáras, áit ina raibh slua déagóirí agus cead a chinn ag 'chuile dhuine acu ann, iad ag meilt an ama le cúrsaí óil agus ag bualadh craicinn. Éiríonn cairdeas neamhchoitianta idir Basil agis cailín uaigneach, aonarach, ach bádh go tragóideach í i mbroinn shalach na canálach agus iad amuigh ag bádóireacht. Is é an ghné is tragóidí den scéal seo ná neamhshocracht na bpáistí agus an easpa mhór seasmhachta ina saoil.

OÍCHE CHEART

Séard is téama don scéal seo 'Oíche Cheart' ná an raimleáil ar thóir craicinn. Múinteoir scoile ó chathair Chorcaí é Seán agus ríomhtar 'nead damhan alla' a chuid smaointe agus é ag dul amach, oíche Dé hAoine. Téann sé ó phub go pub, áiteacha a mbíonn na fir ag maíomh as a n-ealaín leis na mná agus aimsíonn sé a chairde óil. Ag éisteacht leis tagaimid isteach ar thuiscint chrua fhireann ar chúrsaí leathair. Ag tagairt don ghrá, deir sé nach bhfuil a leithéid ann, ach comhthuiscint idir bheirt, comhthuiscint chollaí. Is fearr dúil a chur sa ghnéas ná a bheith ag teitheadh de shíor

laistiar de laincisí piúratánacha Victoríanacha ár dtuiscintí íarchóilíneacha. Thug sé cuireadh chun leapan don chailín, Majella, agus gheall sé oíche cheart craicinn di. Léiríonn an scéal seo dearcadh agus bunfhealsúnacht an údair ar an ngrá, sé sin nach mbíonn in aon ní ach seal agus dá bhrí sin is fearr feidhm a bhaint as 'chuile dheis a thagann agus gan a bheith ag séanadh an nádúir.

AR OILITHREACHT GO WESSEX

Sa scéal seo chomh maith, braitheann an t-údar go bhfuilimid uilig tagtha faoi anáil an chóid mhoráltachta Victoiríanaí . An t-éalú sa tsamhlaíocht mar fhuascailt ó réadachas an tsaoil is téama leis. Tá taistealaí anseo atá meallta ag draíocht chultúr Wessex. Castar iníon léinn Sualannach air agus é meallta ina comhluadar sise. Tarlaíonn gníomh gnéis práinneach eatarthu. Tá brón agus uaigneas le haireachtáil ar an scéal seo chomh maith le dáimh an údair le dúiche Hardy agus Fowles.

ROTH AN MHUILINN

Frustrachas na mná óige ar thóir an ghrá is téama don scéal seo. Airítear laincisí ar dhaoine ó aicmí éagsúla i gcúrsaí grá mar a tharla i gcás Evelyn,

iníon léinn Ollscoile, a bhí an-cheanúil ar Bhil, oibrí a thagadh isteach sa phub ina raibh sí fostaithe. D'airigh sí go raibh caidreamh de shórt eatarthu. Thit an grá ina scamall anuas ar Bhil, ach níor chreid sé go mbeadh seans aige le hEvelyn, riamh. D'imigh sí ag rince rugbaí lena buachaill féin, ach ní mó ná sásta a bhí sí leis san agus an lag iarracht a rinne sé ar an ngníomh gnéis, iarracht a chuir ag gol le frustrachas í.

SIAR IS ANIAR

Blaisínteacht na hóige agus dúiseacht na collaíochta is téama don scéal seo ina ríomhtar gréasán smaointe an fhir óig agus é ag cuimhneamh ar lá go raibh eachtra gnéis aige le cailín, ar an ngaineamh, ach chuir sí cosc air. Ach, tá muinín aige as an todhchaí, ag súil go mbeidh "láracha breátha" timpeall. An dúil de shíor sa chraiceann atá i gceist anseo.

TRIÚR BAN

Cúrsaí ban agus an dúil sna fir is téama don scéal deireanach sa bhailiúchán. Déantar an-chur síos anseo ar ghnéithe agus tréithe fisiciúla na mban. Bean thorrach í Nóra agus tá Léan agus Bridie ina cairde aici. Ní raibh fear ar bith ag Bridie. Is

amhlaidh go raibh sí ag éirí bitsiúil, ag cur i leith Nóra go raibh sé iontach áiféiseach uaithi a bheith ag iompar clainne. Ceapann Léan go mb'fhéidir go bhfuil sí féin ag iompar, chomh maith. 'Stailteacha' a thugann siad ar na fir. Cé go bhfuil idir éad agus formad le brath orthu, is cairde iad an triúr seo a bhaineann ceol as an saol agus a dhéanann iarracht déileáil lena gcuid fadhbanna i slí éadrom taobh istigh den bheár. Cruthaíonn an t-údar comhrá beo bríomhar nádúrtha eatarthu triúr, agus nochtaíonn intinn na mban go healaíonta agus le scil anseo.

---

AN GRÁ FAOI CHEILT

Sa bhailiúchán seo, díríonn an t-údar ár n-aird ar an ngrá faoi cheilt, an saghas grá nach ligeann na coinbhinsiúin a rialaíonn an tsochaí dúinn glacadh leis.

Ríomhtar gnéithe éagsúla den ghrá ann:

1. Neamhshuim an fhir i gcúrsaí grá agus an tionchar ar an mbean
2. Neamhchinnteacht an pháiste tabhartha
3. An homaighnéasachas
4. Fás agus forbairt an ghrá
5. Laincisí na sochaí ar chailín neamhphósta ag iompar
6. Daoine ar thóir pléisiúir

7. Deiseanna caillte ar an ngrá

BÁS BEAG

I measc na dtéamaí a ríomhtar sa scéal seo tá neamhshuim an fhir i gcúrsaí grá. Tá aisteoir ag glacadh páirt an mhórealaíontóra, Degas, ag iarraidh neamhspléachas an ealaíontóra a léiriú. Casadh cailín air a ghlacfadh páirt Bherthe. Ba leannáin iad i gceann tamaillín agus ise ag iompar gin an ealaíontóra. Agus mothúcháin an ghrá ag dul go smior sa bhean, bhí an grá ag meath sa bhfear. Dá bharr, rinne sí iarracht lámh a chur ina bás féin. Theip uirthi, ach cuireadh i ngéibheann í. Tá tragóid an scéil seo bunaithe ar dhearcadh an fhir agus é ar nós cuma liom i gcúrsaí grá. Is léir gurb í an bhean a fhulaingíonn an chuid is mó de bharr easpa grá, easpa den chomhlíonadh ina saol.

BÚS ALLAIS A GHARSÚIN

Neamhchinnteacht agus dabhtanna an pháiste tabhartha is bunábhar agus buntéama don scéal 'Bús Allais a Gharsúin'. Buachaill óg é Bill a airíonn náirithe mar gheall ar pheaca a mháthar. Tá sé dhá bhliain déag d'aois, é ag teacht in inmhe agus é cráite faoin a ghnéas, braitheann sé idir fhireann agus

bhaineann. Ríomhtar a chuid smaointe ar an eaglais, ar an gcreideamh agus ar dheasghnátha an chreidimh Romhánaigh. Neamhchinnteacht agus easpa féin mhuinín an pháiste tabhartha atá ag goilliúint air anois. Samhlaíonn sé dó féin an chúpláil a bhí ag a thuismitheoirí agus samhlaíonn sé é féin ag cúpláil. Tá sé náirithe os comhair an bhaile, dar leis féin. Tugann sé ar féin " an mac a gineadh sa gharraí". Samhlaítear dó chomh maith gur fathach, tréan fir, gur laoch ceart a bhí san athair, an t-athair anaithnid.

AN CAFÉ FILEATA

Na gréasáin chaidrimh idir na daoine a chleachtaíonn An café Fileata is téama don scéal seo. Áit í seo a fheidhmíonn mar thearmann do aos léinn na cathrach, filí, ceoltóirí agus fealsaimh. Deireadh na seachtóidí atá ann, am go raibh na mná gafa leis an ngluaiseacht fheimineach. Saghas fo-chultúr a bhíonn sa dream a thaithíonn an café agus dúil acu uilig sa cheol, san ól agus sa dóp. Malartaíonn siad a gcuid teoiricí agus smaointe. Tá an gnéas agus an pholaitíocht mar fho-théama ag rith tríd. Is go healaíonta agus le spiorad a chruthaíonn an t-údar pictiúr den saol Bóithéimeach.

CARRAIG AONAIR

An homaighnéasachas is téama don scéal 'Carraig Aonair'. Carachtar truamhéileach, lag é Stan, a fhulaingíonn cruatan agus masla ar son an ghrá gan chead. Duine maoithneach, goilliúnach é agus tá neamhspléachas de dhíth air. Léachtóir Ollscoile agus fear mór litríochta é a chaith dhá bhliain ag maireachtaint le Turcach álainn, máinlia, darbh ainm, Haluk Bey. Caidreamh álainn sásúil a bhí acu ach ní caidreamh cothrom é. Ní mórán den bhféinmhuinín a bhí ag Stan agus thuig sé ón tús nach mbeadh i gceist ach grá neamhbhuan, sealadach, nach mbeadh ar a chumas grá an fhir eile a choinneáil dó féin. Agus d'fhág Haluk é le dul ag cónaí le dochtúir ó Shasana. Thuig Stan nach mór don ghrá homaighnéasach a bheith sealadach mar ní ghlactar le grá seasmhach idir bheirt fhear. Ní thugtar aitheantas dá leithéid. Casadh fear eile ar Stan, Iodálach, Mario. D'fhulaing Stan buillí uafásacha ar son an ghrá, ach mheas sé gur fiú Mario é, gur fiú Mario is fiche eile. An leatrom is an cos ar bolg a bheadh i ndán do Stan riamh is i gcónaí. Duine spleách, truamhéileach é a tharraingeodh aird agus trioblóid ar féin.

JE T'AIME

An grá comhlíonta is bun téama do 'Je t'Aime'. Léiríonn an t-údar an fás is an fhorbairt a tháinig ar chaidreamh an ghrá idir bheith mhúinteoir a casadh ar a chéile de sheans. Ón bhFrainc a tháinig an múinteoir, Laurance, go post sealadach in Éirinn, go scoil inar casadh a leannán uirthi. Fásann tuiscint, caidreamh agus grá eatarthu. Grá é a chomhlíonann siad ach tagann deireadh leis agus Laurance ag filleadh ar an bhFrainc. Eisceacht atá sa scéal seo sa mhéid go leagtar níos mó béime ar an bhforbairt agus ar an gcaidreamh daonna seachas ar an gcaidreamh collaí.

MACHO

An homaighnéasachas agus an t-éad gan teorainn is téama don scéal 'Macho'. Tarlaíonn caidreamh gnéasúil idir Mheiriceánach agus Éireannach i ndúiche Arabach. Éiríonn cúrsaí casta nuair a chuireann bean spéis chollaí sa 'Bhanríon'. Luíodar le chéile ach ní mórán de chomhlíonadh grá a bhí i ndán di leis. Bhí neamhthoradh ag baint leis an gcaidreamh leapan acu. Ghlac an bhean leis, áfách, mar ní raibh uaithi ach peataíocht a thabhairt dó, é a ghráú. Agus iad imithe go hIstanbul ar saoire, tháinig fonn díoltais ar leannán na Banríona. Lean sé go hIstanbul iad,

áit a dhúnmharaigh sé an bhean,Rebecca, sa chithfholcadh. Formad agus éad i gcroí an leannáin a ba chúis leis an dúnmharú fuilteach. Is léir nár thuig Rebecca doimhneacht nó láidreacht na mothúchán a bhí i gceist eatarthu , beirt. Léirítear an bhean mar dhuine lag a ligeann do na fir caitheamh go holc léi. An easpa grá ina saol a tharraingíonn i dtreo na contúirte í.

NE PARTEZ PAS SANS MOI

Fealsúnacht an ghrá a phléitear sa scéal seo. Pléann Katie agus Aindí ábhar an ghrá. Is í fealsúnacht Aindi gur cóir sásamh a bhaint as an gcollaíocht gan a bheith ró-tógtha le dualgaisí. Ba chóir go bhfásfadh na dualgaisí as chaidreamh an ghrá. Leagtar an-bhéim ar an gcollaíocht.

SEANDRAOI

Pléitear anseo na laincisí a cuireadh ar mhná óga neamhphósta ag iompar. Agus cailín an scéil seo torrach, tugadh bata is bóthar di sa bhaile. Bhí uirthi imeacht go Londain agus uchtáil a shocrú don pháiste. Ba iad coinbhinsiúin na sochaí a shocraigh a cinniúint don chailín seo, sochaí nach ligfeadh di fanúint ina ceantar le náire a tharraingt ar a muintir.

Léiríonn an t-údar an-tuiscint ar rialacha na sochaí cúngaigeanta a ghoill chomh mór sin ar shaol na máthar singile.

SHAMPOO

An tóir ar phléisiúr is téama don scéal 'Shampoo'. Cothaítear atmaisféar na collaíochta sa salón gruagaire, áit a thagann custaiméirí ar thóir pléisiúir agus le taitneamh a bhaint as obair na gcailíní agus as a gcomhluadar, chomh maith. Freastalaithe óga dathúla atá fostaithe ann agus iad ag spraoi i slí spreagúil gnéasúil leis na custaiméirí.

ÚNFARTAÍL

Ríomhtar cás na ndaoine nach mbaineann feidhm nó sásamh as na deiseanna a thagann ina dtreo sa scéal 'Únfartaíl'. Tá fear ann a chuireann síos ar a aistear go hAmsterdam agus mar a theipeann air caidreamh a dhéanamh le striapach ann. D'admhaigh sé nár mhaith leis go ndéanfadh an striapach 'brabús' air. Tá cailín ag cur síos ar conas a roinn sí a grá le Gearmánach ar laetha saoire ar Oileán Ios, ach níor bhain sí mórán taitnimh as an gcaidreamh sin. Is é an frustrachas i gcúrsaí grá a ghoilleann orthu beirt.

---

## AN GEALAS I LÁR NA LÉITHE

Pléann an t-úrscéal dírbheathaisnéise seo tionchar na timpeallachta dúchais ar ghasúr óg agus conas mar a théann a dhaoine muinteartha agus a chairde scoile i bhfeidhm air, conas mar a mhúnlaítear meon agus dearcadh ar leith de bharr chaidreamh áite is caidreamh daonna.

Séard is buntéama don leabhar seo ná teacht in inmhe an bhuachalla óig ina chónaí ar fheirm bheag agus é gafa le gnáthchúrsaí feirme. Leagtar béim ar an tsoineantacht is an neamhurchóideacht agus conas mar a théann teagmháil le daoine críonna i bhfeidhm air. Aistear é seo trí óige gasúir agus dúiseacht na collaíochta ann. Déantar ionramháil éifeachtach ar réimse mothúchán an duine óig, an tnúth, an scanradh, na dabhtanna roimh fhírinne na collaíochta. Tagann sé i dtuiscint go luath ar an ngníomh collaí ón taithí a bhfaigheann sé ar na hainmhithe agus iad faoi dháir. Ní thuigeann sé an ealaíon i ndéanamh an ghrá idir fhir is mná, é ainmhíoch, dar leis.

Múnlaítear coinsias an bhuachalla agus é faoi thionchar teagasc Críostaí na bunscoile ach nuair a smaoiníonn sé ar thine ifrinn agus an fhulaingt shíoraí, de bharr pheaca na drúise, séanann sé

an córas sin. Bíonn a choinsias corraithe ag cúinge tuisceana a chreidimh.

Oibrítear fealsúnacht amach i leith an ghrá agus an gasúr fós in aois a trí bliana déag. Cuid lárnach na fealsúnachta sin go bhfuil tuiscint aeistéiticiúil le baint as an mbean fhisiciúil. Is é an dúil sa ghnéas bunchloch ár dtuisceana ar cad is áilleacht ann. Ar ndóigh, is croíúil, neamh-chollaí é tuiscint an bhuachalla ar cad is grá ann agus é ina dhéagóir óg. " Ag poirseáil trí phasáistí leathdhorcha a óige, tagann sé ar léas anseo is ansiúd ".

Airítear coimhthíos le saol an Bhéarla nuair a thógtar an t-aosánach seo ón a cheantar dúchais le freastal ar scoil chónaithe, institiúid ghallda i mbaile mór Chill Áirne.

Agus é ina dhéagóir níos sine, tá an-chur síos ar chonas a thagann sé isteach ar thuiscint chrua fhireann ar chúrsaí collaí faoi thionchar na bhfear a spreagann é chun gnímh le samhlaoidí agus móitífeanna an ghrá a phlé. Tagann an coinsias i gceist agus é buartha go leor faoi.Pléisiúir na collaíochta agus peaca na drúise a chleachtaigh sé ina aonar a d'fhág corraithe go mór é. Tháinig sé i dtuiscint ar an homaighnéasachas chomh maith,

trína theagmháil le daltaí scoile eile.

Léirítear conas a d'oibrigh caint agus tuairimí na bhfear an-tionchar ar mheon agus dearcadh an bhuachalla i gcúrsaí craicinn agus iad ag maíomh as a n-ealaín i leith na mban agus gan d'aidhm acu ach an beart a dhéanamh ar cibé cailín a thiocfadh an tslí. Cuirtear an-bhéim go deo ar an bhfearúlacht agus ar choincheap an ghrá mar ghaisce le bheith ag maíomh as. Ní leagtar béim ar mhothúcháin nó ar chaidreamh nó ní shamhlaítear aon tábhacht ar leith leo.

---

## CONCLÚIDÍ GINEARÁLTA

Is é an grá, ar bhonn fisiciúil is mó a bhíonn faoi scrúdú i saothair Uí Chíobháin. Is ar an gcollaíocht, an comhlíonadh fisiciúil, a leagann sé béim. Bíonn na fir de shíor ar thóir an chraicinn, an caidreamh sealadach. Ní aon chaidreamh a bhíonn uathu ach faoiseamh ón bpaisean agus buntáiste a bhaint as an am i láthair.

Is cuid lárnach den bheith an chollaíocht. Ní féidir agus ní cheart í a shéanadh. Is amhlaidh a bhíonn Ó Cíobháin ag ceiliúradh pléisiúir na colainne.

Déanann sé ionramháil éifeachtach ar ábhar an ghrá chollaí, go mór mhór i gcás na bhfear. Is locht ar an ábhar nach ndéantar mórán forbartha, ar uairibh ar ghréasán smaointe na mban. Tugtar le tuiscint nach mbíonn sna mná ach foinse sásaimh, feithiclí gnéis iad. Bíonn na mná ag fulaingt de bharr easpa caidrimh sásúil ina saoil. Easpa comhlíonadh a ghoilleann orthu go minic.

Aircitípeanna iad na fir óga a bhaineann pléisiúr as na mná a thagann ar cuairt don cheantar sa samhradh. Locht mór é, dar liom, go mbíonn an méid sin den charachtracht chéanna sna scéalta.

Níl aon drogall ar an údar seo ligean dá fhealsúnacht a theacht chun cinn go soiléir ina chuid scríbhneoireachta. Airím gurb é fealsúnacht an údair nach mbíonn in aon ní ach seal, agus nach mór, dá bhrí sin, 'chuile bhuntáiste a bhaint as gach deis a thagann chun comhlíonadh gnéasúil a bhaint amach.

Is ar aigne agus ar intinn an duine a leagann sé an bhéim is mó. Is léir gur spéis dó cúrsaí siceolaíochta. Is beag den chomhrá a fhaightear sna scéalta. Tá sé tógtha go huile is go hiomlán le gréasán smaointe na gcarachtar.

Airím go bhfuil anbhuain ag luí go trom ar

chuid dá charachtair, go mór mhór sa bhailiúchán GFC. Bíonn sé an-tógtha suas leis an gcoinníoll daonna agus go minic tagann toradh diúltach ar na hiarrachtaí a dhéantar comhlíonadh a fháil ón ngrá collaí.

Ní mórán den ghrá cúirtéiseach a luann sé. Eisceacht atá sa scéal ' Je T'Aime ', ina thagann fás agus forbairt ar an ngrá doimhin. Tá nuaíocht san ábhar chomh fada is a théann an t-údar i ngleic le fadhbanna na sochaí, fadhbanna na linne agus léiríonn sé an-tuiscint ar fhadhbanna na clainne agus a dtionchar ar shaol na bpáistí. Léiríonn sé comhbhá, chomh maith, leis an homaighnéasach i sochaí nach nglacfadh leis an ngné sin den chollaíocht.

---

## STÍL PHÁDRAIG UÍ CHÍOBHÁIN

Stíl fhoclach amach is amach a chleachtaíonn Pádraig Ó Cíobháin. Níl aon ghanntanas cur síos le braith ar a shaothair. Is go sár-mhaith a dhéanann sé cur síos ar mhion sonraí maidir leis an dtimpeallacht agus an tírdhreach, gné a chuireann liriciúlacht ina chuid scríbhneoireachta. Is ar éigean a bhíonn aon smut den chomhrá i gcuid dá scéalta, ach cur síos rí-fhada a éiríonn leamh, leadránach, ar uairibh.

Tig leis scéal iomlán a scríobh gan puinn comhrá ann. Níl fianaise ann go bhfuil máistreacht aige ar an gcomhrá éasca nádúrtha. Locht mór ar an saothar an teirce cainte, dar liom. Feiniméan é a fhágann cruth agus cuma saghas saorga ar na scéalta.

Anois is arís, bíonn aoir i gceist, aoir ar an Eaglais Rómhánach agus dlithe frith-ghnéasach nó aoir ar shaol na clainne.

Is féidir a áiteamh gur locht ar an stíl é an iomad den téama céanna a bheith ag rith tríd, an iomad den tóir ar chraiceann agus den mhaíomh ar ghaiscíocht an ghrá, i gcás na bhfear.

Tá idir réalachas agus neamhréalachas ag baint leis na scéalta agus is codarsnacht thaitneamhach é sin. Ní chuirtear gáirsiúlacht nó Raibiléiseachas ina leith agus tá easpa sna scéalta, dá bharr.

Is léir gurb iad na céadfaí, na mothúcháin bhunúsacha a spreagann chun scríobh é. Faigheann sé inspioráid taobh istigh de fhráma tagartha an ghrá chollaí. Laige mhór é go ndéantar neamhshuim de mhothúcháin na mban go ró-mhinic. Tá blas nua-aimseartha ar a shaothair, an phágántacht agus an paisean ceangailte leis.

Ní mór a admháil go bhfuil samhlaíocht bheo bhríomhar ag an údar seo agus go bhfuil féith na

scríbhneoireachta go doimhin ann. An tsíce, an intinn, an chollaíocht, a spreagann Ó Cíobháin chun pinn.

---

# CAIBIDIL 5

## TORADH AR CHEISTIÚCHÁN AR NA hÚDAIR

Séard atá fúm a dhéanamh sa chaibidil seo ná na freagraí a leagan amach ar an gceistiúchán a chuireas an na húdair :

Pádraig Breathnach

Pádraig Standún

Pádraig Ó Cíobháin

CEISTIÚCHÁN AR PHÁDRAIG BREATHNACH

1. Cé hiad na scríbhneoirí is mó a d'imir tionchar ar an údar?

Mairtín Ó Cadhain, Liam Ó Flaithearta agus Pádraig Ó Conaire, ar dtús, Seán MacMathúna agus Alan Titley sa lá atá inniu ann. Bhí tionchar ag na daoine mór le rá, Maupassant, Chekov, Na Rúisigh, Herman Hesse, an Meiriceánach Tony Morrison agus Alice Walker air, chomh maith. Fanann 'frídíní' agus tionchar áirithe ó na leabhair air. Ní airíonn sé go bhfuil tionchar scríbhneora ar bith eile le feiceáil go soiléir ina chuid saothair.

2. An airíonn sé go bhfuil sé ag scríobh faoi anáil Mhairtín Uí Chadhain?

Ní airíonn go bhfuil tionchar ag Mairtín Ó Cadhain air, ach luaitear Ó Cadhain ina chomhthéacs. Tá sé ag múineadh shaothair Uí Chadhain agus b'fhéidir i ngan fhios, go mbíonn sé ag dul i bhfeidhm air. Is fearr leis Ó Flaithearta agua Ó Conaire agus cé go bhfuil rudaí breátha scríofa ag Ó Cadhain, airíonn sé go bhfuil sé mí-chothrom. Ní airíonn sé go bhfuil sé féin foclach, ar chor ar bith. Ní maith leis an meas go bhfuil sé foclach. Bíonn

sé chomh gonta agus is féidir. Ní hionann gontacht agus loime. Airíonn sé go scríobhann sé i slí an-simplí ar fad. Ach, is faoi léitheoirí é sin a mheas.

3. An bhfuil cosúlachtaí eatarthu maidir le stíl agus foclóireacht ?

Tá sé ráite go bhfuil, ach ní aontaíonn P Breathnach go bhfuil foclóir leathan aige féin. Ní bhíonn sé ag iarraidh focail a chaomhnú. Is do léitheoir a mheas an bhfuil tionchar ag M Ó Cadhain air. Ní airíonn sé go bhfuil sé foclach nó saibhir nó aon rud mar sin. Cuirtear iontas air nuair a deirtear é. Pé rud atá ann tagann sé go nádúrtha dó. Ní bhíonn sé sa tóir ar fhocail.

4. An spéis ar leith don údar an tuath is an dúlra ? Cár bhailigh sé an saineolas ar fad a thaispeánann sé sna cúrsaí sin ?

Tá an-spéis aige sa dúlra, sa taobh tíre. Ní saineolaí é, ach, na spéiseanna atá aige, baineann siad uilig leis an dúlra, iascaireacht, marcaíocht, rothaíocht. Tá sé ráite go bhfuil an-eolas aige ar phlandaí agus ar bhláthanna . An chuid is mó de na hainmneacha,

bhíodar le fáil aige sa bhaile. Cé gur Béarla is mó a bhí i Máigh Chuilinn, d'fhan ainmneacha plandaí i nGaeilge sa cheantar. Bunáite na nainmneacha sin, fuair sé ó dhúchas iad.

5. Cad é an fhealsúnacht atá taobh thiar dá chuid scríbhneoireachta ar an ngrá collaí?
Níor smaoinigh sé riamh agus é ag scríobh gur grá collaí é. Ní mheasann sé gur collaíocht a bhíonn ann. Níl aon fhealsúnacht ar leith aige ach amháin nuair a chuireann buachaill spéis i gcailín, bíonn an corp i gceist, gníomh an ghrá is mó a bhíonn i meabhair an bhuachalla. Tá an grá collaí i bhfad níos tábhachtaí don fhirinneach ná don bhaineannach. Tá sé ráite ag léirmheastóirí go bhfuil an grá collaí coiteann ina chuid gearrscéalta. Seans go bhfuil níos mó ná collaíocht i gceist, go bhfuil mothú agus ceansacht ann, chomh maith. Tá an grá collaí uafásach tábhachtach agus is nádúrtha go mbeadh sé luaite go minic.

6. An dtugtar léargas cothrom do mhná agus d'fhir araon ina chuid scéalta?
Ní fios dó an dtugann sé léargas cothrom dóibh araon. Is dóigh, os rud é gur fear é, go mbeadh dearcadh

an fhir ann níos minice, go nádúrtha, bheadh sé ag ceapadh go dtarlódh sé sin go nádúrtha agus é ag scríobh ó thaobh an fhir de. Léiríonn sé an saol trí shúile an fhir. Bíonn baol ann go minic, má cheapann údar go bhfuil eolas aige ar aigne dhuine eile, is nach mbíonn. I dtaobh aigne, bíonn difríochtaí idir fhir agus mná. Má bhíonn bean mar phríomhcharachtar scéil, bíonn baol ann go mbeidh an léiriú mí-cheart, nach mbíonn údar fireann in ann an saol a léiriú trí shúile na mná. Is féidir duine a léiriú tríd an obair a bhíonn á dhéanamh aige. Muna bhfeileann an obair don duine, is deacair an aigne a léiríu tríd an meán sin. Seans nach mbeadh tuiscint cheart ag fear ar aon bhean. Gan go leor ama a chaitheamh le duine, ní féidir aigne dhuine eile a thuiscint. Feiceann tú duine faoi sholas eile. Tá an duine daonna an-chasta agus an-deas, dá bharr.

7. Cén aidhm, go bunúsach a bhíonn aige ag scríobh?

Aidhm theagascúil? léitheoirí a mhealladh? caitheamh aimsire a chothú ?

Aon aidhm amháin - bíonn air é a dhéanamh. Feiceann sé rud eicínt agus bíonn air scríobh faoi, síleann sé go bhfuil an rud sin chomh hálainn, chomh tábhachtach

is go dteastaíonn uaidh é a dhathú i bhfocail. Cinnte, ní bhíonn sé riamh ag iarraidh ceacht a mhúineadh, measann go bhfuil sé sin go dona mar aidhm. Bíonn sé i gcónaí ag cumadh, ag iarraidh áilleacht a chruthú, an chruthaitheacht taobh thiar den scríbhneoireacht aige i gcónaí.

8. Cén fáth a bhfuil dearcadh difriúil aige i dtaobh na mban a fhágtar seasc, i gcompáráid leis na fir a fhágtar gan chéile a aimsiú ?
Comhbhá do na mná agus magadh faoi na fir ?
Is féidir a bheith greannmhar, ní hionann sin agus a bheith ag magadh. Is scéal an-dátaithe é 'Bean Aonair' agus ní mór é a léamh ina chomhthéacs féin. Nuair a scríobhadh é bhí an pósadh an-tábhachtach. Bhí sé fíor go leor ag an am go raibh stádas na mná ag brath ar fhear a bheith aici. Tá an-athrú tagtha ar mheon agus dearcadh anois. Níor thuig sé go raibh sé ag magadh faoi éinne riamh, ní raibh sé sin d'aidhm aige.

9. Cé gur chruthaigh an t-údar suíomh gnéasúil, cén fáth nár chuir sé síos ar an ngníom gnéis a tharla sa scéal 'Bean Aduain'?
Tá suíomh gnéasach i roinnt dá scéalta. Níor mheas

sé go raibh tábhacht leis an gcur síos ar an ngníomh sa scéal seo. Sa scéal 'Zazzi', tá cur síos ar an ngníomh i gcúrsaí fantaisíochta. Tá sé ann mar mheas sé go raibh gá leis. Sa scéal 'Bean Aduain', bhí cúrsaí gnéis luaite cheana aige, an fear ag smaoineamh go raibh comhriachtain acu. Uaireanta fágtar deireadh oscailte le scéal. Bean sa tsamhlaíocht a bhí inti, den chuid is mó. Bhí an t-údar ag iarraidh píosa spraoi a bheith aige féin. Tugtar leid agus fágtar faoin léitheoir féin, sa chaoi sin tugtar níos mó saibhris don scéal.

10. Sa scéal 'Tráithníní' an bhfuil gá leis an ngáirsiúlacht? An gcuireann an gháirsiúlacht leis an scéal? An mbaintear feidhm as an ngáirsiúlacht le cur le hatmaisféar nó le réalachas scéil? Dá mba gháirsiúlacht ar son na gáirsiúlachta é, baineann sé den scéal, ach má tá an gháirsiúlacht ag teastáil, cuidíonn sé leis. Níor scríobh sé aon rud ar son na gáirsiúlachta. Ní raibh sé d'aidhm aige geit a bhaint as duine. Ní bhíonn sé ag iarraidh riamh an iomad den gháirsiúlacht a tharraingt isteach.

11. Cén fáth a mbíonn an t-údar chomh tógtha suas

le tagairtí a dhéanamh do bhuataisí leathair?
Níor thuig sé go raibh a leithéid sna scéalta. Ach, bíonn macallaí ann i ngan fhios duit féin. Má bhíonn macallaí ann le fios, nó i ngan fhios, is cruthú go bhfuil spéis agat sa rud. Ní spéis ar leith é, ach is maith leis bróga sála arda, buataisí leathair agus brístí leathair,

12. Is breá leis tagairt do shaol an léachtóra. An féidir a rá gur scéalta beathaisnéise cuid dá scéalta, mar sin?
Bíonn méid áirithe den bheathaisnéis i ngach scéal. Tríd is tríd is pearsa shamhlaíochta a bhíonn sé ag cruthú. Na scéalta scríofa ó thaobh an léachtóra, ní sheasann siad dó féin. Deirtear an rud a mheastar gur feiliúnach don charachtar é. Níl sé dírbheathaisnéisiúil.

13. Cén fáth nár cuireadh réimse mothúchán na máthar inár láthair taobh istigh de scéalta ina ndéileálann sé le bás páiste ?
Is nádúrtha don bhfear bheith ag cur síos ó thaobh dhearcadh an fhir. I ngearrscéal cloínn tú le carachtar amháin, go bunúsach.

14. An fíor go bhfuil an méid céanna pléisiúir nó b'fhéidir níos mó le baint as saol na fantaisíochta agus atá le baint as an saol réadach i gcúrsaí grá/ cúrsaí gnéis? Nó an dóigh leis go bhfuil, nó an bhfuil sé ag tabhairt le fios gur dóigh leis an saol go bhfuil?

Ní dóigh leis go bhfuil níos mó pléisiúir le baint as an bhfantaisíocht, ach is féidir rudaí a dhéanamh id fhantaisíocht nach féidir a dhéanamh sa saol. Tá pléisiúr le fáil sa bhfantaisíocht ach níl faoiseamh le fáil ann. Is fearr fáil réidh le síol taobh istigh den ghníomh. An gníomh an rud is fearr.

15. Cén fáth nach gcuirtear cúrsaí fantaisíochta i leith na mban freisin?

Bheadh sé ag ceapadh go mbíonn na mná ag baint feidhm as an bhfantaisíocht chomh maith, ach é ag scríobh ó thaobh intinn na bhfear, níor rith sé leis é sin a úsáid.

16. An é foirm an ghearrscéil chlasaicigh a úsáideann sé? Scéal amháin in 'Ar na Tamhnacha ', is monológ fhada é. Sin foirm nár úsáid sé in aon bhailiúchán eile. Cén fáth?

Tá tús, lár agus deireadh i bhfoirm an ghearrscéil

chlasaicigh. B'fhéidir go bhfuil sé le fáil sna scéalta tosaigh. Is maith an rud a bheith críochnúil agus rudaí a bheith curtha ina n-áiteacha féin. Níl mórán den mhonológ ina shaothair. Tharla go raibh an ceann sin bunaithe ar dhuine go raibh aithne aige uirthi.

17. Sa bhailiúchán 'An Lánúin', cuirtear dearcadh na bhfear go mór chun cinn. Léiriú ar an ngrá mar ghaisce i gcás na bhfear. Bhfuil a leithéid de mheon préamhaithe sa bhéaloideas ?
Gníomh gaisce é gníomh an ghrá. Bhíodh meas ar an bhfear, nó ar an mbean go raibh gasúir aige/aici. Dímheas a bhíodh ar an duine gan chlann. Bhíodh páistí ag teastáil mar chruthú ar an bhfearúlacht. Níl aon bhaint aige le béaloideas. An dearcadh ag an am a bhí i gceist, dearcadh atá uafásach seanaimseartha anois. Athraíonn cúrsaí sóisialta, athraíonn an tsochaí. Léirítear an saol mar atá sé.

---

CEISTIÚCHÁN AR PHÁDRAIG STANDÚN

1. Cé hiad na scríbhneoirí is mó a d'imir tionchar ar an údar?

John Steinbeck, Sean O Casey, J.M. Synge, Ernest Hemmingway, Edna O Brien, John McGahern, Brian Moore, Breandán ó hEithir.

2. An airíonn sé go bhfuil sé ag scríobh faoi anáil aon scríbhneora ar leith ?

Ní airíonn agus tá súil aige nach bhfuil.

3. Cén fhealsúnacht atá taobh thiar dá chuid scríbhneoireachta ar ábhar an ghrá ?

Is cuid den saol é an grá, cuid an-tábhachtach, an tnúth is láidre. Saol an duine é, is dóigh.

4. An bhfuil sainmhíniú dá chuid féin aige ar an ngrá?

Míniú Naomh Pól. Tá an grá foighneach ........srl.

5. Cén bhrí atá le téama na collaíochta i gcoitinne sna húrscéalta?

Is rud é a tharlaíonn idir dhaoine. Níl saol na scéalta réalaíoch, dá uireasa.

6. An gcuireann an gháirsiúlacht in aon chaoi le téama nó plota scéil?
An mbíonn scéal níos saibhre dá bharr?
Ní ar mhaithe le gáirsiúlacht a úsáidtear an chaint gháirsiúil. Gan é, bheadh sé deacair daoine a chur ag labhairt mar a labhraíonn a bhformhór. Bheadh scéal mínádúrtha, míchneasta agus é fágtha as.

7. Cén aidhm, go bunúsach, a bhíonn aige ag scríobh? Aidhm theagascúil? Léitheoirí a mhealladh? caitheamh aimsire a chothú?
Na rudaí sin ar fad. Féinshásamh freisin. Bealach é chun a intinn féin a shoiléiriú, le daoine a chur ag macnamh ar cheisteanna móra is ceisteanna beaga an tsaoil. Bíonn aidhm theagascúil tríd is tríd agus bolscaireacht i gceist.

8. An mbíonn sé d'aidhm ag an údar bheith teagascúil i gcónaí.?
Ní bhíonn, ach tríd is tríd, breathnaíonn sé ar a úrscéalta mar pharabail.

9. Is annamh a thagann rath ar an ngrá leis. An gcreideann sé go bhfuil an toradh diúltach a thagann ar an ngrá níos gaire don saol réadúil?

Níor thug sé faoi deara gur mar seo atá, ach is dóigh gur fíor a bhfuil ráite.

10. An mbíonn sé ag iarraidh líon mór léitheoirí a mhealladh trí cúrsaí gnéis a tharraingt isteach?
Ní bhíonn. Bíonn magadh i gceist amanta. Amanta eile is ag iarraidh na seanteorainneacha ar litríocht na Gaeilge a leathnú amach a bhíonn sé. Bíonn daoine ag rá gur oscail sé an doras do dhaoine eile dul i mbun pinn ar ábhar an ghrá chollaí, gur réitigh sé an bealach dóibh.

11.An í an tsamhlaíocht an bua is mó ag scríbhneoir cruthaitheach?
Creideann é sin. 'Cogito, ergo sum' a dúirt Descartes: Smaoiním, ergo, táim ann. Samhlaím, ergo is cruthaitheoir mé.

12. An bhfuil tionchar ar leith ag gairm na sagartóireachta ar a chuid scríbhneoireachta?
Tá. Breathnaíonn sé ar a chuid úrscéalta mar pharabail agus mar a dúirt Íosa, " An té a bhfuil cluasa air (uirthi) éisteadh sé/ sí.

13. An bhfuil an t-údar tógtha suas níos mó le téamaí ná le carachtracht?

Níl a fhios aige. Is beag nach mar a chéile dó iad. Carachtair iad na téamaí iad féin, gan trácht ar an bhfarraige, an aimsir, srl.

14. Cén fáth gur thóg sé isteach an carachtar 'Tom Connor' arís sa dara húrscéal 'A.D. 2016' agus é iompaithe ina easpag ciniciúil ?

Sort magadh a bhí ann le tabhairt le fios go bhféadfadh sé tarlú d'easpag. Agus tharla.

15. An gceapann an t-údar go bhfuil aibíocht ina chuid saothair anois?

Ní cheapann, mar bíonn sé ag foghlaim i gcónaí. Dúirt Diarmuid Ó Gráinne tamall ó shin go bhfuil foirmle ró-éasca aige anois agus nach bhfuil sé ag obair sách crua. Tá cuid den cheart aige.

16. An dtugtar léargas cothrom do mhná agus d'fhir araon ina chuid úrscéalta?

Tá súil aige go bhfuil na mná ag feabhsú, de réir a chéile, i 'Cion Mná' , go háirithe. Ach deir daoine go bhfuil sé ró-chrua ar an fir san úrscéal sin.

17. An bhfuil an t-údar sásta leis an méid léirmheastóireachta atá déanta ar a chuid saothair?

Tá sé sásta go bunúsach leis. A.D.2016 an t-úrscéal is fearr leis, é níos casta mar scéal, níos mó den pholaitíocht agus d'fhadhbanna ann, níos mó den údar féin ann.

---

CEISTIÚCHÁN AR PHÁDRAIG Ó CÍOBHÁIN

1. Cé hiad na scríbhneoirí a d'imir tionchar ar an údar?

Ian McEwan, John Fowles, Dylan Thomas, ( a gcuid gearrscéalta ) Thomas Hardy, Maupassant, Emile Zola, James Joyce, Samuel Beckett, John McGahern ( a chuid gearrscéalta luatha ).

Léirid sin meascán den osréalachas, den réalachas clasaiceach vide Hardy agus Zola, an giúmar dubh a chleachtaíodh Ian McEwan i leabhair ar nós 'The Cement Garden' agus 'First Love, Last Rites ', agus an tréadachas a chleachtaíodh Hardy agus Maupassant, chomh maith.

2. An airíonn sé go bhfuil sé ag scríobh faoi anáil aon scríbhneora ar leith?

Bhí sé faoina n-anáil sin ar fad nuair a scríobh se 'Le Gealaigh' agus 'An Gealas i Lár na Léithe, i dteannta fhilíocht Keats agus Shelly.

3. Cad é an fhealsúnacht atá taobh thiar dá chuid scríbhneoireachta ar ábhar an ghrá?

'Don't speak of love; show me ', a dúirt John Donne. Sin é  a fhealsúnacht ar ghrá. Tá sé sin go láidir

sa chnuasach GFC. Is maith leis an grá duineanda a léiriú. Is ann atá Libidó na colainne agus na cruthaitheachta. Is ionainn iad. Cruthaíonn gnéas an duine. Cruthaíonn cruthaitheacht ealaín. Féach ar an pictiúr 'Olympia' le Edouard Manet.

4. An bhfuil sainmhíniú dá chuid féin aige ar an ngrá?

Ní thuigeann conas a bheadh. Ar thóir sainmhínithe atá sé. Ar thóir na céille, an chiall atá le haon ní. Níl na freagraí aige. Tóraíonn sé grá trí ealaín a chuid focal. Níl suim aige sna freagraí. Dá mbeadh fáil aige orthu, ní bheadh sé ag scríobh. Is suimiúla an tóir ná an freagra deifnídeach. Is suimiúla an tóraíocht infinideach mar a dhein Cervantes i 'Don Quixote'.

5. Cén bhrí atá le téama na collaíochta i gcoitinne sna gearrscéalta ?

Nuair a thugann tú anuas anailís go dtí díreach collaíocht níl i gceist ach gníomhú na colainne sa phróiséas san. Féach laistiar faoi chúlra na collaíochta agus feicfir i gcomhthéacs áirithe é. Feicfir báidhiúlacht len a lán sórt daoine, striapaigh, daoine óga, daoine meán aosta single, daoine pósta,

sona agus míshona, homaighnéasaigh, heitrighnéasaigh ag iarraidh déileáil le mistéir a ndéachais, fireann agus baineann, anam agus corp. Toisc go dtarraingid ó chéile a úsáidimid iad. Tá san Freudach.

6. Cén aidhm a bhíonn aige ag scríobh?
Aidhm theagascúil? aidhm léitheoirí a mhealladh? caitheamh aimsire a chothú?
An aidhm a bhí aige ag tosnú ná a chur in iúl gur féidir aon ábhar is maith leis a ionramháil sa Ghaeilge, ná fuil de dhifear idir a leithéid de mhionteanga agus an Béarla nó an Fhraincís, mórtheangacha, ach go labhraíonn níos mó daoine B seachas A. Tá na mór-theangacha seanúsáidte. Níl faic scríofa i bprós na Nua-Ghaeilge fós, puinn. I ndairíre, is nósmhaireacht phrós an Bhéarla a leanann a lán scríbhneoirí Gaeilge.. Ní thuigid fairsinge na teanga.

7. An mbíonn sé ag iarraidh líon mór léitheoirí a mhealladh trí chúrsaí gnéis a tharraingt isteach?
Ní bhíonn. I dtosach, ba dhushlán dó scríobh ar chúrsaí gnéis, mar a léifeá faoi, abair, sa Bhéarla. Níl ann ach cuid den bheatha gur catailís rí-thábhachtach é. Ní maith leis go gcuirfeadh sé tabú na Giúd-Chríost-aíochta i bhfeidhm ar chúrsaí gnéis. Aosánach os

na seascaidí é.

8. An í an tsamhlaíocht an bua is mó ag scríbhneoir chruthaitheach?

Is furast a bheith samhlaíoch agus a leithéid de chúlra teangan agat. Ní raibh Béarla ag an údar go raibh sé trí bliana déag d'aois. Tá an-mheas aige ar gach aon teanga. Is céardaí focal é a shnaidhmíonn samhailteacha. Ní ghéilleann sé ins na móreachtraí seo ná tarlaíonn choíche agus as a dtagann athrú mór éigin nó as a bhfaighimid eipeafáine éigin. Ní naoimh sinn. Is suim leis an quotidien.

9. An gceapann an t-údar go bhfuil aibíocht in a chuid saothair anois?

Níl a fhios aige. Cuireann an síol agus geamhrann sé. B'fhéidir go dtugann sé barra. Caithfead dul sa tseans. Ní binn leis a bheith ina thost.

10. An dtugtar léargas cothrom do mhná agus d'fhir araon sna gearrscéalta?

Tugtar, Is maith leis scríobh faoi mhná i dtaobh gur fear é. Sin iad an anima ann. Eisean an animus iontu. Scoilteann sé na hadaimh ann féin ar nós

Einstein scríbhneora.

11. Tá roinnt scéalta sách fada agus easpa comhrá iontu. Cén fáth gur amhlaidh atá?
Tá urlabhra an fhochomhfheasa ina lán acu. Ní fear mór comhrá i scéalta é uaireanta, mar go mbriseann sé snáth te inmheánach an scéil. Tá an comhrá fuar, gnáthlaethúil. Is deise leis an comhrá faoistiniúil, an comhgas clúthair sin idir an scéalaí agus an léitheoir, fé mar atá sa scéal 'Cupa caifé Eile'. Tháinig an teideal ó amhrán cáiliúil le Bob Dylan.

12. An ag aoradh a bhíonn sé ar uairibh?
Aoir ar shaol clainne agus ar dlithe na hEaglaise?
Ní bhíonn sé i gceist go deo aige a bheith ag aoradh, ach ag adhradh. Adhraíonn sé daoine, a macántacht, a lagar, a mbige i bplean an Chruthaitheora ná bíonn ró-bháidhiúil go minic linn, Dia linn.
( Sin é an paradacsa go mairimíd laistigh dá chuing)

13. An bhfuil forbairt sásúil déanta aige ar phearsanra a chuid scéalta?
Sásúil ? Ní féidir daoine a shásamh, ná ní bheadh sé ag súil leis. Dar leis féin go bhfuil. Tá sé bródúil as an gcine daonna atá á chruthú aige laistigh

de bhraighdeanas a chruthaitheoireachta. Tugann fad a dtéide dóibh, saoirse an eisí.

14. An léargas aon-tréitheach a thugtar ar na carachtair? Anois, tagaimid thar n-ais go dtí an anailís as comhthéacs. Níl sa ghrá collaí ach slí sárchumasach chun grá daonna a léiriú. Is cuid dínn é. Ná himeallaimís é. Féach ar na carachtair i gcomhthéacs an téacs ina iomláine. Triailíonn sé carachtair a iomlánú, a thabhairt chun foirfeachta, go gcomhlíonfaidís gné uasal éigin dá n-eiseadh. Féach, 'Comhlíonadh', 'Bás Beag' , 'Le Gealaigh ' srl., buann siad.

15. An bhfaigheann an t-údar inspioráid agus spreagadh chun pinn ó chúrsaí gnéis?
Faigheann inspioráid ó ghaoth an fhocail, Logos a mháistir. Is loighceoir é. Ní shéanann sé a nádúr ach oiread. Féach Coirintigh 13.

16. An bhfuil iarracht den mheitificsean ar an scéal 'Ar Oilithreacht go Wessex'?
Tá eipeafáine an bhruadair (Oneric epiphany, vide;The Art of the Novel, Milan Kundera) i gceist ann. Is in ómós do Fowles agus Hardy a scríobh sé é agus é ina phrintíseach.

---

## CONCLÚIDÍ GINEARÁLTA
## ÓN ANAILÍS AR SHAOTHAIR NA n-ÚDAR ROGHNAITHE

Ríomhtar eispéaras ilghnéitheach an ghrá chollaí go héifeachtach, ar an iomlán, ag an tríur údar comhaimseartha seo.

I gcás an Bhreathnaigh, is trí dhomhan an fhir, trí shúile an fhir a bhreathnaítear ar ábhar an ghrá. Éiríonn leis comhbhá a chothú dá chuid carachtar idir fhir agus mhná. Cuirtear an grá inár láthair mar chuid lárnach den bheith, mar chuid thábhachtach den saol nach féidir is nach ceart a shéanadh. Is minic a thagann toradh diúltach ar an ngrá. Is dealraitheach go n-úsáidtear téama an ghrá aige mar mheafar chun coimhthíos na linne a léiriú. Léiríonn sé an-tuiscint ar an gcoinníoll daonna.

Agus Pádraig Standún i mbun pinn, léiríonn sé go bhfuil an-chur amach aige ar an duine daonna, an-tuiscint aige. Is minic a bhíonn aidhm theagascúil aige. Chuirfinn cómhartha ceiste ar chuid dá shaothair mar scríbhneoireacht chruthaitheach nuair is rí-léir gur bolscaireacht de shaghas eicínt a bhíonn de phríomh aidhm aige. Baineann sé feidhm as an mbolscaireacht

chun a neamhshásamh le dlithe na hEaglaise a árdú agus a chur os cómhair an phobail.

Fágann Pádraig Ó Cíobháin eachtraí móra as an áireamh. Gréasán smaointe na gcarachtar is mó a bhíonn idir lámha aige. Tá an tsíce agus an tsiceolaíocht fíor-thábhachtach dó. Uaireanta, is saothar trom doiléir a chruthaíonn sé, gan eachtraí nó comhrá ag baint leo. Ag briseadh amach as múnla an ghearrscéil a bhíonn sé.

Is féidir leis an mBreathnach scéal álainn a bhunú ar eachtra shimplí. Cothaíonn sé comhbhá i slí éasca nádúrtha. Bíonn greann agus Raibiléiseachas ag baint leis. Bíonn réimse iontach leathan foclóra ina chuid scéalta. Bíonn sé chomh foclach san go n-airíonn léitheoir, ar uairibh, go bhfuil sé báite sa chur síos ar an nádúr agus ar an dúlra ann.

Tá an Standúnach in ann an coinníoll daonna a mheas agus greann agus Raibiléiseachas a chothú, chomh maith. Máistir é ar an gcomhrá nádúrtha. Tá sé ina ann an gháirsiúlacht a láimhseáil i slí fíor-nádúrtha, a chuireann leis na scéalta. Bíonn an t-ábhar roinnt tanaí ar uairibh, gan fhorbairt iomlán ar charachtair. Agus an teagasc is an bholscaireacht sách tábhachtach don údar, tarlaíonn nach gcuireann sé go leor den bhéim ar fhorbairt na gcarachtar.

Foclóir leathan, an-chumhachtach a úsáideann Pádraig Ó Cíobháin. Tá inniúlacht ann féachaint isteach in intinn na gcarachtar a chruthaíonn sé agus a smaointe casta a nochtadh. Is féidir a áiteamh go mbíonn sé ró-fhoclach. Bíonn gontacht in easnamh ar a shaothair, ar an iomlán. Tá sé ró-thógtha lena áit dhúchais i slí rómánsúil, neamh-réalaíoch. Tá an greann is an Raibiléiseachas de dhíth air.

Baineann oscailteacht i gcúrsaí gnéis leis an triúr údar seo. Ní shéanann siad an nádúr. Glacann siad leis an gcollaíocht. Táid compórdach ag scríobh faoi mar ábhar, ach fealsúnacht difriúil a bheith taobh thiar díobh, triúr. Tá héadónachas ag baint le saothair Uí Chíobháin, an paisean is an phágántacht in aon leaba amháin. Tá macántacht ag baint leo uilig a thugann úire don saothair. Bíonn macántacht san ionramháil a dhéantar ar an ábhar.

Tíriúlacht agus Raibiléiseachas a bhain le saothrú na litríochta Gaeilge riamh. Tá fianaise ann go bhfuil na tréithe sin go láidir ag P. Breathnach agus P. Standún sa lá atá inniu ann agus coimeádtar nasc leis an sean litríocht sa chaoi sin.

'Sé an tuiscint bhreise a fhaightear ó staidéar a dhéanamh ar shaothair an triúir seo ná go bhfuil an grá collaí fíor-thábhachtach agus lárnach i

saol an duine. Cuid den saol é nach ceart a imeallú sa litríocht. Bheadh an litríocht mí-nádúrtha, neamh-réalaíoch, dá uireasa.

Déanann na húdair seo scagadh sásúil ar eilimintí an ghrá agus tugann siad breithiúnas cothrom. Ríomhann siad nádúr gabhlánach an chroí dhaonna. Goilleann coimhthíos an tsaoil nua aoise seo ar Ó Cíobháin agus ar an Standúnach go mór mhór. Bíonn siad in ann dul i ngleic le fadhbanna na linne, fadhbanna na sochaí nua-aoisí. Scríobhann Ó Cíobháin faoi thionchar réabhlóid na seascaidí. Is spéis dó i slí ar leith téama an aosánaigh ag teacht in inmhe. Is 'Bildungsroman' dá chuid é 'An Gealas i lár na Léithe'.

Éiríonn leo triúr sciar den saol iarbhír agus d'fhadhbanna an duine ann a léiriú i slí inchreidthe soléite

-----------------------------------------------

TAGAIRTÍ


1. Williams, Nicholas. An Gháirsiúlacht i Litríocht na Gaeilge . Comhar, Aibreán, 1977 (Léacht a thug An tOllamh N.Williams le linn Éigse na Tríonóide, Feabhra, 1977)

2. Williams, J.E. Caerwyn agus Máirín Ní Mhuiríosa. Traidisiún Liteartha na nGael. Baile Átha Cliath, 1979, 269

3. Ibid., 129

4. De Bhaldraithe, Tomás. " Mis agus Dubh Ruis ", Scríobh 4, Baile átha Cliath, 1979, 60

5. Ní Shéaghdha, Nessa. eag. Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne. Baile Átha Cliath 1967, 46

6. Schoepperle Loomis, Gertrude. Tristan and Isolt. New York, 1963

7. Ó Tuama, Seán. An Grá in Amhráin na nDaoine. Baile Átha Cliath, 1960

8. Titley, Alan. An t-Úrscéal Gaeilge.
Baile Átha Cliath, 1991, 75

9. Rinzema, J. The Sexual Revolution. Belfast,
1974

10. Titley, Alan. An t-Úrscéal Gaeilge.
Baile Átha Cliath, 1991, 54, 526, 538- 540

---

LEABHARLIOSTA

1. SAOTHAIR NA n-ÚDAR ROGHNAITHE


Breathnach, Pádraig. Bean Aonair agus Scéalta Eile. Baile Átha Cliath,Clódhanna Tta. 1974

Breathnach, Pádraig. Buicéad Poitín agus Scéalta Eile. Baile Átha Cliath, Clódhanna Tta., 1978

Breathnach, Pádraig. An Lánúin agus Scéalta Eile. Cathair na Mart, Foilseacháin Náisiúnta Tta., 1979

Breathnach, Pádraig. Na Déithe Luachmhara Deiridh. Baile Átha Cliath, Clódhanna Tta.,1980

Breathnach, Pádraig. Lilí agus Fraoch. Baile Átha Cliath, Clódhanna Tta.,1983

Breathnach, Pádraig. Ar Na Tamhnacha. Baile Átha Cliath, Clódhanna Tta.,1987

Breathnach, Pádraig. Íosla agus Scéalta Eile. Baile Átha Cliath, Clódhanna Tta., 1992

Standún, Pádraig. Súil le Breith .
Co. na Gaillimhe, Clódóirí Lurgan,
1983

Standún, Pádraig. A.D. 2016 .
Cló Chonamara, 1988

Standún, Pádraig. Cíocras.
Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta,
1991

Standún, Pádraig. An tAinmhí.
Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta
1992

Standún, Pádraig. Cion Mná.
Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta,
1993

Standún, Pádraig. Na hAintraipeologicals.
Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta,
1993

Ó Cíobháin, Pádraig. Le Gealaigh.
Baile Átha Cliath, Coiscéim,
1991

Ó Cíobháin, Pádraig. An Grá Faoi Cheilt.
Baile Átha Cliath, Coiscéim,
1992

Ó Cíobháin, Pádraig. An Gealas i Lár na Léithe.
Baile Átha Cliath, Coiscéim,
1992

---

LEABHAIR AGUS AILT A CEADAÍODH

De Bhaldraithe, Tomás. Scríobh 4.
Baile Átha Cliath, 1979

Denver, Gearóid. eag. Aistí Phádraic Uí Chonaire.
Indreabhán, 1978

Denver, Gearóid. 'Nótaí ón Imeall'. Léirmheas ar
A.D.2016 le P.Standún. Comhar,
Meitheamh, 1989

Denver, Gearóid. 'Ál an Fhathaigh', Comhar,
Nollaig, 1991

Denver, Gearóid. 'Na hAonaráin. Léirmheas ar
<u>Buicéad Poitín agus Scéalta Eile,</u>
le P.Breathnach, <u>Comhar</u>, Samhain 1978

Duffy, Katherine. Léirmheas ar <u>An Grá Faoi Cheilt,</u>
le P. Ó Cíobháin. <u>Comhar,</u>
Meitheamh , 1993

Mac Cóil, Liam. 'Idirshaol na Mianta'. Léirmheas ar
<u>Na Déithe Luachmhara Deiridh,</u>
le P. Breathnach. <u>Comhar,</u> Meitheamh 1981

Mac Craith, Mícheál. <u>Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá</u> .
Baile Átha Cliath, 1989

May, Rollo. <u>Love and Will.</u> London, 1970

Mercier, Vivien. <u>The Irish Comic Tradition.</u>
Oxford, 1962

Nic Pháidín, Caoilfhionn. Léirmheas ar <u>Súil le Breith,</u>
le P. Standún. Nollaig, 1983
<u>Comhar,</u> Nollaig 1983

Ní Shéaghdha, Nessa. *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne.* Baile Átha Cliath, 1967

Ní Shéaghdha, Nóra. *Peats na Baintreabhaighe.* Baile Átha Cliath, 1945

Ó Cadhain, Mairtín. *An Braon Broghach.* Baile Áta Cliath, An Gúm, 1938

Ó Caochlaigh, Barra. *Lucht Ceoil.* Baile Átha Cliath, 1932

Ó Cearúil, Mícheál. Léirmheas ar *Lilí agus Fraoch,* le P. Breathnach. *Comhar,* Aibreán, 1983

Ó Cianáin, Cormac. Léirmheas ar *Súil le Breith,* le P. Standún. *Comhar,* Feabhra, 1984

Ó Coigligh, Ciarán. Léirmheasanna ar *An tAinmhí* agus *Cion Mná* le P. Standún. *Comhar*, Deireadh Fómhair, 1993

Ó Conaire, Pádraig. *An Chéad Chloch*. Baile Átha Cliath, 1914

Uí Chonaire, Rhóda.'Ní gléas go gearrscéal'. Léirmheas ar _An Lánúin agus Scéalta Eile,_ le P. Breathnach, _Comhar_, Deireadh Fómhair, 1979

Ó Conaire, Pádraig. _Seacht mBua an Éirí Amach._ Baile Átha cliath, 1918

Ó Dúill, Gréagóir. Léirmheas ar _Cíocras,_ le P. Standún, _Comhar_ , Feabhra, 1992

Ó Dúshláine, Tadhg. _An Coimpléasc Priompallánach._ (prós na Gaeilge) _Comhar_, Nollaig, 1987

Ó Floinn, Críostóir. _Cóta Bán Críost._ Baile Átha cliath, Sáirséal agus Dill, 1968

Ó Gráinne, Diarmaid. Léirmheas ar _An tAinmhí,_ le P. Standún, _Comhar_, Nollaig, 1992

Ó Murchú, Maitiú. 'Saothar Daonnúil'. Léirmheas ar Bean Aonair agus Scéalta Eile, le P.Breathnach, Comhar, Iúil, 1974

Ó Riagáin, Brian. Léirmheas ar Cion Mná, le P. P. Standún. Comhar, Márta, 1994

Ó Súilleabháin, Diarmaid. Caoin Tú Féin, Baile Átha Cliath, Sáirséal agus Dill, 1967

Ó Tuama, Seán. An Grá in Amhráin na nDaoine. Baile Átha Cliath, 1960

Prút, Liam F. Léirmheas ar Ar na Tamhnacha, le P. Breathnach. Comhar, Márta, 1988

Rinzema, J. The Sexual Revolution. Belfast, 1974

Schoepperle Loomis, Gertrude. Tristan and Isolt. New York, 1963

Ó Murchú, Maitiú. 'Saothar Daonnúil'. Léirmheas ar Bean Aonair agus Scéalta Eile, le P.Breathnach, Comhar, Iúil, 1974

Ó Riagáin, Brian. Léirmheas ar Cion Mná, le P. P. Standún. Comhar, Márta, 1994

Ó Súilleabháin, Diarmaid. Caoin Tú Féin, Baile Átha Cliath, Sáirséal agus Dill, 1967

Ó Tuama, Seán. An Grá in Amhráin na nDaoine. Baile Átha Cliath, 1960

Prút, Liam F. Léirmheas ar Ar na Tamhnacha, le P. Breathnach. Comhar, Márta, 1988

Rinzema, J. The Sexual Revolution. Belfast, 1974

Schoepperle Loomis, Gertrude. Tristan and Isolt. New York, 1963

Sealy, Dubhghlas. Léirmheas ar Le Gealaigh,
le P. Ó Cíobháin, Comhar, Meitheamh,
1991

Titley, Alan. An t-Úrscéal Gaeilge.
Baile Átha Cliath, 1991

Ua Maoileáin, Pádraig. Bríde Bhán.
Baile Átha Cliath,
Sáirséal agus Dill, 1968

White, Victoria. 'A force of love in the west.'
Irish Times, May 7, 1994

Williams, J.E. Caerwyn agus Máirín Ní Mhuiríosa.
Traidisiún Liteartha na nGael.
Baile Átha Cliath, 1979

---